



Údarás Craolacháin na hÉireann

Aighneacht chuig Comhairliúchán Poiblí na Roinne
Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus
Comhshaoil faoi Ábhar Dochrach ar Ardáin Ar Líne a
Rialáil agus faoi Fheidhmiú na Treorach
Athbhreithnithe um Sheirbhísí Meán Closamhairc

Innéacs

Údarás Craolacháin na hÉireann.....	1
Brollach	7
Achoimre Fheidhmeach	10
Réamhrá	16
Roinn 1: Struchtúr Rialála (Snáitheanna 1 go 4)	20
1.1 Réamhrá	20
1.2 Saintréithe agus Cáilíochtaí an Rialtóra.....	20
1.3 An Struchtúr Rialála Barrmhaith.....	21
1.4 An Coincheap maidir le Rialtóir Meán Aonair	22
1.5 Samhail Rialála Roghnaithe Údarás Craolacháin na hÉireann.....	23
1.6 Ról an Údaráis.....	24
1.7 Struchtúr Rialachais an Rialtóra	25
1.8 Cur Síos Gairid ar an gCóras Rialála a Bheartaítear	26
1.8.1 Réasúnaíocht	26
1.8.2 Prionsabail, Cuspóirí, Dúshlán agus Tosca eile atá mar bhonn ag cur chuige an Údaráis maidir leis an gCóras Rialála	27
1.8.3 Príomhghnéithe den Chreat Rialála arna mholadh ag an Údarás	27
1.9 Na Forálacha AVMSD a chur i bhfeidhm ar gach cineál inneachair ar líne	30
1.10 Maoiniú na Scéime Rialála.....	31
1.11 Cad a theastaíonn i ndearadh reachtúil scéime den sórt sin?	32
2.1 An Cur Chuige atá Beartaithe maidir le Trasuí i gcomhair Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán.....	35
2.2 An Sainmhíniú ar Sheirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán.....	37
2.3 An Fheidhm atá ag na hOibleagáidí a Bhaineann le Soláthraithe VSP sa Treoir.....	39

2.3.1 Oibleagáidí faoi Airteagal 28b.....	40
2.3.2 Oibleagáidí faoi Airteagal 28b.....	43
2.4 <i>Príomhthuiscintí Dlíthiúla agus Dlínshiúla atá mar Bhonn ag Cur Chuige an Údaráis</i>	44
3.1 <i>Achoimre</i>	59
3.2 <i>Snáithe 1 – Moladh i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta</i>	60
3.3 <i>Aidhmeanna agus Cuspóirí an Choimisinéara Sábháilteachta Ar Líne</i>	60
3.4 <i>Dúshlán agus Breithnithe Praiticiúla maidir le Rialáil Sábháilteachta Ar Líne</i> 62	
3.5 <i>Feidhmeanna Féideartha Rialálaí Sábháilteachta Ar Líne (“OSR”)</i>	62
3.5.1 Feidhm 1: Fógraí maidir le hÁbhar Dochrach Ar Líne (“HOC”) a Bhaint	63
3.5.2 Feidhm 2: Cód maidir le hÁbhar Dochrach Ar Líne	65
3.5.3 Feidhm 3: Feasacht a Chur Chun Cinn	66
4.1 <i>Achoimre ar an gCur Chuige atá Beartaithe maidir le Trasuí</i>	68
4.2 <i>Rialáil Seirbhísí Meán Closamhairc</i>	69
4.2.1 Príomhathruithe le seirbhísí ar éileamh a rialáil	69
4.2.2 Oiriúnacht na ndualgas comhionann do sheirbhísí craolacháin líneacha agus ar éileamh	69
4.2.3 An caidreamh rialála idir seirbhísí ar éileamh Éireannacha agus rialtóir na hÉireann	70
4.2.4 An Timpeallacht Rialála do Sheirbhísí Craolacháin Teilifíse.....	71
4.3.2 Ar Éileamh: Tobhaigh ar Ábhair faoi Airteagal 13.....	73
4.3.3 Seirbhísí Meán Closamhairc Ar Éileamh: Airteagal 13: Saothair Eorpacha agus Tosaíocht.....	74
4.3.4 Tosaíocht agus Meáin na Seirbhíse Poiblí: Airteagal 7a	77
5.1 <i>An Comhthéacs Eorpach agus Idirnáisiúnta</i>	80
5.2 <i>An Treoir Ríomhthráchtála</i>	82
5.3 <i>Smachtbhannaí/Cumhachtaí</i>	84
5.3.1 Comhlíonadh agus Forfheidhmiú: Breithnithe Ginearálta	84

5.3.2 Prionsabail agus Cumhachtaí Comhlíonta agus Forfheidhmithe	85
5.3.2.1 Snáithe 1: Cumhachtaí um Chomhlíonadh	86
5.3.2.2 Snáithe 2: Cumhachtaí um Chomhlíonadh	86
5.3.3 Forfheidhmiú agus Smachtbhannaí.....	87
5.3.3.1 Forfheidhmiú: Cumhachtaí ginearálta an rialtóra a bhaineann le Snáithe 1 agus 2	87
5.3.4 Smachtbhannaí agus Fíneálacha.....	88
5.3.4.1 Na prionsabail a bhaineann le smachtbhannaí agus leibhéal na bhfíneálacha a chinneadh:	88
5.3.4.2 Fíneálacha Riaracháin	89
5.4 Conclúid	90
<i>larscríbhinn 1: Cinneadh a Dhéanamh an bhfuil Seirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán á Soláthar</i>	<i>93</i>
A1.1 Sainmhíniú Dlíthiúil ar Sheirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán	93
A1.2 In-dhícheangailteacht (dícheangal a dhéanamh): Creat chun na critéir dlíthiúla sa Sainmhíniú ar Ardán Comhroinnte Físeán a chur i bhfeidhm	94
A1.3 Príomhfheidhmeanna na Seirbhíse VSP agus Feidhmeanna Coimhdeacha na Seirbhíse VSP.....	95
A1.4 Seirbhísí VSP príomhchuspóra agus Seirbhísí VSP le Feidhmiúlacht Fhíor-Riachtanach	99
A1.4.1 Seirbhísí VSP Príomhchuspóra	99
A1.4.2 Seirbhísí VSP le feidhmiúlacht riachtanach	100
A1.4.3 Cuspóir an chritéir maidir le Feidhmiúlacht Fhíor-Riachtanach	100
A1.4.4 Cur i bhfeidhm Praiticiúil an Chritéir maidir le Feidhmiúlacht Fhíor-Riachtanach	101
A1.4.5 Sampla Praiticiúil: Feidhmiúlacht Fhíor-Riachtanach Iarbhír agus Chuiditheach	102
A1.4.6 Critéir Theicniúla agus Táscairí vs Iomas	103
A1.5 Uirlis chun Réamhfhaisnéis a Bhailiú.....	104
A1.6 Cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil Seirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán á soláthar	

Brollach

Cuireann Údarás Craolacháin na hÉireann fáilte roimh an deis a chion féin a chur leis an gComhairliúchán Poiblí faoi Ábhar Dochrach a Rialáil agus faoi Fheidhmiú na Treorach Athbhreithnithe um Sheirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD). Chuaigh timpeallacht na meán faoi athrú scafánta le deich mbliana anuas tráth ar tháinig an teilifís agus an t-idirlíon le chéile agus tráth ar tháinig cineálacha nua seirbhísí agus eispéireas chun cinn d'úsáideoirí. Níl an creat rialála chun dáta leis na hathruithe sin. Tá sé tráthúil anois go bhfuil gá an Treoir nua AVMSD a thrasú leis an gcomhdhearcadh idirnáisiúnta maidir leis an ngá atá ann dul i ngleic ar bhonn práinne le saincheist an ábhair dhochraigh agus cuirtear fáilte arís roimh an bpróiseas comhairliúcháin sin dá bharr.

De bharr na n-ardán meán atá bunaithe anseo, tá deis uathúil ag Éirinn ceannas a ghlacadh ar an díospóireacht agus bealach chun cinn a leagan amach maidir le sábháilteacht agus rialáil ar líne. Teastaíonn ceannaireacht ó rialáil na meán ar líne agus tá an tÚdarás ag déanamh a sheacht dhícheall é sin a thaispeáint leis an aighneacht seo. Leagamar amach thíos fíis le haghaidh rialáil na meán ar líne, cur chuige i leith a forfheidhmithe agus an réasúnaíocht le tacú léi. Trí dhul i ngleic leis na dúshláin sa domhan nua cróga seo, creideann an tÚdarás gur cheart dúinn a bheith misniúil agus praiticiúil. Mar gheall ar chastacht na gceisteanna lena mbaineann, ba cheart dúinn a bheith stuama ionas go seachnóimid iarmhairtí nach rabhthas ag súil leo. Beidh gá le machnamh cúramach agus scagadh ar roinnt ceisteanna.

Agus é ag tacú le scéim chuimsitheach rialála aonair, bhí leasanna agus cearta shaoránaigh na hÉireann, na hEorpa agus an domhain i gcroílár bhreithnithe an Údaráis. Rinneamar iarracht an fhís agus na prionsabail maidir le hiomláine timpeallacht na meán a chothromú le chomh praiticiúil is atá sé é a chur ag obair. I measc na bprionsabal bunúsach sin, tá éagsúlacht, iolarthacht agus ábhar atá ábhartha don chultúr a chinntiú, cosaint ó ábhar dochrach, saoirse cainte a chosaint, éagsúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha a éascú agus an comhrá daonlathach a chothú agus a fheabhsú.

An tOllamh Pauric Travers

**An Cathaoirleach
Údarás Craolacháin na hÉireann**

Achoimre Fheidhmeach

Achoimre Fheidhmeach

Chonacthas fás thar cuimse in úsáid ábhar ar líne thar raon líonraí, seirbhísí ar líne agus fearas nasctha in Éirinn, fearacht tíortha eile ar leibhéal Eorpach agus domhanda. Mar gheall ar an acmhainn mhéadaithe atá ann an t-idirlíon a úsáid mar uirlis chun tuairimí a mhúnlú agus dul i gcion orthu agus an úsáid mhéadaithe atá gach duine, idir shean is óg, ag baint as an idirlíon chun cumarsáid a dhéanamh, is léir go bhfuil rialáil chun cosaintí a chinntiú do lucht féachana agus do leanaí riachtanach, comhréireach agus réasúnta.

Tá rialacha suntasacha nua aontaithe ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh le haghaidh físeáin ar líne ar mhaithe le cothromaíocht níos láidre a bhaint amach idir rialú craolacháin agus físeáin ar an idirlíon a rialáil. Den chéad uair riamh, ceanglófar ar ardáin ar líne a bhfuil tóir orthu agus a ligeann d'úsáideoirí físeáin a uaslódáil deimhniú éifeachtach aoise agus sásraí scagaire teaghlaigh a thabhairt isteach d'úsáideoirí agus beidh sé de dhualgas orthu ról níos gníomhaí a ghlacadh maidir le hábhar ar a gcuid ardán a mhodhnú.

Ag an am céanna, tá sé ar intinn ag an Aire rialacha breise a thabhairt isteach chun sábháilteacht ar líne a fheabhsú d'áitritheoirí Éireannacha ar ardáin áirithe ar líne – ní hamháin iad sin a chuireann físeáin ar fáil – agus chun ardáin a spreagadh le ról níos láidre a ghlacadh chun dul i ngleic le saincheisteanna amhail an chibearbhulaíocht.

Léirigh rialtais, grúpaí abhcóideachta agus cuideachtaí meán sóisialta araon go bhfuil fonn orthu creat rialála a bhunú i gcomhair breis rialála ar an idirlíon. Tá comhairliúchán an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil faoi Ábhar Dochrach ar Ardáin Ar Líne a Rialáil agus faoi Fheidhmiú na Treorach Athbheithnithe um Sheirbhísí Meán Closamhairc tráthúil dá bhrí sin, agus cuirtear fáilte roimhe.

Fís Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le Rialáil na Meán in Éirinn

Is é Údarás Craolacháin na hÉireann ("an tÚdarás") an rialtóir neamhspleách le haghaidh craoltóirí raidió agus teilifíse in Éirinn. I measc fheidhmeanna an Údaráis, tá seirbhísí raidió agus teilifíse poiblí, tráchtála agus pobail a rialáil, cóid agus rialacha craolacháin a dhéanamh, agus maoiniú a chur ar fáil le haghaidh clár agus cartlannú a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann.

Tugtar deis le cur i bhfeidhm na Treorach nua agus na pleananna le haghaidh creat náisiúnta i gcomhair sábháilteacht ar líne a bhfuil cuntas orthu i gcomhairliúchán an Aire chun fís a fhorbairt maidir leis na meáin ar líne a rialáil sa todhchaí. Ina aighneacht, leagann an tÚdarás amach a fhís agus tugann sé cuntas ar an gcaoi ina bhféadfaí an fhís sin a chur i gcrích go praiticiúil. Agus machnamh mór déanta ar an gceist, agus ag tarraingt ar a thaithí rialála féin, tá an tÚdarás den tuairim gurb é an bealach is éifeachtaí a fhéadfar rialachán nua a thabhairt isteach le haghaidh físeáin ar líne agus le haghaidh rialú nua sábháilteachta ar líne d'áitritheoirí na hÉireann ná trí scéim rialála chuimsitheach aonair agus rialtóir a thabhairt isteach.

I dtuairim an Údaráis, nuair a thugtar rialacha nua isteach trí scéim rialála chuimsitheach aonair agus rialtóir, cruthaítear deis chun fís a fhorbairt maidir le hábhar meán a rialáil thar gach ardán agus seirbhís sa todhchaí ina bhféachtar, ina chroílár, le freastal ar lucht féachana agus ar úsáideoirí sa timpeallacht

nua meán agus iad a chosaint. Ba cheart don rialtóir aird a bheith aige ar chuspóirí níos leithne an ábhair agus na seirbhísí a fhreastalaíonn ar shaoránaigh - Éagsúlacht agus Iolarthacht a chinntiú; Saoirse Tuairimíochta a chur chun cinn; an comhrá daonlathach a chothú agus a bhreisiú; agus éagsúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha a éascú.

Tairgeann an cur chuige seo na deiseanna agus na réitigh is fearr chun lucht féachana agus úsáideoirí a chosaint agus tacú leo, agus cinnteoidh siad:

- Go mbeidh comhsheasmhacht ag baint le cur i bhfeidhm fhorálacha na Treorach agus na reachtaíochta náisiúnta;
- Go mbeidh soiléireacht ann don lucht féachana agus d'úsáideoirí;
- Éifeachtúlacht do Rialtas na hÉireann, Institiúidí na hEorpa agus rialtóirí Eorpacha eile agus iad i mbun oibre le rialtóirí aonair;
- Éifeachtúlachtaí oibríochta;
- Cumas méadaithe freagairt do nádúr athraitheach na seirbhísí atá le rialáil, athruithe ar phatrúin úsáide sna seirbhísí sin agus i rialáil seirbhísí nua, agus
- Tionscnaimh a éascú ar fud na hearnála chun freagracht agus feasacht maidir le sábháilteacht ar líne a chur chun cinn agus saincheisteanna rialála eile i measc an daonra agus an tionscail tríd is tríd.

Ag glacadh leis an taithí rialála fhorleathan i réimse na rialála closamhairc agus i gcur i bhfeidhm na bprionsabal maidir le hinneachar ar fud na hearnála, thacódh an tÚdarás leis an togra comhairliúcháin ina samhlaítear go gcruthóidh an tÚdarás croílár an údaráis nua rialála. Déantar tuilleadh plé air sin sa cháipéis aighneachta.

Struchtúr Rialachais

Cé go dtacaíonn an tÚdarás leis an gcreat rialála mar a bhfuil cuntas air thuas, tá sé den tuairim go gcaithfear tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an gcur chuige il-duine atá beartaithe ag an gCoimisiún. Déanann an tÚdarás machnamh agus measúnú ar na cineálacha difriúla struchtúr rialachais a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach don chomhlacht nua rialála ina fhreagra ar an gcomhairliúchán. Creideann sé go dteastaíonn tuilleadh plé, níos mionsonraithe ón gceist seo agus d'fháilteodh sé an deis é sin a dhéanamh leis an Aire sa chéim trasuite.

An Cur Chuige Rialála

San aighneacht seo, déanann an tÚdarás cur chuige rialála beartaithe a leagan amach maidir le gach ceann de na ceithre phríomhshnáithe a bhfuil cuntas orthu sa doiciméad comhairliúcháin. Ar cheann de na príomhrudaí a chabhraigh le cinntiú an Údaráis, bhí an cheist maidir le scála, i dtéarmaí líon na seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith le rialáil agus i dtéarmaí líon na n-úsáideoirí seirbhíse. Léirítear na comaoineacha sin i ngach ceann de na tograí mar atá leagtha amach thíos:

Snáithe 1: Dílthe nua faoi shábháilteacht ar líne a bhainfeadh le daoine atá ina gcónaí in Éirinn

Cuireann an tÚdarás fáilte roimh rún an Aire chun rialáil a thabhairt isteach chun daoine atá ina gcónaí in Éirinn a chosaint ar ábhar dochrach ar líne.

Mar a thugtar le fios i bhfreagra an Údaráis ar an gcomhairliúchán, luann an tÚdarás nuair a chónasctar rialáil ábhar closamhairc faoin Treoir le rialáil na sábháilteachta ar líne go mbíonn buntáistí suntasacha

aige sin ó pheirspictíocht lucht féachana agus úsáideoirí ardáin de, daoine b'fhéidir nach ndéanann idirdhealú idir cineálacha inneachair i gcomhthéacs ar líne. Ba cheart go gcinnteofaí leis an gcur chuige rialála a ghlahtar go gcuirtear rialáil ábhar closamhairc agus rialáil na sábháilteachta ar líne i bhfeidhm ar bhealach ar leithligh ach a chomhlánaíonn cuspóirí straitéiseacha ailínithe, ag cur béim ar shineirgí nuair is féidir ach ag aithint na ndifríochtaí freisin nuair is cuí.

Creideann an tÚdarás gur chóir go mbeadh sé de chumhacht ag an rialtóir díobhálacha ar líne a leigheas trí fhógraí a eisiúint chun ábhar dochrach ar líne a bhaint thar ceann daoine atá ina gcónaí in Éirinn a raibh tionchar díreach ag ábhar dochrach ar líne orthu. San fhadtéarma, measann an tÚdarás go bhforbrófar agus go bhforfheidhmeofar cód sábháilteachta ar líne a bheidh le cur i bhfeidhm ar phríomhsholáthraithe seirbhíse ar líne na hÉireann d'fhonn dochair ar líne a íoslaghdú i gcoitinne. Molann an tÚdarás freisin ról don rialtóir chun feachtas a chur chun cinn maidir le ceisteanna sábháilteachta ar líne i measc an phobail agus an tionscail d'fhonn díobhálacha ar líne a chosc go fadtéarmach.

Snáithe 2: Ardáin Comhroinnte Físeán a Rialáil (e.g. YouTube)

Léirítear sa Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc tionchar méadaithe na gcineálacha nua seirbhísí a chuireann ábhar closamhairc ar fáil ar líne agus don lucht féachana a aimsíonn siad. Den chéad uair riamh, iarrtar ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh seirbhísí ardáin comhroinnte físeán amhail YouTube a rialáil ar an idirlíon. I measc na réimsí fócais tá cosaint mionaoiseach, cionta coiriúla áirithe a chomhrac, rialacha fógraíochta a thabhairt isteach agus gríosú chun foréigin nó fuatha a chosc. Tá an Treoir athbhreithnithe beartaithe chun díobhálacha “comhchoiteanna” a leigheas do ghrúpaí daoine seachas díobhálacha díreacha do dhaoine aonair amhail sábháilteacht ar líne.

Molann an tÚdarás gur cheart do rialtóir reachtúil rialáil dhíreach a dhéanamh ar ardáin comhroinnte físeán. Ba cheart rialacha na Treorach a fhorfheidhmiú trí reachtaíocht agus cóid reachtúla. Ba cheart go mbeadh cosaint bunúsacha don tsaoirse cainte ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán cumhdaithe sna cóid sin agus ba cheart dul i ngleic freisin le ceisteanna cosanta suntasacha a thagann chun cinn ar sheirbhísí den chineál sin i ndáil le físeán.

Tá Éire freagrach as rialáil a dhéanamh ar na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán atá bunaithe in Éirinn le haghaidh na hEorpa ina hiomlán. Tá formhór na soláthraithe is mó san Eoraip de sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán, ar nós Facebook, Google agus Twitter – lonnaithe in Éirinn. Tá cúram níos mó dá bhrí sin ar Éirinn faoin Treoir i dtaca le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán ná mar atá ar aon Bhallstát eile san Aontas.

Tá an méid rannpháirtíochta a bhíonn ag úsáideoir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán suntasach – tá os cionn 278 milliún úsáideoir laethúil ag Facebook san Eoraip agus breathnaítear ar os cionn billiún uair an chloig d'fhíseáin ar YouTube gach lá – agus ní mór cúrsaí scála a léiriú in aon chur chuige rialála beartaithe. Chun an cheist sin a bhainistiú, feiceann an tÚdarás go mbeadh an rialtóir meán freagrach as rialacha agus rialáil ardleibhéil a fhorbairt, agus ansin measúnú a dhéanamh ar na bearta atá curtha i bhfeidhm ag ardáin comhroinnte físeán chun na rialacha sin a fhorfheidhmiú. Samhlaíonn an tÚdarás freisin córas gearán láidir agus trédhearcach agus sásra neamhspleách achomharc mar chuid den chreat rialála sin.

Snáithe 3: Seirbhísí ar éileamh a rialáil (e.g. Seinnteoir RTÉ, seinnteoir Virgin Media, iTunes)

Samhlaítear sa Treoir athbhreithnithe go mbeidh deis níos cothroime i gcúrsaí rialála idir seirbhísí craolacháin teilifíse agus seirbhísí ar éileamh cosúil le seinnteoir RTÉ nó Cainéil YouTube. Iarrfar ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ról níos gníomhaí a ghlacadh ó thaobh seirbhísí ar éileamh a rialáil trí chaighdeáin cosanta agus freagrachta níos airde a chruthú i réimsí cosúil le fógraíocht, cosaint mionaoiseach, inrochtaineacht, fuathchaint agus gríosú chun foréigin.

Fáiltíonn an tÚdarás roimh níos mó comhsheasmhachta rialála idir seirbhísí ar éileamh agus seirbhísí craolacháin líneacha a léiríonn na patrúin úsáide atá ag athrú i measc an lucht féachana. Tá méadú i gcónaí ar úsáid na seirbhísí ar éileamh in Éirinn, agus bíonn os cionn 50% de dhaoine fásta in Éirinn ag breathnú ar ábhar closamhairc go rialta trí na hardáin sin anois.

Tá an tÚdarás den tuairim gurb é an bealach is iomchuí chun rialacha nua na Treorach athbhreithnithe do sheirbhísí ar éileamh a thabhairt isteach ná trí rialáil reachtúil agus cóid reachtúla, agus chun ról a shannadh don rialtóir reachtúil chun maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí ar éileamh. Theastódh machnamh a dhéanamh sa chur chuige seo maidir leis an meicníocht is éifeachtaí chun líon suntasach seirbhísí breise ar éileamh atá cumhdaithe ag an Treoir a rialáil, agus meastar go bhfuil ann do chúpla míle seirbhís den chineál sin in Éirinn.

Molann an tÚdarás gur chóir don chreat rialála le haghaidh seirbhísí ar éileamh ligean don rialtóir cur chuige ‘riosca-bhunaithe’ a ghlacadh maidir le rialáil d’fhonn saincheisteanna scála a bhainistiú agus chun ligean dó acmhainní rialála a leithdháileadh go stuama lena chinntiú go bhfaighidh leasanna lucht féachana an chosaint is fearr.

Snáithe 4: Mionathruithe ar Rialáil na Craoltóireachta Teilifíse Líní

Freastalaíonn raon leathan craoltóirí líneacha ar lucht féachana agus lucht éisteachta in Éirinn, agus tá ról luachmhar acu go léir ó thaobh rogha agus éagsúlacht a thabhairt do lucht féachana na hÉireann. D’fhéach an tÚdarás le hinneachar atá ildánach, nuálach agus ábhartha ar bhonn cultúrtha a chothú do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann thar gach ardán craolacháin.

Luann an tÚdarás an ról ríthábhachtach atá ag craoltóirí i soláthar nuachta agus cúrsaí reatha, a naisc láidre le stát na hÉireann agus lena chultúr, agus an ról lárnach atá acu i gcruthú ábhar Éireannach. Tugann tábhacht leanúnach na craoltóireachta do stát na hÉireann agus dá chultúr cosaint don chur chuige maidir le rialáil atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le craoltóirí líneacha in Éirinn, ina gcuimsítear go leor nithe atá lasmuigh de raon feidhme na Treorach, amhail ceanglais maidir le hionannacht na meán agus neamhchlaontacht a chinntiú i gcumhdach nuachta agus cúrsaí reatha.

Éilítear sa Treoir athbhreithnithe ar Bhallstáit deis níos cothroime a chinntiú san áit mhargaidh closamhairc trí chaighdeáin chosanta a mhéadú in ionad iad a dhéanamh níos laige. Dá bharr sin, ba cheart leanúint de rialú na craoltóireachta líní, seachas a mhéid is go bhféadfaí athruithe a dhéanamh de bhun na Treorach athbhreithnithe. Áirítear leo sin rialacha lena rialaítear socrúchán fógraíochta agus táirgí.

An Réamhrá

Réamhrá

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann ("an tÚdarás") ar an 1 Deireadh Fómhair 2009 mar rialtóir neamhspleách le haghaidh craolachán raidió agus teilifíse in Éirinn. Tá raon cuspóirí agus feidhmeanna ag an Údarás lena n-áirítear iad seo a leanas:

- soláthar clár atá ar ardchaighdeán, éagsúil, agus nuálach a spreagadh;
- craoltóirí seirbhíse poiblí a éascú fad is a chomhlíonann siad a gcuspoirí seirbhíse poiblí;
- iolarthacht rialaithe a chur chun cinn sna hearnálacha tráchtála agus pobail;
- timpeallacht rialála a chur ar fáil:
 - o a chothaíonn iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaonta;
 - o a chothaíonn comhlíonadh an dlí fostaíochta;
 - o a thugann cosaint do leasanna leanaí;
 - o a éascaíonn earnáil craolacháin a fhreagraíonn do riachtanais lucht féachana agus atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas;
 - o a chuireann forbairt leagan amach clár Gaeilge agus seirbhísí craolacháin i nGaeilge chun cinn agus a spreagann é.

Maoinítear an tÚdarás trí thobhach a ghearrtar ar gach craoltóir ag a bhfuil ceadúnas sa Stát.

Tá an tÚdarás, agus a réamhtheachtaí, freagrach as rialáil na hearnála craolacháin in Éirinn le deich mbliana fichead anuas. San am sin, tháinig athrú ar a fhócas agus ar a ghníomhaíochtaí rialála chun freagairt do thimpeallacht athraithe na meán a tharla de bharr forbairtí teicneolaíochta, iomaíochas níos mó, dúshlán fógraíochta agus, níos suntasaí fós, patrúin athraithe ar úsáid na meán.

Chonacthas fás thar cuimse in úsáid físeán ar líne thar raon líonraí agus fearas nasctha in Éirinn, fearacht tíortha eile ar leibhéal Eorpach agus domhanda. Táthar ag súil go rachaidh an treocht sin i méid tuilleadh. Fágann inmhalartaitheacht na seirbhísí sin do chraoltóirí líneacha go bhfuil cumas méadaithe ag na seirbhísí sin tuairimí a mhúnlú agus a threorú anois.

Chun an tírdhreach closamhairc atá ag athrú a léiriú, d'aontaigh Ballstáit an Aontais ar Threoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ("an Treoir athbhreithnithe") ina bhféachtar le freagrachtaí na gcráoltóirí teilifíse líní a chothromú le príomhsholáthraithe físeán ar líne, is iad sin go príomha seirbhísí meán closamhairc ar éileamh agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán.

Mar a thugtar le fios sa doiciméad comhairliúcháin, má táthar chun an Treoir athbhreithnithe a chur i bhfeidhm caithfear athruithe suntasacha a dhéanamh ar an mbealach a rialaítear an t-inneachar closamhairc in Éirinn.

Cuireann an tÚdarás fáilte roimh an deis a bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán poiblí seo ar *Ardáin Ar Líne agus Cur i bhFeidhm na Treorach Athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc*. Ó foilsíodh an Treoir athbhreithnithe i mí na Nollag 2018, tá an tÚdarás i mbun machnaimh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an timpeallacht meán agus ar an gcreat rialála is oiriúnaí chun éifeacht a thabhairt do na forálacha éagsúla sa Treoir.

Ag an am céanna, bhí an tÚdarás i mbun machnaimh ar nithe a eascraíonn as an ngné den chomhairliúchán a bhaineann le Ábhar Dochar ar Ardáin Ar Líne a Rialáil. Mar a thugtar le fios san aighneacht seo, tugann an tÚdarás faoi deara an cumas atá ann cur chuige comhlántach ach ar leithligh

Réamhrá

a ghlacadh maidir le hinneachar dochrach ar líne agus seirbhísí meán closamhairc a rialáil faoi Threoir atá chun leasa an phobail.

Tugtar freagra in aighneacht an Údaráis ar na nithe go léir a bhfuil cuntas orthu sa doiciméad comhairliúcháin, ag tabhairt ar aird an chuir chuige rialála is oiriúnaí faoi gach ceann de na ceithre Shnáithe. Leagtar síos freisin conas a fhéadfar na seirbhísí sin a rialáil, ag dul i ngleic le nithe cosúil le scála, saoirse tuairimíochta a chur chun cinn agus éagsúlacht agus iolarthacht a chinntiú.

Ba mhaith leis an Údarás buíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil as an deis a fháil freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán. Bheadh an tÚdarás sásta soiléiriú nó míniú breise a thabhairt ar aon cheann de na freagraí atá tugtha sa doiciméad, más gá.

Roinn 1: Struchtúir Rialála Snáitheanna 1 go 4)

Roinn 1: Struchtúir Rialála (Snáitheanna 1 go 4)

C12	<p>Tá roghanna féideartha maidir le struchtúir rialála chun rialáil na gceithre shruth a chur chun cinn luaite sa nóta míniúcháin a ghabhann leis na ceisteanna seo. Áirítear leis na roghanna sin:</p> <ul style="list-style-type: none">• Údarás Craolacháin na hÉireann a athstruchtúró mar Choimisiún Meán a bheadh freagrach as na ceithre shnáithe.• Dhá fhoras rialála. An fhreagracht as seirbhísí eagarthóireachta, e.g. seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, a shannadh d'Údarás Craolacháin na hÉireann ach athstruchtúró a bheith déanta air, agus foras rialála eile a bhunú a bheadh freagrach as seirbhísí neamheagarthóireachta ar líne, e.g. Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán. <p>An bhfuil rogha ar bith de na roghanna sin níos oiriúnaí ná a chéile, nó an bhfuil rogha ar bith eile ann ar chóir é a bhreithniú?</p>
C. 13	<p>Conas ba chóir an foras nó na forais rialála a roghnófaí a mhaoiniú, ag glacadh san áireamh na catagóirí éagsúla seirbhísí atá le rialáil? [Cuid 5 den nóta míniúcháin]</p>

1.1 Réamhrá

Chun freagra a thabhairt ar cheist 12 agus ar cheist 13 ón Roinn, cuirtear tús leis an gcuid seo de fhreagra comhairliúcháin an Údarais trí phlé a dhéanamh ar na saintréithe agus na cáilíochtaí riachtanacha a bheidh de dhíth ar rialtóir a bheidh ag feidhmiú i gcreat rialála atá beartaithe chun éifeacht stuama a thabhairt do na cuspóirí agus na forálacha sa Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus dul i ngleic le saincheisteanna práinneacha maidir le Sábháilteacht Ar Líne, go háirithe iad siúd a dhéanann difear do mhionaoisigh. Agus míniú á thabhairt aige ar na cúiseanna atá leis an tsamhail rialála shainroghnaithe, breithníonn an tÚdarás ar dtús báire an coincheap maidir le rialáil closamhairc agus na sábháilteachta ar líne a chónascadh. Leanann sé air agus molann sé gur chóir don Údarás ról ceannaireachta a bheith aige sa struchtúr rialála agus déanann plé ar na cuir chuige dhifriúla a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir le struchtúr rialachais an rialóra nua. Tugtar achoimre den réasúnaíocht agus de phríomhghnéithe na scéime rialála a mheasann an tÚdarás atá riachtanach chun na cuspóirí atá leagtha síos i dtograí an Aire a bhaint amach. Téann an tÚdarás i ngleic as féin leis an togra chun síneadh a chur le forálacha na Treorach AVMS chuig gach ardán ar líne. Ar deireadh, leagann an tÚdarás amach a thogra maidir leis an gcóras rialála a mhaoiniú.

1.2 Saintréithe agus Cáilíochtaí an Rialóra

Caithfidh struchtúr an rialóra agus na cumhachtaí atá aige tacaíocht a thabhairt d'aidhmeanna na Treorach agus an Mholta i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta maidir le sábháilteacht ar líne.

Dá réir sin, beidh sé riachtanach don rialtóir a bheith in ann coinneáil suas leis an timpeallacht ar líne a bhíonn ag athrú de shíor, mar aon le hathruithe ar iompar úsáideoirí agus an bealach ina mbíonn siad ag gabháil don inneachar sin. Ina theannta sin, caithfidh an rialtóir a bheith ar an eolas maidir leis na héilimh in áit an mhargaidh agus an gá atá ann tacú leis an nuálaíocht ó thaobh inneachair agus seirbhísí do lucht féachana agus d'úsáideoirí.

Is féidir cur síos leathan a dhéanamh ar shaintréithe agus ar cháilíochtaí riachtanacha an rialóra nua a theastaíonn chun dul i ngleic go héifeachtach le dúshlán na timpeallacht rialála ina bhfeidhmeoidh siad, faoi cúig phríomhcheannteideal:

- **Straitéiseach:** an cumas treo straitéiseach a leagan síos agus fíis a chruthú don eagraíocht nua ag céim luath agus beartais chuimsitheacha a fhorbairt chun éifeacht a thabhairt do chuspóirí na Treorach agus don Mholadh i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta.
- **Eolas agus Saineolas:** beidh gá le heolas grinn agus tuiscint fhorbartha ar an timpeallacht dhlíthiúil, beartais agus rialála Eorpach agus an comhthéacs níos leithne ina bhfeidhmíonn sé (i.e. an Margadh Aonair Digiteach Eorpach), chomh maith le heolas grinn agus tuiscint fhorbartha ar shábháilteacht ar líne agus an dochar atá in ann tarlú. Beidh eolas agusaineolas freisin mar bhonn is mar thaca ag cumas an rialóra beartais chuimsitheacha a fhorbairt go luath ag tráth bunaithe na heagraíochta nua agus forbairtí a leagan amach agus freagairt dóibh sa timpeallacht rialála closamhairc agus sábháilteachta ar líne.
- **Cinnteoireacht:** beidh ríthábhacht le struchtúir agus próisis láidre cinnteoireachta chun cinnteoireacht údarásach a éascú, rud a chruthaíonn iontaobh go poiblí agus atá ábalta grinnscrúdú dlíthiúil agus rialála a sheasamh.
- **Cumarsáid:** teastaíonn cumarsáid, comhoibriú agus caibidlíocht le hinstiúidí agus gníomhaireachtaí rialála Náisiúnta agus Eorpacha, chomh maith le príomhghníomhaithe eile san earnáil, agus cumas freagairt leis an oiread údaráis is atá iomchuí agus práinne do shaincheistanna conspóideacha chun leasa an phobail de réir mar a thagann siad chun cinn – ní hamháin ar leibhéal náisiúnta ach freisin ar leibhéal uile-Eorpach.
- **Acmhainní:** ba cheart don rialtóir rochtain a bheith aige ar an raon acmhainní atá riachtanach chun cuspóirí na reachtaíochta a sheachadadh, lena n-áirítear na hacmhainní beartais, daonna, airgeadais, dlí agus teicniúla, chun beartas a leagan síos go húdarásach, é a rialú agus, nuair is gá, gníomhaíochtaí comhlíontachta agus forfheidhmithe iomchuí a ghlacadh. Beidh tábhacht go háirithe le hacmhainní teicniúla chun réitigh dhigiteacha a chur i bhfeidhm chun nithe a thiocfaidh chun cinn faoin Treoir agus faoin Moladh i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta a réiteach, lena n-áirítear, mar shampla córais chlárúcháin agus córais bailithe faisnéise leictreonaí a chur i bhfeidhm. Beidh gá leis na hacmhainní cuí chun samhail féinmhaoinithe a chur i bhfeidhm chun tacú lena ghníomhaíochtaí rialála agus an cumas córas tobhaigh inneachair a fhorbairt chun tacú le hinneachar Eorpach a chruthú agus beidh siad sin ag teastáil go luath i bhforbairt na heagraíochta.

1.3 An Struchtúr Rialála Barrmhaith

Tá sé beartaithe sa Mholadh i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta arna thíolacadh ag an Aire scéim rialála a thabhairt isteach den chéad uair in Éirinn chun ábhar dochrach ar líne a rialáil. Fágann trasuí na Treorach (AVMSD) go leathnaítear forálacha Threoir 2010 maidir le seirbhísí ar éileamh agus tugtar isteach roinnt gnéithe an-nua chuig réimse na rialála closamhairc agus seirbhísí VSP á dtabhairt faoi raon feidhme na rialála den chéad uair. Agus aird á tabhairt ar thogra an Aire rialú inneachair closamhairc agus dochrach ar líne a thabhairt le chéile in aon ghníomhaireacht rialála meán amháin nach bhfuil a lán fasach idirnáisiúnta aici, rinne an tÚdarás iniúchadh ar an gcéad dul síos ar an

gcoincheap maidir leis an dá réimse sin a chumas in aon struchtúr rialála amháin roimh fhreagra a thabhairt ar an gceist maidir leis an struchtúr is oiriúnaí agus an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an Údarás in eagraíocht den sórt sin.

1.4 An Coincheap maidir le Rialtóir Meán Aonair

Riamh anall, bhain an réasúnaíocht maidir le hinneachar craolacháin a rialáil leis an tuairim gur measadh é mar mheán cumhachtach cumarsáide poiblí a raibh an-tionchar aige. Agus, leis sin, tugadh údar maith do lucht féachana a bheith in ann leas a bhaint as raon cosaintí cosúil le córais gearán reachtúla, agus teidlíochtaí maidir lena leithéid de chosaintí. Mar aon le cosaintí a chinntiú do lucht féachana, díritear go príomha sa rialáil craolacháin freisin ar inneachar atá saibhir ar bhonn cultúrtha agus atá éagsúil ó thaobh teanga do lucht féachana náisiúnta agus Eorpach a chinntiú agus ar thacaíocht a thabhairt don chomhrá daonlathach ach iolarthacht a chinntiú in úinéireacht agus rialáil seirbhísí meán agus i soláthar inneachair nuachta, faisnéise agus cúrsaí reatha neamhchlaonta d'úsáideoirí na seirbhísí.

Bhí athruithe ar iompar lucht féachana sna deich mbliana ó leagan roimhe sin na Treorach lárnach don réasúnaíocht maidir le cosaintí do lucht féachana a leathnú agus a neartú chuig seirbhísí meán closamhairc ar éileamh ("seirbhísí ar éileamh") cosúil le Netflix agus YouTube.

Cinntítear leis an Treoir go dtiocfaidh méid áirithe de na rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí craolacháin agus seirbhísí ar éileamh le chéile ar fud an Aontais Eorpaigh, agus, chuige sin, cinntítear go mbeidh deis chothrom agus áit mhargaidh níos cothroime ann d'inneachar closamhairc, ag léiriú athruithe ar phatrúin iompair agus tomhaltais lucht féachana.

Ar an gcaoi chéanna, toisc go bhfuiltear ag cuimsiú seirbhísí ardáin comhroinnte físeán taobh istigh de raon feidhme na Treorach nua den chéad uair, táthar ag tabhairt aitheantas reachtúil breise, atá antábhachtach, do na hathruithe san éiceachóras d'inneachar closamhairc le blianta beaga anuas agus é á spreagadh ag fonn atá ann na cosaintí atá ag lucht féachana a neartú agus léiriú breise a thabhairt ar nósanna tomhaltais inneachair atá ag athrú.

Ag teacht le forbairtí sa timpeallacht inneachair closamhairc, tá éabhlóid na seirbhísí meán sóisialta - ar seirbhísí ardáin comhroinnte físeán cuid mhaith *díobh*, nó tugann siad *rochtain ar* na seirbhísí sin - ina ngnéithe uileláithreacha de ghnáthshaol daoine anois, beag beann ar aois. Ag éirí as forbairtí den sórt sin, is gá do rialtais timpeall an domhain anois níos mó ná riamh freagairt d'ábhar imní maidir le sábháilteacht ar líne. Tuigtear go bhfuil práinn le freagairt bheartais phoiblí láidir agus tugann an tÚdarás aitheantas don deis a chuirtear i láthair, chomh maith leis an sineirgí a d'fhéadfaí a bhaint amach, maidir le trasú na Treorach athbhreithnithe a chónascadh le rialáil na sábháilteachta ar líne – agus é a chur ar bhonn reachtúil slán – in ainneoin na ndifríochtaí a fheictear san fhócas ar gach réimse rialála.

Cé go gcomhlíonann rialú closamhairc roinnt cuspóirí difriúla le hais mar a dhéanann rialú na sábháilteachta ar líne, tá sé tábhachtach a aithint nach dóigh go ndéanfaidh úsáideoir idirdhealú idir na foirmeacha difriúla a d'fhéadfadh inneachar a ghlacadh ar ardán i.e. bíodh sé i bhfoirm chlosamhairc, mar íomhá shocair nó i bhfoirm téacs. Sa chomhthéacs sin, tá cás láidir ag an réasúnaíocht a bhaineann le heintiteas rialála amháin a bheith ann chun díobhálacha a éiríonn as inneachar

closamhairc agus cineálacha eile inneachair dhíobhálaigh a chumhdach, agus léiríonn moltaí an Aire go ndéanfar inneachar ar líne atá díobhálach a sheachadadh go minic trí na fearais agus na hardáin chéanna le hinneachar closamhairc atá laistigh de raon feidhme na Treorach athbhreithnithe.

Má táthar chun an Treoir nua a thrasú agus córas rialála a thabhairt isteach le haghaidh inneachar díobhálach ar líne caithfear athruithe bunúsacha a dhéanamh ar an tírdhreach rialála meán reatha in Éirinn. Tá cás láidir ann freisin don réasúnaíocht a bhaineann le rialtóir meán amháin a chuireann béim ar na sineirgí idir rialú closamhairc agus rialáil sábháilteachta ar líne ar bhealach comhtháite, ach a thugann ómós ag an am céanna do na difríochtaí eatarthu. Tá tuilleadh cúiseanna ann chun tacú le cur chuige mar sin:

- Cinntítear comhsheasmhacht i bhfeidhmiú na bprionsabal, na mbeartas agus na rialacha rialála thar gach réimse rialaithe, nuair is iomchuí;
- Tairgtear éifeachtúlacht do Rialtas na hÉireann, d'Institiúidí na hEorpa agus do rialtóirí Eorpacha eile agus iad i mbun oibre le rialtóirí aonair;
- Tairgtear éifeachtúlacht d'eintitis rialaithe chun déileáil le rialtóirí aonair;
- Tógann sé ar an eolas agus ar an taithí institiúideach atá ag an Údarás i rialáil closamhairc thar bhlianta fada (lena n-áirítear a chuid oibre ag cosaint lucht féachana), an obair shonrach a dhéanann sé ag cur Treoracha roimhe seo i bhfeidhm agus obair le déanaí anuas ag rannchuidiú le pleanáil agus forbairt na Treorach nua – ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon – agus
- Tá éifeachtúlachtaí oibríochta ag baint le haon eagraíocht amháin a bheith ann – rud a bhí mar phríomhchuspóir beartais ag an Rialtas roimhe seo.

Is sa chomhthéacs sin a leagann an tÚdarás amach a chuid moltaí i dtaca le rialtóirí amháin.

1.5 Samhail Rialála Roghnaithe Údarás Craolacháin na hÉireann

Mhol an Roinn dhá rogha le haghaidh samhail rialála ina doiciméid chomhairliúcháin.

Faoi **Rogha 1**, dhéanfaí athstruchtúrú ar Údarás Craolacháin na hÉireann mar choimisiún meán a bheadh freagrach as gach seirbhís agus inneachar atá laistigh de raon feidhme Chomhairliúcháin na Roinne a rialáil i.e. craoltóirí líneacha (closamhairc agus fuaime), seirbhísí ar éileamh, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán agus seirbhísí/inneachar faoi réir oibleagáidí sábháilteachta ar líne.

Rogha 2 ina samhlaítear dhá rialtóir; an chéad cheann, Údarás Craolacháin na hÉireann athstruchtúrtha, ar a sannfaí freagracht as seirbhísí eagarthóireachta, agus an dara ceann, rialtóir nua-chruthaithe, a bheadh freagrach as seirbhísí neamh-eagarthóireachta ar líne.

Agus machnamh á dhéanamh aige ar na ceisteanna a ardaíodh i gcomhairliúcháin na Roinne, rinne an tÚdarás a mhachnamh freisin ar **thríú rogha**, a choinneodh deighilt idir inneachar closamhairc (thar sheirbhísí traidisiúnta, ar éileamh agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán) agus inneachar díobhálach ar gach ardán ar líne, i.e. rialtóirí closamhairc (le haghaidh cuspóirí rialála reatha agus le haghaidh na gcuspóirí breise atá leagtha síos sa Treoir athbhreithnithe) agus an dara rialtóir le haghaidh na sábháilteachta ar líne.

Is é Rogha 1 an rogha is fearr leis an Údarás – is é sin go mbeadh rialtóir aonair ann a bheadh freagrach ar bhonn reachtúil as inneachar closamhairc agus as ábhar dochrach ar líne a rialáil. Is é tuairim an Údaráis, go dtairgeann rialtóir meán aonair deis uathúil chun fíis stuama agus iomlánaíoch a fhorbairt do rialáil thridhreach inneachair na meán amach anseo, is cuma cén bealach a seachadtar inneachar, a fhreastalaíonn agus a chosnaíonn lucht féachana agus úsáideoirí agus atá in ann é sin a dhéanamh agus aird ar chuspóirí níos leithne inneachair agus seirbhísí a fhreastalaíonn ar shaoránaigh – ag cinntiú Éagsúlachta agus Iolarthachta, a chuireann Saoirse Tuairimíochta chun cinn agus a chothaíonn agus a fheabhsaíonn an comhrá daonlathach.

Cuireann an tÚdarás béim ar an luach agus ar an tábhacht a bhaineann ní hamháin le **cur i bhfeidhm leanúnach** fhorálacha na Treorach agus an Mholta i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta a chinntiú, ach freisin an luach agus an tábhacht a bhaineann le **cur chuige comhtháite agus comhchuibhithe** maidir le leasanna lucht féachana agus úsáideoirí agus na cosaintí a chuirfear ar fáil dóibhsean. Is comaoin thábhachtach freisin ar ndóigh **caitheamh go cóir agus go cothrom** leis na daoine éagsúla a bhíonn ag gabháil do na hearnálacha closamhairc agus ar líne.

Ar na cúiseanna sin, measann an tÚdarás go bhfuil teorainneacha móra le héifeachtacht Rogha 2 agus nach mbainfí leas iomlán leis an rogha sin as an acmhainn maidir leis na sineirgí rialála atá ar fáil. Chomh maith leis sin, measann an tÚdarás go bhfuil féidearthacht láidir ann go bhféadfadh neamhsheasmhacht mhór a bheith ag baint le rialtóirí difriúla a bheith ann (ceann le haghaidh inneachair ar éileamh agus ceann le haghaidh inneachair neamheagarthóireachta ar líne) nuair a bheidh forálacha na Treorach le cur i bhfeidhm agus go bhféadfadh cuir chuige agus torthaí difriúla ar na pointí céanna dlí tarlú dá bharr.

1.6 Ról an Údaráis

Creideann an tÚdarás go bhfuil ról lárnach aige sa chóras nua rialála mar a shamhlaíonn an tAire é, agus gurb é an tÚdarás, a bhfuil freagrachtaí air sa réimse sin ó 1988 i leith, is fearr atá in ann croílár na heagraíochta a bheidh mar rialtóir nua a chruthú.

Tá taithí agus eolas forleathan agus iomchuí ag an Údarás i gcleachtas rialála i ngach gné den chraolachán líneach, thar bhlianta fada. Ina theannta sin, is féidir eolas sonrach agus taithí rialála a fuarthas chun **prionsabail inneachair** a chur i bhfeidhm ar bhealaí níos sonraí a aistriú go héasca chuig réimsí rialála inneachair atá bainteach leis.

Mar rialtóir seirbhísí craolacháin teilifíse de bhun thrí leagan roimhe seo den Treoir, bhí ról suntasach ag an Údarás ó thaobh tacú le hobair ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta ag ullmhú do na leasuithe móra ar an Treoir dheiridh agus go háirithe sna díospóireachtaí agus sna caibidlíochtaí maidir leis na forálacha nua. Bhí an tÚdarás rannpháirteach go gníomhach i mbunú agus i bhforbairt ERGA – Grúpa Comhairleach Rialtóirí Closamhairc an Choimisiúin Eorpaigh – agus san obair a rinne an grúpa sin ó 2016 i leith, ag teacht leis na forálacha sa Treoir ina samhlaítear ról lárnach do rialtóirí closamhairc reatha sa chreat nua rialála.

Rinne an tÚdarás a mhachnamh ar an ról is dóigh leis ba cheart a bheith aige sa chreat rialála athbheithnithe tar éis é a thrasú. Agus é á dhéanamh sin, bhí aird aige ar shaintréithe agus ar cháilíochtaí an rialtóra a mheasann sé is fearr a bheidh in ann an Treoir agus an Moladh i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus measann sé go bhfuil sé féin seachas

aon dream eile in ann cuspóirí na reachtaíochta beartaithe a chomhlíonadh. Cé go n-aithníonn sé go dteastaíonn tuilleadh oibre chun eolas agus saineolas níos grinne a fhorbairt maidir le sábháilteacht ar líne agus an baol díobhála atá in ann tarlú, measann an tÚdarás go bhfuil cuntas teiste láidir ag Údarás Craolacháin na hÉireann ó thaobh inneachar díobhálach a rialáil, ar féidir é a chur i bhfeidhm ar ghnéithe níos nuai d'obair den sórt sin. Féachaimid ar rialáil na sábháilteachta ar líne mar shíneadh nádúrtha ar ár n-obair rialála agus ar ár gcleachtas maidir le lucht féachana a chosaint go dtí seo. Tugann rialtóirí meán aonair an deis dul i ngleic, ar bhealach stuama, le himní atá ar an bpobal faoi láthair maidir le hábhar dochrach ar líne, ionas go leanfar ag tabhairt cosaintí do lucht féachana díreach mar a bhí acu go dtí seo, agus, ag an am céanna, go ndeimhneofar do shaoránaigh go mbeidh cuspóirí buana na rialála closamhairc mar thosaíocht ard i gcónaí – Saoirse Tuairimíochta, Iolarthacht agus Éagsúlacht.

Thug obair an Údaráis le blianta beaga anuas maidir lena chuid feidhmeanna i dtaca le tuiscint ar na meáin a chur i bhfeidhm agus an ról tábhachtach atá aige maidir le líonra um thuiscint ar na meáin a bhunú (*Líonra na hÉireann um Thuiscint ar na Meáin*) bunús láidir freisin chun cuspóirí na rialála sábháilteachta ar líne a sheachadadh i gcoitinne. Bhí ról ceannaireachta ag an Údarás sa réimse seo nuair a d'fhorbair agus nuair a d'fhoilsigh sé a bheartas um Thuiscint ar na Meáin atá dírithe ar chumhacht a thabhairt do shaoránaigh na hÉireann roghanna stuama a dhéanamh faoi na meáin a úsáideann siad, a chruthaíonn siad agus a scaipeann siad thar gach ardán. Mar aon le bheith ag obair le raon leathan páirtithe leasmhara, tuigean an tÚdarás an tábhacht atá le fíor-chomhoibriú trasearnála agus bíonn sé rannpháirteach i dtionscnaimh um thuiscint ar na meáin a sheachadadh a théann i gcion ar an tír ar fad, mar shampla, an feachtas “Bí Cliste sna Meáin” a reáchtáladh le gairid. Dá bhrí sin cruthaíonn a ról agus a thaithí go dtí seo bunús láidir chun a shaineolas rialála a leathnú tuilleadh sa spás ar líne.

1.7 Struchtúr Rialachais an Rialtóra

Rinne an tÚdarás a mhachnamh ar mholadh an Aire go mbunófaí struchtúr coimisiúin don rialtóir nua ina mbeadh roinnt daoine páirteach agus aird ar a struchtúir reatha féin, agus, níos leithne fós, na cineálacha struchtúr faoina bhfeidhmíonn comhlachtaí rialála na hÉireann. Aithníonn an tÚdarás go bhfuil struchtúir rialachais agus príomhstruchtúir chinnteoireachta an Údaráis an-chasta go deo – bunaíodh Údarás, Coiste um Chomhlíonadh agus Coiste um Dheonú Conarthaí le haghaidh comhlachta ar rialtóir closamhairc línigh é thar aon ní eile.

I gcomhthéacs rialála na hÉireann, glactar, a bheag nó a mhór, le dhá chur chuige de ghnáth:

- Údaráis/gníomhaireachtaí ag a bhfuil bord páirtaimseartha – ar a mbíonn seachtar nó níos mó go minic – agus a fhaigheann tacaíocht ó fheidhmeannas lánaimseartha, buan. Bíonn éagsúlacht ag baint le comhdhéanamh na mbord sin – lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach uaireanta (nó dá uireasa) agus uaireanta bíonn comhaltaí orthu a dhéanann ionadaíocht ar leasanna áirithe san earnáil. Ó am go chéile, bíonn Cathaoirleach Feidhmiúcháin lánaimseartha i gceannas ar na boird.
- Is é an dara struchtúr is coitianta ná Coimisinéir nó Coimisiún lánaimseartha, ina bhfuil idir 1-5 coimisinéirí agus a mbíonn cathaoirleach feidhmiúcháin i gceannas orthu – is samplaí den chineál sin leagan amach iad ComReg agus CCPC i láthair na huaire.

Ní heol don Údarás go bhfuil aon treoir beartais phoiblí foirmiúil in Éirinn maidir leis na tosca ina gcuirtear na roghanna difriúla i gcrích. Ag tarraingt ó thaithí an Údaráis i láthair na huaire, tugann an tÚdarás barúil i dtaobh na nithe seo a leanas:

- Is cosúil go mbíonn cur chuige corparáideach traidisiúnta ag boird ar a bhfuil comhaltaí páirtaimseartha agus is ról rialachais/maoirseachta agus ceaptha beartais is mó a bhíonn ag an mbord.
- D'fhéadfadh coimisinéir aonair agus coimisiúin ar a mbeadh roinnt daoine eascairt as an gcur chuige a shamhlaítear faoi reachtaíocht na hEorpa, nó ina bhfeictear go bhfuil gá le “saineolaithe”.

Tá fiúntas ag baint le gach cur chuige. Is féidir le coimisinéir aonair agus le coimisiúin ar a mbíonn roinnt daoine leas a bhaint as eolas speisialta agus as taithí lena chinntiú go ndéanfar cinntí go scafánta agus go stuama agus go mbeifear níos freagrúla d'fhorbairtí san earnáil, go háirithe i dtimpeallachtaí ina n-athraíonn cúrsaí go tapa agus ina bhfuil an nuálaíocht i mbarr. Buntáiste eile le struchtúr faoi stiúir coimisinéara is ea feiceálacht phoiblí níos fearr agus tuairim an phobail maidir le “seaimpín” sna nithe atá á rialáil.

Bíonn saibhreas taithí ag boird pháirtaimseartha agus raon peirspictíochtaí níos leithne, rudaí a bhíonn riachtanach go minic nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh ar shaincheisteanna a bhíonn casta go minic, agus i gcásanna ina gcaithfear na cearta agus na cosaint a thabharfar do shaoránaigh a bheith ar aon dul le cuspóirí beartais phoiblí (e.g. saincheisteanna a bhaineann le saoirse tuairimíochta). D'fhonn luach den sórt sin a ghairiú i samhail rialachais faoi stiúir Coimisinéara, d'fhéadfadh buntáiste a bheith ag baint, ar a laghad ar bith, le leas a bhaint as tacaíocht struchtúrtha trí bhord comhairleach reachtúil a chuimsiú i ndearadh na scéime reachtúla.

Mar sin féin, beag beann ar an struchtúr rialachais a ghlacfar sa deireadh thiar, measann an tÚdarás gur rud riachtanach é go mbeadh **leanúnachas** i bhfeidhmiú foriomlán an rialtóra; gur chóir don struchtúr rialachais a bheith in ann eolas agus taithí a roinnt agus comhsheasmhacht a chur ar fáil thar a réimsí feidhmiúla – go háirithe nuair atá a straitéisí eagraíochta á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm aige, agus a bheartais á leagan síos aige agus príomhchinntí á ndéanamh. Creideann an tÚdarás go mba mhaith an rud tuilleadh machnaimh agus plé a dhéanamh ar an gceist seo agus chuirfeadh an tÚdarás fáilte roimh thuilleadh oibre leis an Aire chuige sin.

1.8 Cur Síos Gairid ar an gCóras Rialála a Bheartaítear

Sa chuid seo, molann an tÚdarás a chur chuige maidir leis an gcóras rialála chun na cuspóirí reachtúla a bhaint amach, agus déanfar plé gairid ar an réasúnaíocht, na prionsabail, na cuspóirí, na dúshláin agus tosca eile atá mar bhonn ag a chur chuige, agus ansin déanfaidh sé cur síos ar phríomhghnéithe an chreata rialála a shamhlaítear.

1.8.1 Réasúnaíocht

Rud atá lárnach do chur chuige an Údaráis maidir leis an gcóras nua rialála is ea rialtóir reachtúil agus creat a chónascann raon cur chuige rialála, atá oiriúnach don chineál seirbhísí a bheidh le rialáil, cineál na gcuspóirí rialála a bhainfear amach, agus méid an chúraim idir lámha. Samhlaítear go leagann

rialtóir reachtúil comhphrionsabail rialála agus ineachair síos agus go dtugtar éifeacht stuama saincheaptha dóibh trí chóid agus trí threoir iomchuí. Ina theannta sin, leagtar síos go soiléir i gcreat beartaithe an Údaráis na freagrachtaí atá ar an rialtóir mar aon leo sin atá ar na haonáin éagsúla atá rialaithe laistigh den chreat. Níos sonraithe:

- Measann an tÚdarás gur cosán é an rialáil reachtúil atá siúlta go minic ó pheirspictíocht bhunreachtúil agus dhlíthiúil de in Éirinn. Tugann cur chuige bunaithe ar rialáil reachtúil lear mór cinnteachta dlíthiúla do gach páirtí leasmhar – an Stát, na haonáin rialaithe, agus lucht féachana agus úsáideoirí.
- Is mó seans go mbeidh muinín ag an bpobal as rialtóir reachtúil agus go mbeidh an t-údarás dlíthiúil aige a leanann as a bheith mar rialtóir aonair, láidir a mbeidh dóthain acmhainní aige.
- Is é an rogha rialála sin a chuirfidh lucht féachana agus úsáideoirí agus leas an phobail i gcroílár a chuid oibre.

1.8.2 Prionsabail, Cuspóirí, Dúshlán agus Tosca eile atá mar bhonn ag cur chuige an Údaráis maidir leis an gCóras Rialála

Tá roinnt prionsabal, cuspóirí, dúshlán agus tosca eile mar bhonn is mar thaca ag cur chuige beartaithe an Údaráis maidir le creat nua rialála a bhunú. Áirítear leo sin:

- A chinntiú go mbeidh caighdeán ard cosanta ag lucht féachana agus go gcuirfear roghanna éifeachtacha agus stuama i gcomhair sásaimh ar fáil do na seirbhísí go léir atá faoi raon feidhme an Mholta i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta agus na Treorach.
- A chinntiú go gcuirfear an Treoir agus an Mholta i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta i bhfeidhm go dleathach agus sa spiorad ceart agus go gcomhlíonfar a gcuid oibleagáidí go léir.
- Réitigh nithiúla a éascú chun déileáil leis an méid ineachair closamhairc a bheidh le rialáil agus líon na seirbhísí ar éileamh sa raon feidhme.
- A chinntiú go ndéanfar éifeachtúlachtaí a uasmhéadú agus nach gcuirfear aon ualach rialála míchuí ar dhaoine sa tionscal.
- Cultúr freagrachta rialála agus comhlíontachta a chur chun cinn sa spás ar líne trí chur chuige maidir le soláthraí seirbhíse ar dtús a ghlacadh i dtaca le réiteach teagmhas.

1.8.3 Príomhghnéithe den Chreat Rialála arna mholadh ag an Údarás

Tá an creat deartha lena chinntiú go mbeidh obair an rialtóra dírithe ar na nithe seo a leanas:

- An treo straitéiseach a leagan síos chun na cuspóirí reachtúla a sheachadadh
- Príomhchinntí beartais a chinneadh chun na cuspóirí sin a sheachadadh agus
- Macraí-chinntí ardleibhéil a ghlacadh chun leasa an phobail agus sin a dhéanamh ar bhealach comhsheasmhach thar na seirbhísí sa raon feidhme.

Samhlaítear freisin sa chreat go mbeidh ról lárnach ag an rialtóir sna hidirghabhálacha riachtanacha le leasanna seachtracha, go háirithe le rialtóirí closamhairc agus ar líne i mBallstáit eile an Aontais Eorpaigh, cuir i gcás i nithe a bhaineann le dlínse.

Cé go mbeidh sé mar aidhm caighdeán ard cosanta a ráthú do lucht féachana agus d'úsáideoirí, comhlánaítear an creat reachtúil trí chóras réitigh díospóide a chruthú a éascóidh réiteach micridhíospóidí ar scála mór.

Maidir leis na ceithre shruth inneachair a chumhdaítear sna doiciméid chomhairliúcháin a rialáil, aibhsíonn an tÚdarás na nithe seo a leanas:

- Maidir leis na réimsí arna gcomhordú ag an Treoir, ba cheart leanúint de rialú na craoltóireachta líní, seachas a mhéid is go bhféadfaí athruithe a dhéanamh de bhun na Treorach athbhreithnithe.
- Tá an réasúnaíocht maidir le hinneachar ar éileamh a thabhairt níos gaire i dtéarmaí rialála le hinneachar líneach oiriúnach freisin ar na cúiseanna atá leagtha amach ag an Aontas Eorpach agus aird ar threochtaí agus iompar lucht féachana sna blianta sin ó tháinig Treoir 2010 i bhfeidhm.
- Tá sé oiriúnach freisin go dtabharfaí inneachar closamhairc ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán (VSPS) laistigh de raon feidhme na rialála, i bhfianaise athruithe ar phatrúin tomhaltais lucht féachana agus iompar úsáideoirí mar aon leis an lear mór fianaise atá ag dul i méid maidir le himní faoi inneachar ar na hardáin VSPS agus go príomha lena chinntiú go leathnaítear na cosaintí céanna a thugtar d'úsáideoirí inneachair línigh agus ar éileamh a mhéid is féidir d'úsáideoirí inneachair ar VSPS.
- Tá buntáistí suntasacha ag baint le rialáil na sábháilteachta ar líne a chónascadh le hinneachar closamhairc don lucht féachana agus úsáideoirí ardán, nach ndéanann idirdhealú i gcónaí idir cineálacha difriúla inneachair, an t-ardán ar a bhfaca siad inneachar den sórt sin, nó an fhoinsé inneachair dhíobhálaigh i gcomhthéacs ar líne.
- Leis an gcoincheap de struchtúr rialála aonair, éascaítear aistriú eolais agus taithí shuntasach i dtaca le díobháil a bhaineann le hinneachar chuig ardáin ar líne agus tugtar an deis agus na réitigh is fearr chun lucht féachana agus úsáideoirí a chosaint agus tacú leo.

Ar bhonn níos sonraithe, samhlaítear sa chreat atá á mholadh ag an Údarás:

- Go mbeidh caidreamh rialála díreach idir an rialtóir reachtúil agus (a) craoltóirí líneacha; (b) soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh atá laistigh de dhlínse na hÉireann; (c) seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a bheidh le rialú anseo in Éirinn freisin i dtaca le hinneachar closamhairc agus díobhálach.
- I láthair na huaire ar a laghad ar bith, ba cheart rialú a thugtar isteach de bhun na Treorach maidir le seirbhísí ar éileamh a bheidh le rialú i ndlínse na hÉireann a bheith teoranta sa raon feidhme go dtí na réimsí atá á gcomhordú ag an Treoir.

(a) Craoltóirí Líneacha (Craoltóirí Closamhairc agus Fuaime):

Seachas is a mhéid go bhféadfar athruithe a dhéanamh de bhun na Treorach, samhlaíonn an tÚdarás go leanfar den chuid is mó de na socruithe reatha maidir le craoltóirí líneacha.

Bheadh craoltóirí líneacha, idir chlosamhairc agus fhuaimne, faoi réir córais rialála den chineál céanna a bheag nó a mhór. Cé go mbeidh oibleagáidí rialála substaintiúla ar chraoltóirí líneacha

fós, ba cheart aird a bheith sa chur chuige a bheartaítear maidir le trasuí ar ualaí riaracháin a laghdú ar na seirbhísí sin.

Chuige sin, bheadh an tÚdarás sásta tuilleadh moltaí a chur faoi bhráid an Aire i dtaca le leasuithe ar na forálacha reachtúla atá ann cheana i dtaca le craoltóirí líneacha mar atá leagtha amach in Acht Craolacháin 2009 a mhéadódh éifeachtúlachtaí riaracháin agus a laghdódh tuilleadh ualaí rialála ar chraoltóirí.

(b) Seirbhísí ar éileamh:

Ag éirí as forálacha na Treorach, déanfar trí chatagóir de sheirbhísí ar éileamh a mheas:

- Seirbhísí ar éileamh i nGaeilge
- Seirbhísí AE eile ar éileamh a iompraítear ar VSPS in Éirinn
- Seirbhísí neamh-AE ar éileamh a iompraítear ar VSPS in Éirinn

Samhlaítear caidreamh rialála díreach i gcur chuige an Údaráis idir an rialtóir agus seirbhísí ar éileamh na hÉireann (lena n-áirítear seirbhísí ar éileamh na hÉireann a iompraítear ar VSPS in Éirinn). Seirbhísí AE eile ar éileamh a iompraítear ar VSPS in Éirinn, a bheidh le rialú sna Ballstáit AE ábhartha. Seirbhísí neamh-AE ar éileamh ar VSPS na hÉireann a bheidh le rialú go hindíreach i stát na hÉireann trí bhíthin na mbearta a bheidh le glacadh ag VSPS de réir fhorálacha Airteagal 28b den Treoir. Féadfar a thabhairt ar aird go mbeidh seirbhísí eile AE ar éileamh ar VSPS na hÉireann faoi réir leibhéal rialála go hindíreach ag éirí ó na bearta a ghlacfaidh VSPS na hÉireann de bhun fhorálacha Airteagal 28b. Éascóidh an caidreamh idir an rialtóir agus VSPS na hÉireann cumas chun na cosaintí a bheidh le fáil leis an Treoir a leathnú chuig inneachar neamh-AE ar éileamh ar VSPS trí théarmaí seirbhíse VSPS. Cuideoidh na téarmaí seirbhíse seo freisin chun cur i bhfeidhm fhorálacha íosta na Treorach a neartú i ndáil le seirbhísí ar éileamh a mhéid is go mbeidh an VSPS freagrach astu trí na bearta a bheidh le glacadh. Cuideoidh an caidreamh idir an rialtóir agus an VSPS freisin chun inneachar a láimhseáil, a bhféadfadh a bhunús a bheith deacair a chinneadh – fiú i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh.

(c) Inneachar Closamhairc ar VSPS:

Tá dualgas ar sholáthraithe VSP cód coiteann bunaithe ar phrionsabail a leanúint (an “Cód VSP”). Leagtar síos rialacha sa chód seo le haghaidh inneachar closamhairc ar éiceachóras an tsoláthraí VSP, agus bíonn tionchar aige sin ansin ar inneachar ar éileamh ar an VSP, ar Fhíseáin arna nGiniúint ag an Úsáideoir agus Cumarsáid Thráchtála Closamhairc atá laistigh de raon feidhme na Treorach. Tá córas cuntasachta mionsonraithe beartaithe ag an Údarás: leagamar amach moltaí le haghaidh an mheasúnaithe ar Airteagal 28b agus don phróiseas tuairiscithe chun measúnú a dhéanamh ar mar atá an soláthraí VSP ag comhlíonadh an Chóid VSP.

(d) Sábháilteacht Ar Líne:

Pléann an tÚdarás conas a d'oibreodh córas rialála Sábháilteachta Ar Líne go praiticiúil i gcomhthéacs na hÉireann laistigh de chreat rialála meán níos leithne. Chuige sin, dírionn sábháilteacht ar líne go sonrach ar dhíobhálacha atá le sonrú sa reachtaíocht a dhéanann duine amháin ar dhuine eile sa timpeallacht ar líne agus níl sé teoranta do sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán, mar atá i gcás AVMSD. Tá an tÚdarás den tuairim go gcomhlíonann sábháilteacht ar líne

cuspoir difriúil do rialú closamhairc, cé go bhfuil cosúlacht mhór i gcuspóirí straitéiseacha an dá cheann.

(e) Gnéithe eile de Chreat Rialála an Údaráis atá beartaithe:

Creat comhlíontachta: tá creat leathan comhlíontachta agus forfheidhmithe beartaithe ag an Údarás chun an córas rialála closamhairc agus sábháilteachta ar líne a chur i bhfeidhm, rud a bhfuil dea-chleachtas rialála mar threoir aige agus taithí shonrach an Údaráis go dtí seo maidir le hinneachar closamhairc a rialú. Creideann an tÚdarás go bhféadfar é a chur in oiriúint do chineálacha difriúla inneachair agus imthosca atá oiriúnach don Mholadh i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta agus rialáil inneachair chlosamhairc mar atá samhlaithe sa Treoir.

Ag léiriú cheanglais na reachtaíochta Eorpaí, tugann an tÚdarás míniú ar na tograí sonracha i ndáil le roinnt gnéithe nua den Treoir, lena n-áirítear:

- **Meicníocht réitigh díospóide lasmuigh den chúirt:** cur chuige ilchéime maidir le réiteach díospóidí, lena mbaineann ról do na hardáin VSP, don rialtóir agus do mholtóir nó do bhreithneoir neamhspleách;
- Creat chun **gearáin a bhreithniú** i dtaca le hinneachar closamhairc ar VSPS;
- próiseas measúnaithe **Airteagal 28b5**;
- **Córas smachtbhannaí**, ag a bhfuil aird, *inter alia*, do na socruithe bunreachtúla sonracha i dtaca le gearradh fíneálacha i stát na hÉireann agus ag a bhfuil aird freisin ar scéimeanna rialála reatha in Éirinn le haghaidh pionós airgeadais den sórt sin.

Moltar **cumhachtaí ginearálta** a theastaíonn ar aon dul le dea-chleachtas rialála e.g. riachtanas go soláthróidh gach eintiteas rialaithe sonraí agus faisnéis i bhfoirm a shonróidh an rialtóir de réir mar a mheasfar a bheith riachtanach. Meastar gurb inmhianaithe é ról taighde don rialtóir chun tacú le cur chuige fianaise-bhunaithe maidir le rialáil; d'fhéadfadh cumhachtaí idirchaidrimh agus b'fhéidir socruithe foirmiúla comhoibrithe (cosúil le Meabhráin Tuisceana) le comhlachtaí reachtúla eile a bheith inmhianaithe agus iomchuí.

1.9 Na Forálacha AVMSD a chur i bhfeidhm ar gach cineál inneachair ar líne

Tá aird ag an Údarás ar an moladh sa *Nóta Míniúcháin* i dtaca le Comhairliúchán na Roinne rialacha na Treorach maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a leathnú chuig gach cineál inneachair arna ghiniúint ag an úsáideoir do dhaoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn ar ardáin ar líne¹.

Is é tuairim an Údaráis gur gá breis machnaimh mhionsonraithe a dhéanamh ar an moladh sin. I measc roinnt de na ceisteanna a bheidh le cíoradh, beidh siad seo a leanas:

- Céard iad na **hardáin ar líne** atá i gceist - ardáin comhroinnte físeán nó gach ardán ar líne? Díreach na hardáin laistigh de dhlínte na hÉireann nó i ndlínsí eile ach atá ar fáil do dhaoine atá ina gcónaí in Éirinn? Cén bunús ar a mbeadh dlínse bunaithe?
- **Cén t-inneachar** atá i gceist?

¹ Leathanach 5 de Nóta Míniúcháin na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

- **Céard iad na forálacha sonracha den Treoir AVMS** a chuirfí i bhfeidhm ar inneachar eile? (B'fhéidir nach bhféadfaí gach foráil a chur i bhfeidhm ar UGC).
- Cén cineál **caidrimh rialála** a bheidh idir an rialtóir agus an tArdán Ar Líne sa chomhthéacs sin?
- Céard é **an tionchar i gcoitinne agus na himpleachtaí beartais** a bheidh ag togra mar sin?
- Céard iad na **sásraí sásaimh** a bheadh iomchuí agus cén chaoi a bhfeidhmeoidís sin go praiticiúil?
- An samhlaítear go mbeadh an **córas comhlíontachta agus forfheidhmithe** céanna is atá i bhfeidhm i gcás inneachair chlosamhairc mar bhonn eolais ag an gcóras rialála do UGC?
- Cén chaoi a ngabhfaí i ngleic le **saincheisteanna scála**, ag glacadh leis go mbeadh an scála inneachair a bheadh i gceist i bhfad os cionn an scála inneachair laistigh de raon feidhme fhorálacha AVMSD?
- Is cóir breithniú a dhéanamh ar na **himpleachtaí acmhainne** a bheadh ag gach ceann thuas.

Tá an tÚdarás den tuairim go bhfuil ceisteanna an-chasta agus an-mhór ag baint leis na forálacha a chur i bhfeidhm mar atá molta. Ag cuimhneamh gur forbraíodh na forálacha AVMSD le haghaidh inneachair closamhairc agus go dtarlódh sé nach gcuirfí i bhfeidhm go héasca iad nó go gcaithfí iad a chur i bhfeidhm ar chineálacha eile inneachair, cosúil le híomhánna socra, téacs, etc, bheadh machnamh mionsonraithe ar bhonn foráil ar fhoráil inmhianaithe le deimhniú cibé agus cén chaoi a bhféadfaí nó ar chóir forálacha na Treorach a chur i bhfeidhm.

Molann an tÚdarás go ndéanfaí tuilleadh machnaimh ar na saincheisteanna thuas, chun a mheas cé chomh praiticiúil is a bheadh sé na forálacha a leathnú *ag an tráth seo*. Bheadh sé de bhuntáiste breise ag cur chuige den sórt sin go mbeadh am ag an rialtóir nua é féin a bhunú go rathúil, sula ndéanfaí a chuid inniúlachtaí a mhéadú. D'fhéadfaí an taithí a gheofaí ag déileáil le hardáin comhroinnte físeán, dá mba ghá, a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar réimsí eile rialaithe inneachair ar ardáin ar líne.

1.10 Maoiniú na Scéime Rialála

Ag teacht leis an gcleachtas coitianta in Éirinn, tá an tÚdarás den tuairim gur chóir don earnáil (na hearnálacha) a bheidh le rialáil an scéim rialála a mhaoiniú agus tá an tÚdarás in ann an réamhthaithí fhorleathan atá aige a chur i bhfeidhm nuair a bheidh scéim chothrom thrédhearcach á forbairt. D'áireofaí iad seo a leanas le bunphrionsabail scéime den sórt sin:

- **Trédhearcacht** maidir leis na cuspóirí lena n-úsáidfear an tobhach a bhaileofar agus i ranníocaíochtaí a dhéanfaidh eintitis aonair.
- **Cothroime agus Comhréireacht:** ba cheart méideanna an tobhaigh a shocrú, i bprionsabal, ag ráta atá ar cóimhéid leis na hualaí arna dtabhú ag rialtóir fad is a riarann an rialtóir an scéim rialála. Ba cheart go mba leor na cistí is gá a bhailiú chun reáchtáil éifeachtúil oibríochtaí an rialtóra a éascú, lena n-áirítear riachtanais oibríochta, caiteachais chaipitil agus sreabhadh airgid an rialtóra, gan gá iasachtaí a fháil.
- **Cinnteacht:** i méideanna a bheidh le híoc ag na heintitis rialaithe ar bhonn bliantúil d'fhonn pleanáil airgeadais dhóthanach a éascú.
- **Cuntasacht:** ba cheart don rialtóir a bheith freagrach go hiomlán maidir leis an úsáid a bhaintear as airgead a bhailítear.
- **Solúbthacht:** fad is a chloítear le prionsabal ginearálta na comhréireachta, agus aird ar an difríocht ó thaobh scála idir na heintitis rialaithe éagsúla a bheidh le rialú faoin reachtaíocht a

bheartaítear agus líon éiginnte ar leith maidir le leibhéal na gníomhaíochta rialála a bhíonn i gceist, b'fhéidir go bhféadfaí freisin roinnt solúbthachta a fhorbairt nuair atá an scéim á dearadh. D'fhéadfaí an cumas atá ag eintiteas rialaithe íoc as rud a chur san áireamh i solúbthacht den sórt sin freisin.

1.11 Cad a theastaíonn i ndearadh reachtúil scéime den sórt sin?

Ba cheart go leagfaí síos sna forálacha reachtúla na prionsabail agus na paraiméadair leathana maidir le scéim den sórt sin a dhearadh agus a fheidhmiú agus ceanglas ar an rialtóir (nó an tÚdarás sula ndéanfar an reachtaíocht a achtú) scéim den sórt sin a ullmhú lena cur faoi bhráid an Aire lena faomhadh. Mar a tharlaíonn le scéim tobhaigh tionscail an Údaráis faoi láthair, molann an tÚdarás go mbeadh na tograí i gcomhair scéime faoi réir comhairliúcháin leis an tionscal lena chinntiú go gcomhlíontar prionsabail agus cuspóirí uileghabhálacha na scéime.

Roinn 2: Seirbhísí Ardáin Comhroinnte

Físeán

(Snáithe 2)

2.1 An Cur Chuige atá Beartaithe maidir le Trasuí i gcomhair Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán

Éilítear sa Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Ciosamhairc ar Bhallstáit AE rialacha nua a thabhairt isteach i ndlí na hÉireann maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán faoi mhí Mheán Fómhair 2020. Measann an tÚdarás gur chóir na rialacha sin a thabhairt isteach ar bhealach ar leithligh ach lena gcomhlánófaí na rialacha atá beartaithe ag an Aire a thabhairt isteach maidir le Sábháilteacht Ar Líne.

Is seirbhísí iad seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a ligeann d'úsáideoirí lear mór físeán arna n-uaslódáil ag úsáideoirí eile a rochtain. Is féidir iad a chur ar fáil ina n-aonar (e.g. YouTube) nó mar chuid de sheirbhísí meán sóisialta (e.g. Fotha Nuachta Facebook).

Dírítear go príomha i rialacha na Treorach le haghaidh seirbhísí ardáin comhroinnte físeán ar a cheangal orthu inneachar ar a gcuid seirbhísí a mhodhnú ar bhealach níos éifeachtaí. I measc na réimsí a chumhdaítear tá cosaint mionaoiseach, gríosú chun foréigin nó fuatha a chosc, tuilleadh a dhéanamh chun cionta coiriúla áirithe a chomhrac agus rialacha fógraíochta a thabhairt isteach. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór do sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán fíor-shásraí éifeachtacha a sholáthar chun aois a dheimhniú, fíor-shásraí éifeachtacha scagaire teaghlaigh, nósanna imeachta trédhearcacha agus láidre a thabhairt isteach chun gearáin a dhéanamh agus a chinntiú go gcuirtear cosc ar chineálacha físeán (i measc rudaí eile) lena dtéarmaí agus coinníollacha. Ní mór do rialtóir cur i bhfeidhm na mbeart sin a thabharfar isteach le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a fhaire agus a mhaoirsiú.

San fhreagra comhairliúcháin, molann an tÚdarás gur cheart do rialtóir reachtúil rialáil dhíreach a dhéanamh ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán. Is trí reachtaíocht agus trí chóid reachtúla ba cheart rialacha nua na Treorach maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a chur i bhfeidhm in Éirinn.

Tá Éire freagrach as na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán atá lonnaithe in Éirinn a rialáil, agus is le rialacha na hÉireann amháin a chaithfidh na seirbhísí sin cloí dá ngníomhaíochtaí uile san Eoraip sna réimsí atá cumhdaithe leis an Treoir. Tá formhór na soláthraithe is mó san Eoraip de sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán – ar nós Facebook, Google agus Twitter – lonnaithe in Éirinn. Tá an cúram atá ar Éirinn faoin Treoir i dtaca le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, dá bhrí sin, níos mó ná aon Bhallstát eile san AE agus caithfidh Éire a chinntiú go bhfuil cosaintí éifeachtacha i bhfeidhm do na céadta milliún duine as an Eoraip a bheidh ag úsáid seirbhísí den sórt sin. Fágann méid an inneachair chlosamhairc dá bhfuil Éire freagrach as a rialáil agus líon úsáideoirí seirbhísí den sórt sin go gcruthaítear dúshlán mhóra do mhodhanna rialála traidisiúnta.

D'fhoill nithe scála agus líon na n-úsáideoirí ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán in Éirinn a réiteach, molann an tÚdarás gur chóir don rialtóir oibriú go príomha ar an “macraileibhéal”. Ciallaíonn sé sin gurb é an ról a bheadh ag an rialtóir ná cinntí rialála an-tábhachtach a dhéanamh a mbeadh tionchar acu ar líon mór úsáideoirí ag an am céanna e.g. trí chóid a dhréachtú, agus ansin trí mheasúnú a dhéanamh ar bhonn rialta leanúnach ar na bearta atá i bhfeidhm ag seirbhísí ardáin comhroinnte físeán maidir le forálacha an chóid. Ba cheart sásraí bailithe faisnéise leictreonaí a leagan síos idir an

Roinn 2: Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán (Snáithe 2)

rialtóir agus na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán lena chinntiú go bhfuil na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán ag cloí lena gcuid oibleagáidí. Ba cheart don rialtóir cumhachtaí móra a bheith aige chun iallach a chur ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán iniúchtaí neamhspleácha a dhéanamh, sonraí agus faisnéis eile a thabhairt de réir mar is cuí leis an rialtóir (lena n-áirítear faisnéis maidir le próisis agus nósanna imeachta) agus cuntais fhírinneacha a thabhairt ar ghnéithe de na seirbhísí atá á soláthar acu.

Ba cheart go mbeadh sé de dhualgas ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán cloí leis na cóid arna ndréachtú agus arna bhforfheidhmiú ag an rialtóir. Ba cheart na cóid sin a dhréachtú i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, ba cheart go leagfaí síos go soiléir iontu na freagrachtaí atá ar sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán dá n-úsáideoirí agus ba cheart go gcruthófaí iontu caighdeáin chomónta cosanta a bhfuil sé de dhualgas ar gach seirbhís ardáin comhroinnte físeán a leanúint. Agus cóid den sórt sin á bhforbairt, ba cheart smaoineamh ar mhéid an inneachair chlosamhairc nach mór a rialáil agus ar na hacmhainní atá ar fáil do na daoine a sholáthraíonn seirbhísí ardáin comhroinnte físeán. Ba cheart cosaintí bunúsacha don tsaoirse cainte ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán a chumhdach sna cóid sin agus an ceart sin a chothromú ag an am céanna leis an ngá atá le cosaintí suntasacha ar sheirbhísí den sórt sin i dtaca le hinneachar físe.

Ba cheart do sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán córais láidre agus trédhearcacha a bheith acu chun gearáin a dhéanamh agus ba cheart go mbeadh an rogha ag úsáideoirí seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a gcuid gearáin a réiteach ar bhealach neamhchlaonta mura bhfuil siad sásta leis an gcinneadh tosaigh a dhéantar maidir lena ngearán. Tá an tÚdarás ag moladh go mbeadh sé mar dhualgas ar sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán cinnteoirí neamhspleácha a choimeád, a mbeadh a gcuid neamhspleáchais cumhdaithe sa reacht agus a bheadh in ann nochtadh cosanta a dhéanamh leis an rialtóir.

Ba cheart dóthain cumhachtaí comhlíontachta agus forfheidhmithe a bheith ag an rialtóir seirbhísí ardáin comhroinnte físeán lena n-áirítear cumhachtaí maidir le hiniúchadh, imscrúdú agus smachtbhannaí. Tá tuilleadh sonraí maidir leis sin inár bhfreagra ar Cheisteanna 14 agus 15 i Roinn 5.2 den fhreagra ar an gcomhairliúchán seo.

Tá an tÚdarás den tuairim go gcomhlíonann rialú sábháilteachta ar líne cuspóir difriúil don rialú closamhairc atá beartaithe chun na hoibleagáidí atá sa Treoir a chomhlíonadh. In ainneoin sin, is féidir féachaint ar na cuspóirí straitéiseacha maidir le sábháilteacht ar líne agus rialú closamhairc mar rudaí atá ailínithe le chéile ar go leor bealaí. Déantar tuilleadh plé ar an gceist seo inár bhfreagra ar Cheisteanna 12 agus 13 i Roinn 1.4 den fhreagra ar an gcomhairliúchán.

C.5	Tá sainmhíniú sa Treoir athbhreithnithe ar an rud is Seirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán ann. Cad iad na srianta ba chóir a bheith leis an sainmhíniú sin, .i. cad iad na seirbhísí ar chóir agus nár chóir smaoineamh orthu mar Sheirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán? Iarrtar ort do chuid réasúnaíochta agus samplaí a thabhairt. [Cuid 3 den nóta míniúcháin]
-----	---

2.2 An Sainmhíniú ar Sheirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán

Is sainmhíniú nua é an sainmhíniú ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán sa Treoir athbhreithnithe agus tá roinnt gnéithe dlíthiúla ag baint leis nach mór a bhreithniú agus a mheas:

ciallaíonn “seirbhísí ardáin comhroinnte físeán” seirbhís, mar a shainmhínítear in Airteagal 56 agus in Airteagal 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcás ina bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse nó cuid indealaithe di nó an fheidhmiúlacht fhíor-riachtanach atá ag an seirbhís tiomanta do chlár, físeán arna nginiúint ag úsáideoirí nó an dá rud a sholáthar don phobal i gcoitinne, nach bhfuil freagracht eagarthóireachta ar sholáthraí ardáin comhroinnte físeán maidir léi, d’fhonn eolas, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil don phobal i gcoitinne trí líonraí cumarsáide leictreonaí de réir bhrí phointe (a) d’Airteagal 2 de Threoir 2002/21/CE agus cinneann soláthraí an ardáin comhroinnte físeán eagrú na gclár sin agus na bhfíseán sin arna nginiúint ag úsáideoirí, lena n-áirítear trí mheáin uathoibríocha nó trí algartaim, go háirithe trí bhíthin léiriú, clibeáil agus seicheamhú”.

Tá an sainmhíniú sin casta ach níl sé doiléir. In **larscríbhinn 1** leis an aighneacht seo aibhsítear agus pléitear na príomhphointí castachta sa sainmhíniú ar bhealach níos sonraithe, d’fhonn creat a bhunú inar féidir na critéir éagsúla sa sainmhíniú a chur i bhfeidhm. Is féidir é sin a úsáid chun seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a shainaithint agus na teorainneacha atá leis an sainmhíniú dlíthiúil a iniúchadh.

Tá sé tábhachtach tuiscint shoiléir a fhorbairt ar cad is seirbhísí ardáin comhroinnte físeán ann chomh maith le modheolaíocht bhunaithe chun teacht ar chinneadh mar sin toisc go dtabharfaidh sé sin soiléiriú ar a mhéid is atá seirbhísí ag cloí leis an gcur síos sin faoi réir ag rialacha nua na Treorach. Beidh treoir bhreise ón gCoimisiún Eorpach maidir leis na critéir feidhmiúlachta fíor-riachtanaí, faoi mar a shamlaítear leis an Treoir, fíor-thábhachtach d’fhonn léirmhíniú comhchuibhithe agus comhleanúnach den sainmhíniú a chinntiú ar fud an AE (go háirithe maidir le “imill-chásanna”), mar a bheidh obair a dhéanfar trí Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Ciosamhairc (ERGA) atá curtha ar bhonn foirmiúil anois.

Cé go gcaithfear na teorainneacha trína gcuimsítear cad is seirbhísí ardáin comhroinnte físeán ann a chinneadh ar bhonn cás ar chás trí scrúdú mionsonraithe ar fheidhmiúlacht seirbhíse ar leith, ar na cúiseanna a ndearnadh iniúchadh orthu in larscríbhinn 1, tá an tÚdarás dóchasach ina réamhthuaisir gur seirbhísí ardáin comhroinnte físeán iad na seirbhísí nó gnéithe de na seirbhísí sa tábla seo a leanas:

“Príomhsheirbhísí Sainchuspóra VSP”	“Seirbhísí VSP le Feidhmiúlacht Fhíor-Riachtanach”
YouTube TikTok	Facebook Twitter

Roinn 2: Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán (Snáithe 2)

Daily Motion Vimeo Twitch	Instagram Snapchat LinkedIn Reddit
---------------------------------	---

Tugann an tÚdarás a chuid tuairimí maidir leis na seirbhísí sin gan dochar do threoir mhionsonraithe an Choimisiúin Eorpaigh amach anseo maidir leis na critéir feidhmiúlachta fíor-riachtanaí. Tá na tuairimí sin faoi réir an cheanglais freisin maidir le taighde a dhéanamh ar dhlínse a bheidh riachtanach chun a dheimhniú cá háit a mbeidh na seirbhísí sin le rialú (cé go ndéarfadh an tÚdarás go cinnte go mbeidh na seirbhísí a chuireann Facebook, Google agus Twitter ar fáil le rialú in Éirinn).

C6	<p>Tá cur chuige bunaithe ar phrionsabail i leith ábhar dochrach ar líne sa Treoir athbhreithnithe. Éilítear sa Treoir ar Sheirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán na bearta cuí a dhéanamh chun mionaoisigh a chosaint ar fhísábhar a d'fhéadfadh a bheith dochrach agus chun an pobal mór a chosaint ar fhísábhar ina bhfuil gríosú chun foréigin nó fuatha agus ar fhísábhar áirithe coiriúil. Éilítear sa Treoir freisin go n-ainmneoidh Éire rialtóir a dhéanfaidh maoirsiú ar fheidhmiú leanúnach na mbeart sin.</p> <p>Agus an méid thuas san áireamh, cén cineál caidreamh rialála ba chóir a bheith idir Seirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán bunaithe in Éirinn agus an Rialtóir?</p>
C7	<p>Cad é an bonn ba chóir a bheith leis an maoirsiú agus leis an athbhreithniú a dhéanfaidh an rialtóir in Éirinn ar na bearta a bheadh i bhfeidhm ag Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán, agus cad é an bonn ba chóir a bheith leis an rialtóir feabhsuithe nó méadú ar na bearta a bheadh i bhfeidhm ag na seirbhísí sin a lorg?</p>
C16	<p>Siocair go samhlaítear leis an Treoir athbhreithnithe go ndéanfar Seirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán a rialáil sa tír ina bhfuil sí bunaithe ar son an AE ina iomlán, ní shamhlaítear go mbeadh an rialtóir cuí ag déanamh measúnú ar ghearáin aonair. Mar sin féin, éilítear leis an Treoir athbhreithnithe go gcuirfidh Éire córas idirghabhála ar bun idir úsáideoirí agus Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán. Ag glacadh leis go mbeadh a leithéid de chóras ag feidhmiú ar fud an AE ar fad, ar chóir go mbeadh tairseacha i bhfeidhm i dtaca le gearáin a ligean isteach sa chóras? Más amhlaidh gur chóir, cad iad na tairseacha ab oiriúnaí?</p>

2.3 An Fheidhm atá ag na hOibleagáidí a Bhaineann le Soláthraithe VSP sa Treoir

Measann an tÚdarás gurb é an bealach is oiriúnaí chun a fhreagra a thabhairt ar na ceistanna seo is ea iad a fhreagairt le chéile, toisc go n-ardaítear go leor ceistanna gaolmhara sna ceistanna a chuirtear.

Dá bhrí sin tá freagra an Údaráis ar na ceistanna sin leagtha amach i sé chuid:

- 2.3.1 An tuiscint atá ag an Údarás ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na hoibleagáidí maidir le Seirbhísí VSP sa Treoir
- 2.3.2 Rialacha agus boinn tuisceana dlínsiúla atá mar bhonn ag cur chuige an Údaráis
- 2.3.3 Féachaint ar na hoibleagáidí sa Treoir ó “mhacraipheirsíochtachaí” agus ó “mhicripheirsíochtachaí”
- 2.3.4 An moladh maidir le Cód VSP
- 2.3.5 Gearáin agus an Sásra Réitigh Díospóide Neamhchlaonta
- 2.3.6 Measúnuithe ar mar a Chomhlíonann Soláthraithe VSP rialacha na Treorach

2.3.1 Oibleagáidí faoi Airteagal 28b

Iarrtar sa Treoir athbhreithnithe ar Éirinn a chinntiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe ardáin comhroinnte físeán cosúil le Google, Facebook agus Twitter, atá bunaithe in Éirinn, oibleagáidí áirithe agus go ndéanfaidh siad modhnú ar bhealach níos éifeachtaí ar fhíseáin ar a gcuid seirbhísí. Ní mór d'Éirinn cosaintí a chur i bhfeidhm le haghaidh gach uile úsáideoir na seirbhísí san Eoraip. I measc na réimsí a chumhdaítear i rialacha na Treorach tá cosaint mionaoiseach, gríosú chun foréigin nó fuatha a chosc, tuilleadh a dhéanamh chun cionta coiriúla áirithe a chomhrac agus cineálacha áirithe fógraíochta a chosc.

Bíonn samhlacha gnó na Soláthraithe VSP ag brath ar úsáideoirí na seirbhíse a bheith ag uaslódáil inneachair gan idirghabháil ná maoirsiú díreach an tSoláthraí VSP. Bíonn impleachtaí bunúsacha aige sin don chaoi ar féidir Seirbhísí VSP a rialáil. Sonraítear i rialacha AE nach féidir freagracht a chur ar ardáin ar líne as inneachar neamhdhleathach arna uaslódáil ag úsáideoirí ach amháin nuair a chuirtear iad ar an eolas go bhfuil a leithéid d'inneachar ann (e.g. údarás rialála nó úsáideoir eile na seirbhíse á gcur ar an eolas) agus i gcás nach nglacann siad gníomh tapa chun an t-inneachar a bhaint nó rochtain air a dhíchumasú tar éis fógra a fháil.² Ina theannta sin, tá cosc ar Bhallstáit AE dlíthe a thabhairt isteach a chruthaíonn oibleagáidí monatóireachta ginearálta cuimsitheacha ar Sheirbhísí VSP.

Tá an fhoclaíocht a ghabhann leis na hoibleagáidí a chuirtear ar Sholáthraithe VSP sa Treoir leagtha amach go cúramach chun idirdhealú a dhéanamh idir imthosca ina bhfuil an Soláthraí VSP féin freagrach as gníomhaíocht a rialú agus i gcás ina n-éilítear sa Treoir ar an Soláthraí VSP ról níos gníomhaí a ghlacadh nó acmhainní breise a chur i leataobh chun gníomhaíochtaí úsáideoirí ar an tseirbhís a mhodhnú. I gcás ina n-éilítear le hoibleagáid sa Treoir ar Sholáthraithe VSP bearta a ghlacadh chun modhnú níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí úsáideoirí ar an tseirbhís, éileofar leis an bhfoclaíocht san oibleagáid ábhartha sa Treoir ar an Soláthraí VSP “bearta iomchuí” a ghlacadh i dtaca leis an ngníomhaíocht sin.

Tá athleagan de na deich bpríomhoibleagáid a bhaineann le Soláthraithe VSP sa Treoir tugtha sa tábla thíos. Luaitear na hoibleagáidí ar bhealach “ginearálta” chun deis a thabhairt do Bhallstáit AE seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a rialáil ar bhealach atá comhsheasmhach lena gcreat dlíthiúil náisiúnta agus lena dtraidisiúin féin. Tá oibleagáid ar Bhallstáit na rudaí seo a leanas a dhéanamh:³

Airteagal	Oibleagáidí	Bearta iomchuí?
Airt. 28b.1(a)	A chinntiú go nglacfaidh soláthraithe ardáin comhroinnte físeán bearta iomchuí chun mionaoisigh a chosaint ar inneachar closamhairc ⁴ a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh dá bhforbairt coirp, meabhrach nó mhorálta;	Is ea

² Gabhann roinnt faic leis an rial ghinearálta sin.

³ Níl sé i gceist gur liosta uileghabhálach a bheadh sa liosta seo ach aibhsítear ann na príomhfhreagrachtaí a bheidh ar Bhallstáit agus ar Sholáthraithe VSP i dtaca le Seirbhísí VSP.

⁴ Ciallaíonn inneachar closamhairc sa chás seo cláir, físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí agus cumarsáid tráchtála closamhairc.

Airteagal	Oibleagáidí	Bearta Iomchuí?
Airt. 28b.1(b)	A chinntiú go nglacfaidh soláthraithe ardáin comhroinnte físeán bearta iomchuí chun an pobal a chosaint ar inneachar closamhairc ina bhfuil gríosú chun foréigin nó fuatha.	Is ea
Airt. 28b.1(c)	A chinntiú go nglacfaidh ardáin comhroinnte físeán bearta iomchuí chun an pobal a chosaint ar inneachar closamhairc a gcuimsítear arb ionann é a scaipeadh agus gníomhaíocht ar cion coiriúil é faoi dhlí an Aontais (e.g. cionta sceimhlitheoireachta, teacht i dtír gnéasach ar leanaí).	Is ea
Airt. 28b.2 Fo-Alt 1	A chinntiú go gcloífidh soláthraithe ardáin comhroinnte físeán le rialacha fógraíochta na Treorach in Airteagal 9(1) i dtaca le cumarsáid tráchtála closamhairc atá faoina smacht.	Ní hea
Airt. 28b.2 Fo-Alt 2	A chinntiú go nglacfaidh soláthraithe ardáin comhroinnte físeán bearta iomchuí chun cloí le rialacha fógraíochta na Treorach in Airteagal 9(1) i dtaca le cumarsáid closamhairc tráchtála nach bhfuil faoina smacht (i.e. iad sin nach margaíonn, nach ndíolann ná nach gcóiríonn siad)	Is ea
Airt. 28b.2 Fo-Alt 3	A chinntiú go gcuirfidh soláthraithe ardáin comhroinnte físeán úsáideoirí ar an eolas ar bhealach soiléir faoi na físeáin ina bhfuil cumarsáid tráchtála closamhairc, i gcás ina ndearbhaíonn úsáideoirí na físeáin mar sin, nó go bhfuil an soláthraí ar an eolas go bhfuil sin amhlaidh.	Ní hea
Airt. 28b.2 Fo-alt 4	Comhrialáil agus féinrialáil a spreagadh chun nochtadh leanaí a laghdú go héifeachtach ar chumarsáid tráchtála closamhairc maidir le bianna agus deochanna a bhfuil cothaithigh nó substaintí le héifeacht chothaitheach nó fhiseolaíoch acu, go háirithe saill, saillte sáithithe, aigéid thras-sailleacha, salann nó sóidiam agus siúcraí nach molfaí iontógáil iomarcach díobh in aiste bia foriomlán.	Ní hea
Airt. 28b.7	A chinntiú go bhfuil sásra sásaimh lasmuigh den chúirt ar fáil chun díospóidí a réiteach idir úsáideoirí agus soláthraithe ardáin comhroinnte físeán i dtaca le bearta arna nglacadh de bhun na Treorach maidir le seirbhísí den sórt sin.	Ní hea
Airt. 28b.8	A chinntiú gur féidir le húsáideoirí a gcearta maidir le cosaint mionaoiseach, gríosú chun foréigin nó fuatha agus cionta coiriúla AE a dheimhniú os comhair cúirte.	Ní hea
Airt. 28a.6	Liosta cothrom le dáta de sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán a bhunú agus a choimeád.	Ní hea

Mar a pléadh thuas, éilíonn oibleagáidí ina n-iarrtar ar Sholáthraithe VPS “bearta iomchuí” a ghlacadh ar sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán modhnú a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí ar fhíseáin ar a seirbhís. Chun é sin a dhéanamh, ní mór do sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán⁵:

- Sásraí éifeachtacha a bhunú agus a fheidhmiú chun aois a dheimhniú go hionraic ar an tseirbhís chun mionaoisigh a chosc ó bheith ag amharc ar fhíseáin a d’fhéadfadh cur isteach ar a bhforbairt coirp, mheabhrach nó mhorálta.
- Córais éifeachtacha um scagaire teaghlaigh a bhunú agus a fheidhmiú go hionraic ar an tseirbhís.
- Téarmaí agus coinníollacha an ardáin a ailíniú agus téarmaí agus coinníollacha an ardáin a fhorfheidhmiú chun déileáil ar bhealach níos éifeachtaí le saincheisteanna a bhaineann le cosaint mionaoiseach, gríosú chun foréigin nó fuatha agus cionta coiriúla AE.
- Téarmaí agus coinníollacha an ardáin a ailíniú agus téarmaí agus coinníollacha an ardáin a fhorfheidhmiú go gníomhach ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis na rialacha sa Treoir maidir le fógraí físe (ina gcuirtear cosc ar chineálacha áirithe fógraíochta ar an tseirbhís m.sh. tobac);
- Nósanna imeachta trédhearcacha, a bheidh éasca a úsáid agus a bheidh éifeachtach i ndáiríre a bhunú agus a fheidhmiú chun gearáin a dhéanfaidh úsáideoirí faoi fhíseáin a láimhseáil agus a réiteach.
- Bearta teicniúla a thabhairt isteach lena chinntiú go ndéantar aon fhógraí i bhfíseáin a uaslódálann úsáideoirí ar an tseirbhís a dhearbhu.
- Sásraí trédhearcacha agus éasca a úsáid a thabhairt isteach a thugann deis d’úsáideoirí na seirbhíse tuairisc a thabhairt ar fhíseáin nó aird a tharraingt ar fhíseáin a d’fhéadfadh a bheith díobhálach do mhionaoisigh, a d’fhéadfadh gríosú chun foréigin nó fuatha a chuimsiú nó a d’fhéadfadh cion coiriúil AE a chuimsiú. Ní mór don soláthraí a mhíniú d’úsáideoirí an ardáin cad a rinneadh maidir le tuairiscí agus aird a tharraing úsáideoirí.
- Sásraí a thabhairt isteach chun deis a thabhairt d’úsáideoirí inneachar a ‘mharcáil’ .i. le tabhairt le fios cén aois a bhfuil sé oiriúnach dó.
- Tuiscint ar na meáin a chur chun cinn ar an tseirbhís agus uirlisí a thabhairt isteach chun feachtas úsáideoirí ar thuiscint ar na meáin a ardú.

Cruthaítear tuairim leis an Treoir nach mór na bearta atá liostaithe thuas a ghlacadh ach is féidir é sin a bhréagnú. Cinntear an bealach agus an fhoirm ina ndéantar beart iomchuí a ghlacadh, mar aon le cibé an bhfuil sé iomchuí in aon chor le haghaidh an bhirt atá le glacadh, trí thagairt a dhéanamh don chreat measúnaithe a leagtar síos sa chéad dá fho-alt d’Airteagal 28b.3.

⁵ Déantar ábhair an liosta seo a athinsint ón ábhar i liosta na mbeart in Airteagal 28b.3 den Treoir.

Éilítear in Airteagal 28b.3 go ndéanfaí measúnú ar na nithe seo a leanas: an cineál inneachair; an díobháil a d'fhéadfadh sé a dhéanamh; saintréithe den chatagóir daoine a bheidh le cosaint; cearta agus leasanna dlisteanacha atá i gceist, lena n-áirítear cearta agus leasanna na soláthraithe ardáin comhroinnte físeán agus na n-úsáideoirí a chruthaigh nó a d'uaslódáil an t-inneachar; praiticiúlacht na mbeart (ag cur méid na seirbhíse ardáin comhroinnte físeán agus an chineáil seirbhíse atá á soláthar san áireamh); comhréireacht na mbeart (ag cur méid na seirbhíse ardáin comhroinnte físeán agus an chineáil seirbhíse atá á soláthar san áireamh) agus an leas poiblí ginearálta.

2.3.2 Oibleagáidí faoi Airteagal 28b

Baineann na hoibleagáidí atá sa Treoir le haghaidh Seirbhísí VSP le gníomhaíocht atá faoi smacht na Soláthraithe VSP agus faoina smacht siúd amháin agus le gníomhaíocht a bhaineann leis an gcaoi a ndéanann Soláthraithe VSP modhnú ar fhíseáin a uaslódálann úsáideoirí a gcuid seirbhíse.

Cuir i gcás, éilítear le hAirteagal 28b.2 (1) ar Bhallstáit a chinntiú nach ndéanfaidh Soláthraithe VSP margaíocht, nach ndíolfaidh siad nó nach socróidh siad fógraí closamhairc le haghaidh táirgí tobac ar bhealach atá contrártha le hAirteagal 9.1(d). I gcás ina ndéanfaidh Soláthraí VSP margaíocht, ina ndíolann sé nó ina ndéanfaidh sé socrú maidir le fógra closamhairc le haghaidh táirge tobac ar an tseirbhís, i bhformhór cásanna is féidir a chinneadh cibé ar tharla sé sin trí thagairt amháin do na gníomhaíochtaí a ghlac an Soláthraí VSP (ar an gcaoi chéanna a bheag nó a mhór is a bheadh craoltóir freagrach dá mbrisfeadh sé riail den chineál céanna). Níl gníomhaíochtaí úsáideoirí na seirbhíse ábhartha sa chás seo.

I gcodarsnacht leis sin, éilíonn Airteagal 28b.2 (2) ar Bhallstáit a chinntiú go nglacfaidh Soláthraithe VSP *bearta iomchuí* i dtaca le fógraí closamhairc le haghaidh táirgí tobac a bhíonn le feiceáil ar an tseirbhís, ach nach bhfuil faoi smacht an tSoláthraí VSP .i. is iad úsáideoirí na seirbhíse a uaslódálann iad. Nuair a bheifear ag cinneadh cibé an bhfuil Soláthraí VSP ag comhlíonadh na hoibleagáide sin beidh gá le measúnú ar iompar an tSoláthraí VSP agus beidh aird ar scála agus ar chineál ghníomhaíocht an úsáideora ar an tseirbhís, ar na hacmhainní atá ar fáil don Soláthraí VSP agus aon imthosca ábhartha eile de réir mar is cuí (m.sh. an bhfuil nósanna imeachta uathoibríocha ann i gcomhair cinnteoireachta, agus, má tá, cé chomh mór is atá siad i bhfeidhm?).

Tá impleachtaí i bhfad níos casta ag baint le roinnt oibleagáidí a bhaineann le Soláthraithe VSP sa Treoir i gcomparáid le cinn eile. Cuir i gcás, éilíonn Airteagal 28b.1(a) ar Sholáthraithe VSP bearta iomchuí a ghlacadh chun mionaoisigh a chosaint ar inneachar closamhairc a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh dá bhforbairt coirp, mheabhrach nó mhorálta. Cé go mbeidh roinnt saincheisteanna maidir le cosaint mionaoiseach sách simplí, beidh gnéithe níos casta i gcinn eile ina gcaithfear cinneadh a dhéanamh bunaithe ar inneachar, aois an mhionaoisigh atá i gceist agus aon leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag mionaoiseach. Beidh sé níos casta de ghnáth teacht ar chinneadh sna cásanna sin i gcomparáid le cinneadh a dhéanamh faoi cibé an bhfuil táirge tobac i bhfógra, mar shampla.

Beidh gá le cuir chuige agus teicnící rialála difriúla éagsúla dá bhrí sin, chun na hoibleagáidí sa Treoir a chur i bhfeidhm. Beidh treoir shoiléir, mhionsonraithe iomchuí i roinnt cásanna fad is a iarrfar ar Sholáthraithe VSP cur chuige bunaithe ar phrionsabail a ghlacadh i dtaca le cosaint, rud is dóigh a chinnteoidh cosaint níos fearr d'úsáideoirí in imthosca eile. Féadfar cinneadh a dhéanamh ar bhealach simplí uaireanta faoi cibé ar sáraíodh oibleagáidí na Treorach, ach i gcásanna eile níos casta nuair a bheidh oiriúnacht na mbeart arna nglacadh ag Soláthraithe VSP á cinneadh beidh aird ar raon tosca.

Ba cheart an chastacht sin a léiriú sa chur chuige a ghlacfar maidir le trasuí agus ba cheart dó raon cumhachtaí rialála iomchuí a thabhairt don rialtóir chun measúnú a dhéanamh ar na bearta atá i bhfeidhm ag Soláthraithe VSP.

2.4 Príomhthuiscintí Dlíthiúla agus Dlínsiúla atá mar Bhonn ag Cur Chuige an Údaráis

Tá gach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh freagrach as na Seirbhísí VSP arna soláthar ag Soláthraithe VSP óna dhlínse a rialáil ar bhonn uile-Eorpach (a mhéid is go mbíonn ceist laistigh de raon feidhme na réimsí atá comhordaithe faoin Treoir). Mar thoradh air sin, ciallaíonn na rialacha nua sa Treoir go bhféadfadh sé tarlú go ndearnadh cumas na mBallstát eile rialacha agus smachtbhannaí rialála a ghearradh ar Sholáthraithe VSP atá bunaithe lasmuigh dá mBallstát a lagú. Mar gheall air sin bhí imní dhlísteanaigh i measc na mBallstát eile faoina mhéid is atá siad in ann bearta rialála a ghearradh anois ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán mór le rá atá á soláthar as Éirinn chun áitritheoirí a chosaint ina mBallstáit.

Tá sé tábhachtach go dtuigí raon feidhme agus teorainneacha oibleagáidí na Treorach, toisc go dtabharfaidh sé sin soiléiriú ar raon feidhme údarás an rialtóra atá ceaptha maidir le Soláthraithe VSP agus comhoiriúnacht na Treorach le dlíthe Bhallstáit eile san Aontas Eorpach. Is comaoin thábhachtach i gcomhthéacs Eorpach i gcoitinne a bheidh sa cheist a bhaineann le comhoiriúnacht na Treorach le réimsí eile dlí.

Chuige sin, tá aird ag an Údarás ar na pointí seo a leanas a bhaineann le dlínse agus comhoiriúnacht:

1. Cé nach ndéantar beag is fiú don tábhacht atá le forálacha na Treorach athbhreithnithe, ní mheasann an tÚdarás go ndéantar “mór-rialtóir” d’Éirinn leis an Treoir maidir leis na gníomhaíochtaí go léir a bhíonn ar siúl ag soláthraithe ardáin comhroinnte físeán. Ní mór don chur chuige beartaithe maidir le trasuí na Treorach a bheith comhoiriúnach le raon rialacha agus rialachán náisiúnta agus Eorpach i mBallstáit eile cosúil le cosaint sonraí agus príobháideacht, sábháilteacht ar líne, cosaint tomhaltóirí, forfheidhmiú coiriúil agus fógraíocht pholaitiúil nach bhfuil comhordaithe leis an Treoir. A mhéid is féidir, ní mór an Treoir a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhoiriúnach leis na rialacha eile seo agus ní mór di a bheith comhoiriúnach leis an obair a dhéanann cuid mhaith údarás rialála ar fud an AE ina gcuimsítear raon réimsí substaintiúla a tharlaíonn ar Sheirbhísí VSP, ach nach mbaineann le rialáil Seirbhísí VSP ar an mbealach a shamhlaítear *mar sin* leis an Treoir. Áireofar leis sin an obair a dhéanann go leor rialtóirí sábháilteachta ar líne is dóigh a bheidh bunaithe i mBallstáit eile san AE as seo go ceann deich mbliana, mar shampla. I gcás ina dtarlaíonn coinbhleacht, áfach, beidh feidhm ag rialacha na Treorach.
2. Tá na rialacha sa Treoir maidir le Seirbhísí VSP beartaithe chun cearta lucht féachana maidir le hinneachar closamhairc amháin a chosaint. D’fhonn cearta úsáideoirí i dtaca le hinneachar closamhairc a chosaint, is dóigh go mbeidh tionchar de thaisme ag bearta atá beartaithe chun an Treoir a chur i bhfeidhm ar inneachar seachas inneachar closamhairc a bhíonn ar sheirbhís, cuir i gcás nuair atá déchuspóir nó ilchuspóir ag cuspóir feidhme ar Sheirbhís VSP agus go mbíonn tionchar aige ar rochtain ar chineálacha eile inneachair ar an tseirbhís m.sh. scáileán chun logáil isteach nó sásra scagaire teaghlaigh, nó ar a n-úsáid. Díreach toisc go bhféadfadh tionchar a bheith ag bearta atá beartaithe chun an Treoir a chur i bhfeidhm ar inneachar seachas inneachar closamhairc ní fhágann sé sin gur féidir leis a bheith mar bhac ar chur i

bhfeidhm a cuid rialacha, toisc murach é – de bharr chomh casta is atá seirbhísí meán sóisialta – go mbeadh sé dodhéanta an Treoir a chur i bhfeidhm. Is iad na Soláthraithe VSP atá freagrach as na caighdeáin a leagtar síos sa Treoir a bhaint amach agus iad a léiriú in athruithe agus é sin a dhéanamh ar bhealach comhréireach.

3. Ní chruthaíonn na forálacha sa Treoir a bhaineann le Seirbhísí VSP ach oibleagáidí ar Sholáthraithe VSP amháin agus ní tharlaíonn sé ach amháin i dtaca leis na Seirbhísí VSP a sholáthraíonn siad. Ní chruthaíonn siad oibleagáidí ar úsáideoirí na seirbhísí sin murar seirbhísí meán closamhairc a bhíonn i gceist leo. Chomh fada is a bhaineann sé le dlí i mBallstát eile a bheith ag cruthú oibleagáidí ar *úsáideoirí* Seirbhísí VSP (seachas seirbhísí meán closamhairc) agus a mhéid is a fhorfheidhmítear iad ón bpeirspictíocht sin, seans go mbeidh sé go hiomlán comhoiriúnach leis an gcóras rialála a chruthaítear leis an Treoir.

2.5 Forálacha VSP na Treorach i dtéarmaí Macraí-ghnéithe agus Micri-ghnéithe

Agus é ag forbairt a sheasaimh maidir le trasúí fhorálacha na Treorach a bhaineann le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, rinne an tÚdarás anailís mhionsonraithe ar chuid mhaith dá fhorálacha ón bpeirspictíocht a bhain le himpleachtaí mórscála (“macraí”) agus ar scála beag (“micri”) a cuid oibleagáidí a shoiléiriú, agus bhí aird ar leith aige ar scála an inneachair chlosamhairc a bheidh le rialú ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán na hÉireann.

Mar shampla, éilíonn Airteagal 28b.1(a) den Treoir ar Bhallstáit a chinntiú go nglacann soláthraithe ardáin comhroinnte físeán bearta iomchuí chun mionaoisigh a chosaint ar inneachair chlosamhairc a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh dá bhforbairt mheabhrach, mhorálta agus coirp. Is é “macraí-impleacht” na hoibleagáide sin ná nach mór rialacha agus prionsabail ardleibhéil a tharraingt suas ina gcinnfear na cineálacha inneachair atá díobhálach do mhionaoisigh agus a chinnteoidh go mbeidh beartais agus nósanna imeachta na soláthraithe VSP ailínithe leis na macraí-rialacha sin. Is iad “micri-impleachtaí” na hoibleagáide seo na milliúin cinntí a chaithfidh seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a ghlacadh i dtaca leis na rialacha chun mionaoisigh a chosaint.

Ag féachaint ar fhorálacha na Treorach i dtaca le soláthraithe VSP i dtéarmaí a macroibleagáidí agus a miocroibleagáidí, bhain an tÚdarás de thátal as gurb é an bealach is éifeachtaí chun an Treoir a thrasú ná go ndéanfaidh an stát agus rialtóir reachtúil na “macraí-chinntí” sa chreat reachtach agus rialála do sholáthraithe VSP agus go réiteodh na soláthraithe VSP “miocragóidí” a eascróidh as na “macraí-rialacha” sin ar an ardán. Is é an ról a bheidh ag an rialtóir sa chomhthéacs seo a chinntiú, ar macraí-leibhéal, go ngníomhóidh an soláthraí ar bhealach a bheidh ag teacht leis na “macraí-rialacha” agus mar atá siad á gcomhlíonadh a mheasúnú agus a fhaire ón bpeirspictíocht seo. Is é seo an cur chuige foriomlán i dtaca le trasúí is fearr leis an Údarás maidir le seirbhísí VSP ar na príomhchúiseanna seo a leanas:

- Príomhláidreachtaí an rialúcháin reachtúil – iontaoibh an phobail agus an leas poiblí – ar féidir iad a chur i bhfeidhm i dtaca leis na saincheistean a bhfuil na himpleachtaí is mó acu don líon is mó daoine.

- Bheadh an costas agus na hacmhainní eile a theastódh chun rialtóir reachtúil a fhostú chun gearáin aonair a riar agus “micrea-shaincheisteanna” ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán ar bhonn uile-Eorpach iomarcach agus neamhphraiticiúil.
- Ach rochtain a fháil ar réitigh theicniúla chun saincheisteanna a réiteach agus trí nasc díreach, teicniúil riaracháin a bheith ar an tseirbhís ardáin comhroinnte físeán féin, is é an soláthraí ardáin comhroinnte físeán an comhlacht is fearr atá in ann “micrea-shaincheisteanna” maidir leis an tseirbhís a réiteach go luath. Samhlaíonn an tÚdarás dara céim láidir, neamhchlaonta cinnteoireachta laistigh de sholáthraí VSP ina chur chuige beartaithe chun próisis chinnteoireachta Soláthraithe VSP a fheabhsú.
- Caithfear “micri-dhíobhálacha”, ar díobhálacha iad a mbíonn tionchar díreach acu ar dhuine aonair, a réiteach chomh tapa agus is féidir ionas nach ndéanfar díobháil do na daoine sin. Ag glacadh le scála an inneachair chlosamhairc a bheidh le rialú, is é an rialtóir an duine is fearr a réiteoidh “micri-dhíobhálacha”/comh-dhíobhálacha a mbíonn tionchar acu ar líon mór daoine nó grúpaí daoine le chéile.
- Is féidir comhlíonadh na seirbhíse ardáin comhroinnte físeán maidir le micrea-shaincheisteanna a thógáil, a athbhreithniú agus trédhearcacht a thabhairt dó trí iniúchtaí spriocdhírthe ar an tseirbhís agus trí athbhreithnithe roghnacha ar phríomhchásanna agus saincheisteanna áirithe.

2.6 Cód nó Cóid VSP

Tá an tÚdarás den tuairim gurb é an bealach is oiriúnaí a ndéanfar trasú ar oibleagáidí na Treorach i gcomhair Seirbhísí VSP i gcreat dlíthiúil náisiúnta na hÉireann ná le reacht agus cóid reachtúla. Ba cheart an reacht a úsáid chun an “creat” rialála is cóir do sholáthraithe VSP cloí leis a chruthú agus ba cheart gurb iad na cóid reachtúla – arna n-ullmhú ag an rialtóir – an príomhbhealach faoina gcuirfidh an rialtóir caighdeán agus cuspóirí rialála in iúl.

Ní dóigh leis an Údarás gur gá “tosú as an nua arís” nuair a bheidh Soláthraithe VSP á rialáil. Cé gur cheart go mbeadh roinnt sásraí sa chreat rialála atá ceaptha chun saincheisteanna scála (go háirithe gearáin) a réiteach agus chun deis a thabhairt don rialtóir cinntí eolasacha a dhéanamh faoi ghníomhaíochtaí soláthraithe VSP, sa deireadh thiar, is sásraí seanbhunaithe iad cóid reachtúla a chruthaíonn torthaí rialála éifeachtacha.

Cruthaíonn cóid reachtúla cothromaíocht éifeachtach idir a chinntiú go mbeidh eintitis rialaithe ag comhlíonadh na rialacha agus dóthain solúbthachta a thabhairt chun rialacha rialála a fhorbairt agus a fheabhsú. Ach bunús a bheith aige sa reacht, is ionann sárú ar chód reachtúil agus sárú ar an dlí, rud a thugann deis dá réir sin do rialtóir caingne forfheidhmithe a ghlacadh i gcoinne eintitis a sháraigh an cóid nuair nár comhlíonadh na rialacha. Murab ionann is an reacht, is féidir leis an rialtóir cóid a leasú go díreach chun é a chur in oiriúint go tapa d’imthosca a bhíonn ag athrú, chun freagairt do nithe lena mbaineann tábhacht phoiblí nó chun léiriú a thabhairt ar athruithe ar dhearcthaí nó ar ionchais maidir le caighdeán chosanta.

Leagtar síos caighdeán choitianta i gcóid reachtúla i measc na seirbhísí rialáilte uile, rud a chinntíonn go mbíonn deis chothrom iomaíochta idir na heintitis rialáilte agus a chinntíonn go gcuirtear na caighdeáin a éilítear ar eintitis in iúl ar bhealach gonta, soiléir. Ba cheart do sholáthraithe VSP a bheith

freagrach as a gcuid beartais, a dtéarmaí seirbhíse agus a nósanna imeachta a ailíniú leis na cóid a leagann an rialtóir síos agus a chinntiú go mbaintear amach na cuspóirí a leagtar síos sna cóid.

Tugann an tÚdarás rabhadh i gcoinne córas rialála atá bunaithe sa reacht amháin toisc go bhféadfadh cur chuige righin mar sin maidir le trasuí dul as dáta go tapa agus ní féidir rialacha reachtúla a chur in oiriúint chun freagairt go tapa do shaincheisteanna práinneacha.

Ba cheart go mbeifí in ann na hacmhainní atá ar fáil do sholáthraithe difriúla seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a chur san áireamh sna caighdeáin a leagann an rialtóir síos agus a mhéid is go bhféadfadh cosaintí a bheith níos inmhianaithe/riachtanaí ar sheirbhís amháin i gcomparáid le seirbhís eile.

2.7 Gearáin agus an Sásra Réitigh Neamhchlaonta Lasmuigh den Chúirt

Tá feidhm riachtanach ag gearáin ón lucht féachana in aon chóras rialála do na meáin. Má bhíonn foinse éifeachtach ann inar féidir éisteacht le gearáin, iad a bhreithniú agus moltóireacht a dhéanamh ina leith ar bhealach cothrom, cuirtear comhlíonadh chun cinn i measc eintiteas rialáilte agus tugtar cumhacht do lucht féachana cúram a chur ar eintitis rialáilte a bheith freagrach. Ó pheirspictíocht an rialóra, is táscairí tábhachtacha iad gearáin maidir le timpeallacht rialaithe seirbhíse agus maidir le neamhchomhlíonadh féideartha eintiteas rialáilte le cóid agus rialacha reachtúla. Is féidir leo treochtaí a aibhsiú freisin agus tarraingítear aird iontu ar phríomhshaincheisteanna a mheasann an lucht féachana a bheith tábhachtach.

Mar sin féin, i gcomhthéacs thrasúí na Treorach athbhreithnithe, is gá aird a bheith ar scála an inneachair chlosamhairc atá á rialáil ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán agus na dúshláin a chruthaítear leis sin do mhodhanna traidisiúnta rialála. Go bunúsach, ciallaíonn rialacha na Treorach go gcaithfear córais chosanta éifeachtacha a chur i bhfeidhm le haghaidh na gcéadta milliún duine as an Eoraip.

Tá an tÚdarás den tuairim fiú le tástáil reachtúil agus le tairseach nach mór a bhaint amach sula nglacfadh an rialtóir le gearáin, gur beag seans go mbeifear in ann cur chuige rialála “traidisiúnta” maidir le réiteach gearán ina bhfuil oibleagáid reachtúil ar rialtóir nó ar chomhlacht seachtrach chun gearáin a réiteach go díreach ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán a bhaint amach i gcleachtas go deo. I gcás inar féidir leis an rialtóir an luach is fearr a chur ar fáil laistigh den chóras rialála trí dhíriú ar “macra”-shaincheisteanna (a pléadh i Roinn 2.5) a mbíonn tionchar acu ar líon mór úsáideoirí ag an am céanna.

Aontaíonn an tÚdarás leis an Aire nach dteastaíonn córas traidisiúnta gearán traidisiúnta den sórt sin a bhunú sa Treoir maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán. Mar sin féin, a mhéid is indéanta, creideann an tÚdarás go láidir gur chóir don chur chuige atá glactha maidir le réiteach gearán sa chur chuige beartaithe maidir le trasuí do sholáthraithe VSP cur ar chumas daoine aonair a bheith in ann athrú stuama a dhéanamh ar an gcaoi a n-íompraíonn seirbhísí ardáin comhroinnte físeán iad féin agus chun Soláthraithe VSP a spreagadh chun gníomhú ar bhealach níos freagraí.

Cé go dteastóidh obair mhór a dhéanamh ar go leor de na gnéithe is mionsonraithe den chur chuige, tá an tÚdarás ag moladh go gcuimseofaí na ceithre phríomhghné seo a leanas leis an gcur chuige a ghlacfar maidir le gearáin a réiteach ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán:

- (1) Ba cheart go mbeadh sé mar oibleagáid ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán sásraí agus nósanna imeachta láidre agus trédhearcacha a bheith acu go himmheánach chun gearáin maidir le hinneachar closamhairc a réiteach. Ba cheart don rialtóir maoirsiú agus measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcóras agus na nósanna imeachta sin.
- (2) Ba cheart go mbeadh sé mar oibleagáid ar sholáthraithe VSP cinnteoirí neamhspleácha a choimeád, dream a fheidhmíonn mar dara céim cinnteoireachta i gcásanna ina mbíonn gearánach nó ábhar aonair i ngearán míshásta leis an gcaoi ar cinneadh gearán. Ba cheart neamhspleáchas na gcinnteoirí sin a ráthú sa reacht agus ba cheart don rialtóir monatóireacht a dhéanamh orthu.
- (3) Ar an macraí-leibhéal, ba cheart don rialtóir aird a bheith aige ar ghearáin a fhaigheann an soláthraí VSP “le chéile” nuair a dhéanann sé a chuid measúnuithe ar chomhlíonadh soláthraí VSP.
- (4) Ba cheart comhlachtaí áirithe ar fud an AE a ainmniú mar “ghearánaigh tosaíochta”. Ba cheart go gcuirfí mar oibleagáid ar Sholáthraithe VSP acmhainní breise a chur i leataobh chun gearáin ó na comhlachtaí sin a réiteach agus cúiseanna cuimsitheacha a thabhairt faoin gcúis a ndearnadh cinntí i ngearáin a fuair siad. Ba cheart don rialtóir monatóireacht ghéar a dhéanamh ar an gcaoi a réitítear gearáin den sórt sin.

2.7.1 Nós Imeachta Gearán Inmheánach na Soláthraithe VSP maidir le hInneachar Closamhairc

Ba cheart go n-éileodh an creat rialála ar sholáthraithe VSP nós imeachta inmheánach trédhearcach a bheith acu maidir le gearáin faoi inneachar closamhairc.

I gcás ina mbíonn inneachar closamhairc ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán, ba cheart rogha a bheith ag úsáideoirí na seirbhíse gearán a dhéanamh go díreach faoin inneachar sin leis an soláthraí VSP. Ba cheart oibleagáid a bheith ar sholáthraithe VSP chun “uirlisí” atá éasca a úsáid a chur ar fáil chun tuairisc a thabhairt ar inneachar, cosúil le cnaipí nó sásraí chun aird a tharraingt orthu.

Ba cheart beartais agus nósanna imeachta inmheánacha na soláthraithe VSP chun gearáin a réiteach agus a dtéarmaí seirbhíse a ailíniú le ceanglais an Chóid VSP. Ba cheart go mbeadh úsáideoirí in ann gearán a dhéanamh faoi úsáideoirí eile na seirbhíse ardáin comhroinnte físeán nó faoi iompar, próisis agus/nó nósanna imeachta an tsoláthraí VSP.

Ba cheart méid áirithe solúbthachta a thabhairt do sholáthraithe VSP sa chaoi a réitíonn siad gearáin d’fhonn réitigh theicneolaíochta a éascú chun saincheisteanna a réiteach agus chun a chinntiú gur féidir cinntí a dhéanamh agus aird ar thosca comhthéacsúla. Mar shampla, seachas píosa amháin inneachair a thógáil anuas, bealach níos éifeachtaí a bhféadfaí freagra a thabhairt ar ghearán is ea bearta teicneolaíochta a úsáid ionas nach mbeadh an píosa inneachair sin le feiceáil ar fud na seirbhíse.

Nuair nach mbíonn gearánach sásta le cinneadh (nó cinntí) a dhéanann soláthraí VSP, nó i gcás go raibh tionchar ag gearán a chuir úsáideoir eile isteach ar inneachar closamhairc úsáideora, ba cheart rogha a bheith ann sásra réitigh neamhchlaonta a úsáid.

2.7.2 Cinnteoirí Neamhchlaonta

Éilíonn Airteagal 28b.7 den Treoir ar Bhallstáit AE a chinntiú go mbeidh sásra sásaimh neamhchlaonta lasmuigh den chúirt ar fáil chun díospóidí a réiteach idir úsáideoirí seirbhísí ardáin comhroinnte físeán agus soláthraithe ardáin comhroinnte físeán maidir le hinneachar closamhairc.

Tá an tÚdarás den tuairim, gur cheart go mbeadh scála an inneachair chlosamhairc atá le rialáil agus líon na n-úsáideoirí seirbhísí ardáin comhroinnte físeán in Éirinn (m.sh. iad sin a sholáthraíonn Facebook, Twitter agus Google) mar phríomhchomaoin nuair a bheidh an fhoráil seo á trasú.

Mar a luadh roimhe seo, mar gheall ar scála na gníomhaíochta ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán in Éirinn agus mar gheall ar ghnéithe áirithe de dhlí na hÉireann, is dóigh go mbeidh cur chuige traidisiúnta i dtaca le réiteach gearán fíordheacair a chur i bhfeidhm i gcleachtas ar na príomhchúiseanna seo a leanas:

- Theastódh na mílte foirne a fhostú, a bheadh tiomnaithe do réiteach gearán ón Stát agus sin amháin.
- Bheadh ar an eagraíocht gearáin a réiteach i bhformhór de na teangacha a úsáidtear laistigh den Aontas Eorpach.
- Chaithfí réitigh theicneolaíochta shofaisticiúla chun cinnteoireacht “chianda” a éascú ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán a bhunú lena ndéanfaí sonraí pearsanta na milliún duine as an Eoraip a aistriú agus a phróiseáil. D’áireofaí leis sin sonraí pearsanta an ghearánaigh, sonraí pearsanta daoine aonair a ndearnadh gearán maidir lena dtóiliú agus aon sonraí pearsanta eile a bheadh ábhartha maidir le cinneadh a dhéanamh.
- Bheadh cinntí a dhéanadh an eagraíocht faoi réir oibleagáidí maidir leis an gceartas aiceanta, bacainní bunreachtúla ar chomhlachtaí na hearnála poiblí agus athbhreithniú breithiúnach ar chinntí arna ndéanamh. Tá impleachtaí bunúsacha aige seo ar acmhainní agus ar chostais rud a mbeadh tionchar coiscitheach aige ar éifeachtacht na heagraíochta líon mór “micri-chinntí” a dhéanamh agus ar an gcumas iad a dhéanamh go tapa.
- Seans go bhféadfadh bunú córais mar sin costas mór ar an Stát.

Is é an cur chuige ab fhearr leis an Údarás maidir leis an sásra sásaimh lasmuigh den chúirt a chur i bhfeidhm ná córas reachtúil a chruthú ina n-éileofaí ar sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán cinnteoirí a bhfuil dualgas reachtúil orthu gníomhú go neamhchlaonta a choimeád. Dhíreodh an cur chuige sin ar chuspóirí as an nua a thabhairt do ghnéithe den bhonneagar réitigh gearán atá i bhfeidhm cheana féin laistigh de sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán agus acmhainní soláthraithe VSP a úsáid go díreach chun freastal ar an leas poiblí. Tá fasach leathan ag an gcur chuige seo sa cheanglas Oifigigh neamhspleácha um Chosaint Sonraí a cheapadh de bhun an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus tá siad ar aon dul leo.

Sa chur chuige seo, d’fhéadfadh Soláthraithe VSP cinnteoirí neamhchlaonta a choimeád agus a ionchorprú mar an “dara céim” i bpróisis réitigh gearán. D’fhéadfadh reachtaíocht agus forálacha sa Chód VSP na cinnteoirí neamhchlaonta a ráthú chun cinntí a dhéanamh go neamhspleách agus go neamhchlaonta, agus rialacha a thabhairt isteach ar shaincheisteanna mar seo a leanas:

- An chaoi a bhféadfaí cinnteoirí neamhchlaonta a fhostú. Mar shampla, d'fhéadfadh sé tarlú go gcuimseofaí le dhá thrian de phainéal agallaimh a cheapfaidh cinnteoir neamhchlaonta ionadaithe as eagraíochtaí neamhspleácha seachtracha.
- Cé ar cheart do chinnteoirí neamhchlaonta tuairisciú dó agus cé uaidh a bhfaighidh siad treoracha laistigh den eagraíocht, agus cé na saincheistanna a bheidh i gceist.
- Cén chaoi a bhfeadfar cinnteoirí neamhchlaonta a bhriseadh as a bpost, ar an gcoinníoll, go sonrach, nach féidir iad a bhriseadh as a bpost nó nach féidir pionós a ghearradh orthu de bharr cinntí a dhéanann siad fad is a bheidh feidhmeanna cinnteoirí neamhchlaonta á gcur i gcrích acu (mura ghníomhaigh siad go huafásach nó go faillíoch).
- A chinntiú nach mbeidh coinbhleachtaí leasa ag cinnteoirí neamhchlaonta.
- Cosaintí sceithire a bhunú do chinnteoirí neamhchlaonta agus líne cumarsáide leanúnach díreach, rúnda idir cinnteoir neamhchlaonta agus an rialtóir.
- A chinntiú go mbeidh oiliúint, tacaíocht agus líonraí cumarsáide éifeachtacha i bhfeidhm do chinnteoirí neamhchlaonta agus go gcaithfear leo ar bhonn neamh-idirdhealaitheach laistigh den eagraíocht (agus a neamhchlaontacht á coimeád ag an am céanna).

Bheifí ag súil go dteastódh cumhachtaí suntasacha ón rialtóir, lena n-áirítear cumhachtaí imscrúdaitheacha, lena chinntiú go ngníomhóidh cinnteoirí neamhchlaonta ar bhealach neamhchlaonta. Bheadh gá don rialtóir meastóireacht agus iniúchadh rialta a dhéanamh chun na cinnteoirí neamhchlaonta a chomhtháthú isteach i bpróisis chinnteoireachta na soláthraithe VSP. Chaithfí freagrachtaí na soláthraithe VSP i dtaca lena gcinnteoirí neamhchlaonta a dhéanamh follasach sa reachtaíocht agus i gcód nó i gcóid a bheadh infheidhmithe maidir le soláthraithe VSP, agus i gcás ina gcuirfí isteach ar na freagrachtaí sin, nó i gcás ina sárófaí iad go deimhin, chaithfí smachtbhannaí suntasacha a ghearradh ar sholáthraithe VSP chun sláine na bpróiseas chinnteoireachta a chaomhnú má táthar chun an “neamhchlaontacht” a éilítear leis an Treoir a bhaint amach.

Gabhann buntáistí móra leis an tsamhail bunaithe ar chinnteoirí neamhchlaonta i gcomparáid leis an gcur chuige “traidisiúnta” i dtaca le réiteach gearán:

- Luíonn an t-ualach maidir le maoiniú agus riar an chórais le soláthraithe ardáin comhroinnte físeán agus is féidir a n-acmhainn fhorleathan i gcomhair acmhainní daonna agus maoinithe a úsáid.
- Ní gá don Stát réitigh theicneolaíochta chasta a fhorbairt ná aithris a dhéanamh orthu chun cinnteoireacht a réiteach nó chun lear mór sonraí pearsanta a aistriú chun réiteach díospóidí a éascú.
- Bheadh na cinnteoirí neamhchlaonta in ann cinntí a dhéanamh le luas iomchuí, ag léiriú na timpeallachta ar líne a ghluaiseann go tapa.
- Is féidir fadhbanna teanga a bhaineann leis an gcur chuige traidisiúnta i dtaca le gearáin a sheachaint.
- Is féidir an cur chuige a chur i bhfeidhm ar i bhfad níos lú costais don Stát.

Is é an ról a bheadh ag an gcinnteoir neamhchlaonta cinntí a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm théarmaí seirbhíse an ardáin agus sin a dhéanamh ar bhealach neamhchlaonta a chaithfí, sa chur chuige atá beartaithe ag an Údarás, a ailíniú leis na ceanglais sa Chód VSP. Cé nach mbeadh na

cinnteoirí neamhchlaonta in ann téarmaí seirbhíse an ardáin a chur as feidhm, d'fhéadfadh an córas deis a thabhairt do na cinnteoirí neamhchlaonta “dearbhuíthe neamh-chomhoiriúnachta” a dhéanamh i gcás inar mhothaigh siad gur chuir téarmaí seirbhíse ardáin cosc orthu cinneadh iomchuí a dhéanamh nó i gcás inar léirigh a dtaithí i gcleachtas neamh-chomhoiriúnacht idir téarmaí seirbhíse an VSP agus an Cód VSP. Thabharfaí fógra maidir leis na dearbhuíthe neamh-chomhoiriúnachta agus bhreithneodh an rialtóir iad i gcás ina measfadh sé go raibh comhlíontacht na soláthraithe VSP ag an “macra-leibhéal”.

Dá nglacfaí leis an gcur chuige seo maidir le cur i bhfeidhm sásra réitigh díospóide neamhchlaonta, chaithfí machnamh cúramach a dhéanamh ar na sásraí reachtúla a bheadh le tabhairt isteach laistigh den scéim rialála lena chinntiú go bhfuil sé neamhchlaonta i ndáiríre agus *go measann* an pobal agus páirtithe leasmhara eile go bhfuil sé neamhchlaonta. Saincheist bhunúsach is dóigh a bheadh sa mhéid a fhaigheann cinnteoir neamhchlaonta luach saothair go díreach ón soláthraí VSP. Cé go bhfuil éifeachtacht an chuir chuige maidir le cinnteoir neamhchlaonta ag brath ar chinnteoirí neamhchlaonta a bheith á gcoimeád ag an soláthraí VSP, d'fhéadfadh sé a bheith cuí, cuir i gcás, ag cinnteoirí neamhchlaonta luach saothair a fháil díreach ón tobhach a bheadh infheidhme maidir le gach soláthraí VSP.

Buntáiste suntasach eile a bhaineann le cur chuige bunaithe ar chinnteoir neamhchlaonta leis an tsásra réitigh díospóide neamhchlaonta is ea go spreagtar fíorchultúr comhlíontachta rialála laistigh de sholáthraí VSP leis. D'fhéadfaí comhlacht seachtrach stáit a bhunú chun gearáin a réiteach mar bhealach a bheadh ag soláthraithe VSP a gcuid freagrachtaí rialála a “sheachfhoinsiú” chuig an gcomhlacht sin, seachas iad a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar a mbonneagair chinnteoireachta reatha, iad a fheabhsú agus infheistiú iontu.

2.7.3 Macra-Athbhreithniú ar Chinntí arna nDéanamh

Iarrann Airteagal 28b.5 ar Bhallstáit údarás náisiúnta rialála a bheith acu chun measúnú a dhéanamh ar na bearta rialála atá i bhfeidhm ag soláthraithe VSP. Cé gur deacair cur chuige i dtaca le trasuí a shamhlú ina ndéanann an rialtóir moltóireacht ar ghearáin aonair ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán, bheadh luach suntasach ag baint le faisnéis a ghinfí as gearáin a phróiseálann soláthraithe VSP a mbreathnaítear orthu “le chéile” don rialtóir agus cinneadh á dhéanamh aige faoi chomh maith is atá córais ghearán soláthraithe VSP ag feidhmiú agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil sásamh éifeachtach á chur ar fáil.

Mar shampla, bheadh spéis ag an rialtóir i gcás ina bhfaighfí líon mór gearán faoi ghné den Chód VSP d'fhonn a chinneadh an bhfuil gá le gníomh ar an macra-leibhéal. Is sásra tábhachtach aiseolais a bheadh ann freisin don rialtóir dá mba ghá moladh rialála foirmiúil a eisiúint – féach Roinn 2.8, thíos.

Bheadh siad seo a leanas i measc na dtáscairí a chuideodh chuige sin:

- Líon na ngearán a fuarthas maidir le saincheist(eanna) áirithe.
- A mhéid is atá gearánaigh sásta gur réitíodh a ngearáin agus an luas lenar réitíodh iad.
- Líon na n-achomharc neamhchlaonta a lorgaíodh agus na saincheisteanna ar ar lorgaíodh iad.
- An leibhéal “dearbhuíthe neamh-chomhoiriúnachta” ó chinnteoirí neamhchlaonta.
- Treochtaí bliain i ndiaidh bliana.

Má tá dóthain spéise ag an bpobal i ngearán le gur fiú idirghabháil agus rannpháirtíocht dhíreach an rialtóra a fháil, ba cheart go mbeadh an acmhainn ag an rialtóir chun moladh (moltaí) ceangailteach a eisiúint don soláthraí VSP chun dul i ngleic leis an gceist. D'fhéadfadh sé a bheith iomchuí don rialtóir freisin “tuairiscí téamacha” trasearnála a eisiúint ar shaincheistanna áirithe chun ionchais rialála a chur in iúl ar bhealach níos leithne. Tá tuilleadh faisnéise le fáil i Roinn 2.8 faoi conas a cheapann an tÚdarás is cóir measúnú a dhéanamh ar iompar soláthraithe VSP.

2.7.4 Gearánaigh Ainmnithe ag a bhfuil Tosaíocht

Cé nach bhfuil Ballstáit eile AE in ann smachtbhannaí a ghearradh níos mó ná rialacha a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí ardáin comhroinnte físeán i dtaca le nithe atá laistigh de na réimsí atá á gcomhordú ag an Treoir, tá an tÚdarás den tuairim go mb'fhéidir go bhféadfaí dul i ngleic le himní atá ar Bhallstáit eile an AE maidir le caillteanas dlínse i nithe atá á gcomhordú ag an Treoir – agus go bhféadfaí é a dhéanamh go páirteach – trí scéim “gearánach tosaíochta” – laistigh den chreat rialála le haghaidh seirbhísí ardáin comhroinnte físeán.

Cé go dtabharfar urraim don phrionsabal maidir le tír thionscnaimh, d'fhéadfadh scéim do ghearánaigh tosaíochta iarraidh ar sholáthraithe VSP acmhainní breise a thiomnú do chomhlachtaí áirithe atáthar a ainmniú mar “ghearánaigh tosaíochta”, agus gearáin uathu a réiteach ar bhealach níos tapúla. I socrú den sórt sin, chuirfeadh gearánach tosaíochta gearán isteach thar ceann na bpáirtithe lena mbaineann ina mBallstát agus bheadh sé de dhualgas ar sholáthraí VSP dul i dteagmháil leis an gcomhlacht a dhéanann an gearán agus oibriú go stuama leo in iarracht an cheist a réiteach. Ní bheadh sé de dhualgas ar an soláthraí VSP cloí leis an iarratas ón ngearánach tosaíochta (ag tabhairt urraim don phrionsabal maidir leis an tír thionscnaimh), ach bheadh an méid is a bhí sé ag obair go stuama leis an ngearánach chun an cheist a réiteach ina comaoin ábhartha ó thaobh comhlíontacht an tsoláthraí VSP a mheas.

D'fhonn aon chóras den sórt sin a chur i bhfeidhm, chaithfí machnamh mór a dhéanamh ar a chuspóir agus ar na cosaintí atá riachtanach chun mí-úsáid an chórais a chosc, i dtéarmaí líon na ngearán tosaíochta a d'fhéadfaí a lóisteáil agus an réasúnaíocht a bhaineann leis na gearáin a rinneadh. Chaithfí tástálacha éagsúla a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil leas poiblí suntasach ag baint le ceist, cuir i gcás, nó tionchar chomh mór aige is go n-éileodh sé gearán tosaíochta. Chaithfí cothromaíocht chúramach a bhaint amach lena chinntiú go dtabharfaí urraim don phrionsabal maidir le tír thionscnaimh faoin Treoir agus go mbeidh an córas gearán fós praiticiúil agus inoibrithe i gcoibhneas leis na hacmhainní a bheidh ar fáil do sholáthraí VSP.

Cur chuige amháin a d'fhéadfaí a úsáid maidir le scéim gearánach tosaíochta is ea comhlacht reachtúil neamhspleách a ainmniú, cosúil le rialtóir closamhairc i ngach Ballstát, mar ghearánach tosaíochta.

2.8 Creat Measúnaithe Rialála do Sholáthraithe VSP

Iarrann Airteagal 28b.5 den Treoir athbhreithnithe ar gach Ballstát AE a chinntiú go ndéanann údarás rialála náisiúnta measúnú ar oiriúnacht na mbeart rialála atá i bhfeidhm ag soláthraithe VSP chun

inneachar ar a gcuid seirbhísí a mhodhnú. Is é tuairim an Údaráis go dteastóidh creat measúnaithe rialála cuimsitheach le haghaidh soláthraithe VSP agus rialtóir reachtúil i mbun maoirseachta air.

Measann an tÚdarás go n-éileoidh an scéim reachtúil chun soláthraithe VSP a rialáil go dtabharfaí cumhachtaí suntasacha comhlíontachta agus forfheidhmithe don rialtóir, lena n-áirítear cumhachtaí iniúchta, imscrúdaithe agus smachta lena chinntiú go dtarlóidh comhlíonadh (pléite i bhfreagra an Údaráis ar cheistanna 14 agus 15 i Roinn 5.2). Mar sin féin, ba cheart gurb é sprioc uileghabhálach na scéime rialála pointe a shroicheadh ina mbeidh an comhlíonadh a dhéanfaidh soláthraithe VSP ar dhóigh a fhágfaidh gur rud mírialtá nó nach bhfuil gá leis é an úsáid a bhainfear as cumhachtaí den sórt sin. Ní dóigh go mbeidh cur chuige maidir le rialáil atá bunaithe ar smachtbhannaí agus ar fhorfheidhmiú amháin fabhrach ó thaobh comhlíonadh a spreagadh, ach nuair a tharlaíonn cur is cúiteamh oscailte idir an rialtóir agus eintitis rialáilte tairgtear an deis freisin iniúchadh a dhéanamh ar nithe a bhaineann le comhlíonadh agus na réitigh agus comhlíonadh amach anseo a bhainfear amach.

Cé go dteastóidh obair mhór mhionsonraithe chun na sonraí a bhainfidh le córas measúnaithe rialála le haghaidh soláthraithe VSP a fhorbairt, measann an tÚdarás gur chóir go gcuimseodh sé na cúig phríomhghné seo a leanas:

1. An ceanglas atá ar sholáthraí VSP **ráiteas** a leagan amach go bliantúil (nó go débhlíantúil) ina dtugtar cuntas ar a bpríomhchuspóirí agus a bpríomhthiomantais maidir le comhlíonadh, mar aon le príomhtháscairí feidhmíochta,
2. An ceanglas atá ar sholáthraithe VSP **tuarascáil** chuimsitheach a chur ar fáil a bhaineann leis an tréimhse comhlíontachta, ina ndéanfar measúnú ar a bhfeidhmíocht i gcoinne a gcuid cuspóirí. (“Tuarascálacha VSP”). Dá réir sin, dhéanfaidh an rialtóir athbhreithniú ar an measúnú sin agus dhéanfaidh sé a mheasúnú féin maidir le feidhmíocht an VSP.
3. An ceanglas atá ar sholáthraí VSP chun cuntas iomlán cóir a thabhairt ar a sheirbhís(i) sa leagan amach atá sonraithe ag an rialtóir, agus sásraí a bhunú chun faisnéis maidir leis an tseirbhís (na seirbhísí) a roinnt leis an rialtóir.
4. An ceanglas atá ar an rialtóir tuarascáil maidir lena chuid torthaí a eisiúint agus moltaí foirmiúla a dhéanamh agus treoracha a thabhairt don soláthraí VSP, a bhfuil sé de dhualgas air iad a leanúint.
5. Cumas an rialóra tuarascálacha “téamacha” is infheidhme maidir le gach Soláthraí VSP a chur ar fáil.

Ní próiseas deimhniúcháin amach is amach a bheadh sa phróiseas measúnaithe a shamhlódh an tÚdarás. In ionad sin, breathnaíonn an tÚdarás air mar bhealach chun trédhearcacht a sholáthar maidir le comhlíonadh a dhéanann soláthraí VSP lena chuid oibleagáidí bunúsacha cloí leis an gCód VSP agus a oibleagáidí reachtúla eile, sa tréimhse atá faoi athbhreithniú. D’fheidhmeodh sé freisin mar bhealach chun aird soláthraí VSP a dhíriú ar nithe ina measann an rialtóir gur chóir athruithe nó feabhsúcháin a dhéanamh (lena n-áirítear feabhsúcháin ar an bpróiseas) lean chinntiú go gcomhlíonfar níos fearr oibleagáidí agus dualgais reachtúla an tsoláthraí VSP. Cé go bhféadfadh sé feidhmiú mar chóras réamhrabhaidh má tá an soláthraí VSP chun smachtbhannaí a sheachaint sa todhchaí, ní chuirfeadh sé cosc ar an rialtóir a chumhachtaí forfheidhmithe reachtúla a chur i bhfeidhm i gcás gur fiú sin a dhéanamh.

2.8.1 Ráiteas VSP maidir le Tiomantais Chomhlíontachta

Ba cheart go n-iarrfaí ar gach soláthraí VSP ráiteas maidir lena thiomantais i gcomhair comhlíontachta a ullmhú go bliantúil (nó go débhlíantúil), ina leagfar síos a phríomhchuspóirí agus thiomantais feidhmíochta, mar aon le príomhtháscairí feidhmíochta d'fhonn a chinntiú go gcloíonn siad leis an gCód VSP arna ullmhú ag an rialtóir. Ba cheart don rialtóir formáid ráitis den sórt sin a chinneadh i gcomhairle leis an soláthraí VSP ach ba cheart go n-áireofaí leis, **ar a laghad ar bith**, na bearta iomchuí a chuirfidh soláthraí VSP i bhfeidhm de bhun Airteagal 28b.

Tá an soláthraí VSP freagrach as bearta teicniúla a cheapadh agus a thabhairt isteach agus as bearta eile chun a chinntiú go mbainfidh sé amach a chuid cuspóirí.

2.8.2 Tuarascáil VSP

Ba cheart go mbeadh sé mar oibleagáid ar gach soláthraí VSP measúnú a dhéanamh ar a fheidhmíocht i gcoinne a thiomantas maidir le comhlíonadh (mar atá leagtha amach ina ráiteas) agus tuarascáil mhionsonraithe a thiomsú agus a chur isteach chuig an rialtóir ar bhonn bliantúil nó débhlíantúil. Ba cheart go mbeadh cuntas cuimsitheach sa tuarascáil seo ar a mhéid is atá a chuspóirí agus a thiomantais chomhlíontachta bainte amach ag an soláthraí VSP sa tréimhse faoi athbhreithniú agus ba cheart don tuarascáil a bheith i bhformáid a bheidh sonraithe ag an rialtóir. Ba cheart go n-iarrfaí ar an rialtóir an tuarascáil a cheistiú, a thuairimí a thabhairt ar a bhfuil sa tuarascáil, agus teacht ar a chonclúidí féin maidir le feidhmíocht fhoriomlán an tsoláthraí VSP. Ba cheart go mbeadh na cumhachtaí is gá ag an rialtóir chun iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar na nithe atá faoi athbhreithniú más gá, nó iarraidh ar an soláthraí VSP socrú a dhéanamh chun iniúchadh neamhspleách a dhéanamh.

Mura bhfuil faisnéis shonrach sa tuarascáil an-íogair ar bhonn tráchtála don soláthraí VSP, táthar ag súil go bhfoilseodh an rialtóir na Tuarascálacha VSP ina n-iomlán d'fhonn trédhearcacht agus cuntasacht an phróisis a chinntiú.

D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ag baint leis an minicíocht ag a bhféadfadh an rialtóir iarraidh ar sholáthraí VSP ráiteas de thiomantais i gcomhair comhlíontachta a ullmhú agus tuarascáil a eisiúint ag brath ar an soláthraí VSP atá i gceist, agus aird ar líon na n-úsáideoirí a gheobhaidh cosaint ar sheirbhís agus ar an mbaol díobhála agus tromchúiseacht na díobhála a tharlóidh nó a d'fhéadfadh tarlú. Seans go mbeadh córas "sraithe" iomchuí ina dtabharfaí deis don rialtóir tús áite a thabhairt d'acmhainní agus iad a leithdháileadh chun gníomhaíochtaí comhlíontachta soláthraithe VSP áirithe a mheas.

Gheobhadh measúnú an rialtóra ar fheidhmíocht soláthraí VSP tacaíocht ó fhaisnéis ó fhoinsí éagsúla, mar shampla:

- Ráiteas maidir le tiomantais chomhlíontachta an tsoláthraí VSP agus an tuarascáil a eascróidh as sin.
- Iarratais shonracha ar fhaisnéis ón rialtóir chuig an soláthraí VSP i rith an phróisis measúnaithe.
- Faisnéis a cruinníodh ó phróisis réitigh gearán a oibreoidh mar shásra aiseolais (pléite i Roinn 2.7, thuas).
- Faisnéis a cruinníodh ó fhoinsí eile, lena n-áirítear:
 - Cumarsáid le Ballstáit eile, lena n-áirítear rialtóirí closamhairc.
 - Faisnéis a thugann an soláthraí VSP don rialtóir nuair a iarrtar í, (lena n-áirítear trí shásraí bailithe faisnéise leictreonaí) agus i bhformáid a shonróidh an rialtóir.

- Faisnéis atá ar fáil go poiblí.
- Tuarascálacha / cumarsáid rúnda a fuarthas ó chinnteoirí neamhchlaonta nó ó sceithirí.
- Faisnéis a cruinníodh ó iniúchtaí neamhspleácha agus neamhchlaonta arna ndéanamh ag soláthraí VSP ar iarratas ón rialtóir.

Le linn dó a athbhreithniú a dhéanamh ar mar a d'éirigh le soláthraí VSP a fheidhmíocht comhlíontachta a bhaint amach, d'ullmhóidh an rialtóir a thuarascáil agus a mholtaí féin ansin ag eascairt as próiseas measúnaithe Airteagal 28b.

2.8.3 Moltaí Reachtúla

Ba cheart go mbeadh sé de chumas ag an rialtóir do sholáthraithe VSP moladh reachtúil nó moltaí reachtúla a eisiúint chuig soláthraí VSP ag éirí as próiseas measúnaithe Airteagal 28b5. Ba cheart go mbeadh an admháil moltaí agus an dualgas oibriú go stuama leis an rialtóir chun aon mholadh a éireoidh as a chur i bhfeidhm i bhfoirm oibleagáidí reachtúla ar sholáthraithe VSP agus sa Chód VSP.

D'fhéadfadh sé gur bealach a bheadh i moladh a ghlacadh an rialtóir chun soláthraí VSP a threorú ar bhealach spriocdhírthe chun nithe sonracha leasa phoiblí a réiteach nó dul i ngleic leo, atá laistigh de raon feidhme an Chóid VSP, agus a d'fhéadfadh a bheith in dhá fhoirm:

- D'fhéadfaí moladh **Catagóir 1** a eisiúint i gcás ina bhfuil an rialtóir den tuairim go dteastaíonn gníomh ón soláthraí VSP chun céimeanna a ghlacadh le dul i ngleic le hábhar rialála nó chun imscrúdú breise a dhéanamh ar ábhar agus chun ábhar a shoiléiriú. Sampla de seo, ná go bhféadfadh moladh Catagóir 1 iarraidh ar sholáthraí VSP:
 - Dul i dteagmháil le hionadaithe [An Aicme Daoine a nDéanfar Dífear Dóibh] d'fhonn dul i ngleic lena n-imní faoi [Teagmhas] agus machnamh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí aon bheartais nó aon nósanna imeachta a leasú chun léiriú a thabhairt ar an imní atá ar [Aicme Daoine a nDéanfar Dífear Dóibh].
 - Nóta a ghlacadh den [Teagmhas] agus a chinntiú go ndéanfar na beartais agus na nósanna imeachta a leasú de réir mar is cuí lena chinntiú nach mbeidh an oiread baol ann go dtarlódh teagmhais den chineál céanna arís, nó go réiteofar iad ar bhealach níos éifeachtaí ina dhiaidh sin.
 - Míniú poiblí a thabhairt ar conas a rinneadh an cinneadh in [Teagmhas].
 - A chinntiú go gcuirtear [an tSaincheist] san áireamh i mbeartas fógraíochta ardáin, agus go léireoidh sé an dea-chleachtas sa réimse seo.
- D'fhéadfaí moladh **Catagóir 2** a eisiúint i gcás ina bhfuil imní réasúnta ar an rialtóir nach bhfuil an caighdeán cosanta is gá le foráil den Chód VSP á chomhlíonadh ag an soláthraí VSP agus go gcaithfear céimeanna a ghlacadh chun dul i ngleic le hábhar. Sampla de seo, ná go bhféadfadh moladh Catagóir 2 iarraidh ar sholáthraí VSP:
 - Beartha atá éifeachtach i ndáiríre a ghlacadh ar an ardán laistigh de thréimhse shonraithe lena chinntiú go bhfuil i bhfad níos lú seans ann go nochtfar mionaoisigh do [catagóir inneachair x]. Ba cheart tuarascáil chuimsitheach a bhfuil iniúchadh neamhspleách déanta

uirthi a chur ar fáil ina léirítear nochtadh laghdaithe mionaoiseach ar inneachar den sórt sin i dtréimhse ama sonraithe.

- Beartais an ardáin a leasú laistigh de thréimhse ama sonraithe lena chinntiú go gcuireann beartais na Seirbhíse VSP cosc ar chumarsáid tráchtála closamhairc ina bhfuil [an cineál fógraíochta].

2.8.4 Faisnéis a Sholáthar don Rialtóir agus Sásra Bailithe Faisnéise

Ba cheart go mbeadh sé de dhualgas ar sholáthraí VSP cuntas ionraic agus cruinn a thabhairt don rialtóir faoin gcaoi a bhfeidhmíonn a chuid seirbhísí, agus na cuntais sin a sholáthar ar bhealach a shonróidh an rialtóir. Ba cheart go n-áireofaí leis sin faisnéis faoi chumais teicniúla na seirbhíse lena mbaineann agus faisnéis a bhaineann le teagmhais a tháinig chun cinn ar an tseirbhís.

Ba cheart go mbeadh sé de dhualgas ar sholáthraí VSP freisin socruithe bailithe faisnéise a chur in áit agus sásraí chun obair an rialtóra a éascú. Ba cheart go n-áireofaí leis sin faisnéis achoimre a gineadh ó oibríochtaí gearán an tsoláthraí agus faisnéis a bhaineann le catagóirí áirithe inneachair ar an tseirbhís, cuir i gcás faisnéis a bhaineann le fógraíocht nó seirbhísí ar éileamh atá ar an tseirbhís VSP. Ba cheart go mbeadh aird ag an gcur chuige a ghlacfar ar a mhéid a aistrítear sonraí pearsanta chuig an rialtóir a choimeád chomh híseal agus is féidir agus ba cheart freisin go seachnófaí aon ualach riaracháin míchuí.

Roinn 3: Sábháilteacht Ar Líne (Snáithe 1)

C1	Cén córas ba chóir a chur i bhfeidhm chun a éileamh go mbainfí anuas ábhar dochrach ó ardáin ar líne? Mar shampla, sa chás ina mbeadh achomharc á lorg ón rialtóir ag úsáideoir a bheadh míshásta faoin bhfreagra a bheadh faighte aige ar ghearán a bheadh curtha aige chuig soláthróir seirbhísí, an rialtóir a bheith páirteach go díreach i gcóras fógra agus baint anuas agus ról a bheith ag an rialtóir chun a shocrú cé acu ba chóir nó nár chóir píosaí ábhair ar leith a bhaint anuas. [Cuid 2, 4 agus 8 den nóta míniúcháin]
C2	Má tá an rialtóir le bheith páirteach i ndéanamh cinntí faoi cé acu ba chóir nó nár chóir píosaí ábhair ar leith a bhaint anuas, ar chóir tástáil reachtúil a chur i bhfeidhm sular féidir achomharc a chur chomh fada leis an rialtóir? Iarrtar ort cur síos ar aon tástáil reachtúil a cheapann tú féin a bheadh oiriúnach. [Cuid 2, 4 agus 8 den nóta míniúcháin]
C3	Cad iad na hardáin ar líne - seirbhísí aonair nó catagóirí seirbhísí - ba chóir a chuimsiú i scéim rialála nó i scéim reachtaíochta? [Cuid 2, 5 agus 6 den nóta míniúcháin]
C4	Cén sainmhíniú ba chóir a thabhairt i reachtaíocht náisiúnta ar an rud is ábhar dochrach ar líne ann? Ar chóir smaoineamh ar na catagóirí seo a leanas mar ábhar dochrach? Tá ceangal ar ardáin ar líne cheana féin ábhar ar cion coiriúil é faoi dhlí na hÉireann agus faoi dhlí an AE é a scaipeadh a bhaint anuas, lena n-áirítear ábhar a bhfuil gríosú chun fuatha nó foréigin ann, ábhar a ghríosáíonn an pobal cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh, cionta a bhaineann le hábhar a léiríonn drochúsáid ghnéasach á baint as páiste agus ábhar a bhaineann le ciníochas agus seineafóibe. An bhfuil catagóirí ar bith eile ann atá sainmhínithe go soiléir ar chóir iad a thabhairt san áireamh? Mar shampla, - Cibearbhulaíocht thromchúiseach ar pháiste (.i. ábhar atá bagrach go trom, scáfar go trom, ciapach go trom, náiriúil go trom) - Ábhar a chuireann féindochar nó féinbhás chun cinn - Ábhar atá ceaptha le díth bhia fhaidréiseach a chur chun cinn a d'fhágfadh duine i mbaol a bháis nó a báis nó a bheadh baolach do shláinte an duine

3.1 Achoimre

Tá méadú mór tagtha ar an gcumas go dtarlódh dochar do dhaoine aonair tríd an úsáid a bhaineann siad as an idirlíon agus níos mó gnéithe dá “bhfíorsaol” bogtha chuig ardáin meán sóisialta. Aontaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann leis an Aire go bhfuil rialáil bhreise i réimse na sábháilteachta ar líne tábhachtach chun cónaitheoirí Éireannacha a chosaint.

Creideann Údarás Craolacháin na hÉireann gur cheart go léireodh na freagrachtaí a thugtar don Rialálaí Sábháilteachta Ar Líne an gá le dul i ngleic le sábháilteacht ar líne go hiomlánaíoch, sa ghearrthearma agus san fhadtearma. Chun é sin a bhaint amach, measann Údarás Craolacháin na hÉireann gur cheart go mbeadh na trí phríomhfhreagracht seo a leanas ag an Rialálaí Sábháilteachta Ar Líne:

Roinn 3: Sábháilteacht Ar Líne (Snáithe 1)

1. Díobhálacha ar líne a **leigheas** trí fhógraí a eisiúint le seirbhísí chun ábhar dochrach ar líne (“HOC”) a bhaint thar ceann daoine atá ina gcónaí in Éirinn a raibh tionchar díreach ag ábhar dochrach ar líne orthu.
2. Dochair ar líne a **íoslaghdú** trí chód sábháilteachta ar líne a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú a bheidh infheidhmithe le príomhsholáthraithe seirbhíse ar líne cónaitheora Éireannacha.
3. Dochar ar líne a **chosc** trí fheasacht a chur chun cinn maidir le ceisteanna sábháilteachta ar líne i measc an phobail agus an tionscail.

D’fhéadfadh an taithí i ndlínsí na hAstráile, an Nua-Shéalainn agus na Gearmáine maidir le comhlachtaí rialála cosúla a bhunú cabhrú le hÉirinn chun scéim rialála a dhearadh d’ábhar dochrach ar líne.

Ba cheart go mbeadh Sábháilteacht Ar Líne – a chlúdódh gach cineál ábhair – a bheith ina fheidhm chroílár, ar leithligh, ach comhlántach le feidhmeanna rialála closamhairc agus fuaime rialálaí meán nua.

3.2 Snáithe 1 – Moladh i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta

Cosúil le freagra an Údaráis le saincheisteanna a bhaineann le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán faoi shnáithe 2 den fhreagra comhairliúcháin seo, measann an tÚdarás gurb é an bealach is oiriúnaí chun a fhreagra a thabhairt ar na ceisteanna seo is ea iad a fhreagairt le chéile. Tá go leor saincheisteanna idirghaolmhara ag baint leis na ceisteanna seo ar féidir amharc orthu ó dhearcadh iomlánaíoch agus comhlántach sa chur chuige a ghlactar.

Tá freagra an Údaráis ar na ceisteanna sin leagtha amach i dtrí chuid:

1. Aidhmeanna agus Cuspóirí an Choimisinéara Sábháilteachta Ar Líne
2. Dúshlán agus Breithnithe Praicticiúla maidir le Rialáil Sábháilteachta Ar Líne
3. Feidhmeanna Féideartha an Choimisinéara Sábháilteachta Ar Líne
 - a. Sásra bainte anuas
 - b. Cóid maidir le hÁbhar Dochrach Ar Líne
 - c. Feasacht a chur chun cinn

3.3 Aidhmeanna agus Cuspóirí an Choimisinéara Sábháilteachta Ar Líne

Agus Rialálaí Sábháilteachta Ar Líne á bhunú, tá Údarás Craolacháin na hÉireann den tuairim gur cheart aird a thabhairt i dtosach dá chuspóir agus fócas bunúsach a dhearbhu.

Cuimsíonn coincheap na “sábháilteachta ar líne” mar a thuigtear go coitianta é raon réimsí a bhaineann leis na dochair is féidir a imirt ar dhaoine agus is féidir le daoine a imirt trí theicneolaíocht ar líne, lena n-áirítear cibearbhulaíocht agus féindochar i measc saincheisteanna eile. Cé nach bhfuil aon sainmhíniú soiléir ná aontaithe ann, díreann go láidir i réimse na sábháilteachta ar líne ar “éagóir” a rinne duine nó daoine ar dhuine eile, a d’fhéadfadh a bheith coiriúil i gcásanna áirithe, a réiteach.

I dtuairim Údarás Craolacháin na hÉireann, is í an ghné phearsanta seo den “éagóir” an rud a idirdhealaíonn go bunúsach rialáil sábháilteachta ar líne ón rialáil atá sa Treoir athbhreithnithe. Don

Roinn 3: Sábháilteacht Ar Líne (Snáithe 1)

Treoir athbhreithnithe, caithfear rialacha a thabhairt isteach ar fud na hearnála a bheadh infheidhmithe do sheirbhísí closamhairc meán agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeáin a bhfuil sé i gceist go gcoiscfidh nó go réiteoidh siad “dochair” de chineál cnuasaitheach le grúpaí móra daoine aonair (e.g. cine daoine) seachas le daoine aonair. Tá sé seo sa mhullach ar aidhm luaite na Teorach chun iolarthacht, éagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch, cosaint tomhaltóra agus iomaíochas cóir (i measc nithe eile) a chur chun cinn.

D’ainneoin na difríochtaí i bhfócas na rialála sábháilteachta ar líne agus meán i gcoitinne, measann Údarás Craolacháin na hÉireann gur féidir amharc ar aidhm agus ar chuspóirí straitéiseacha na rialála sábháilteachta ar líne amhail a bheith ailínithe le rialáil na meán – trí amharc ar shábháilteacht ar líne ar bhealach leathan agus iomlánaíoch seachas le fócas dian ar na dochair do dhaoine aonair a réiteach agus trí tharraingt ar roinnt de na príomhphrionsabail agus na príomhspriocanna i rialáil na meán. Leagtar béim sa chur chuige sin i leith na sábháilteachta ar líne ar an sineirge agus na tairbhí a bhaineann le rialálaí sábháilteachta ar líne a áireamh faoi scáth níos leithne an rialálaí meán agus éascaítear cur chuige le sábháilteacht ar líne ina dtéitear i ngleic le saincheistanna ar bhealach cuimsitheach sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Measann Údarás Craolacháin na hÉireann go bhfuil na ceithre chuspóir agus fhreagracht straitéiseacha seo ábhartha do rialálaí sábháilteachta ar líne a bheadh ag feidhmiú laistigh den struchtúr rialála meán nua:

- Dochair thromchúiseacha do chónaitheoirí na hÉireann tríd an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí ar líne a réiteach.
- Cinntiú gur féidir le daoine aonair agus baill de ghrúpaí a bhíonn faoi réir ábhar dochrach ar líne go minic leas iomlán a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach agus na meán shóisialta.
- Dochair ar líne a laghdú trí rialacha sábháilteachta ar líne a thabhairt isteach d’ardáin ar líne.
- Freagracht agus feasacht maidir le saincheistanna sábháilteachta ar líne a chur chun cinn i measc an daonra agus an tionscail tríd is tríd.

Chun na cuspóirí agus na freagrachtaí seo a chomhlíonadh, measann Údarás Craolacháin na hÉireann go bhféadfadh na trí fheidhm seo a leanas a bheith ag an Rialálaí Sábháilteachta Ar Líne:

1. Sásra reachtúil a oibriú chun ábhar dochrach ar líne a bhaint a bhfuil tionchar díreach aige ar chónaitheoirí Éireannacha (**Réiteach Dochair**)
2. Cód sábháilteachta ar líne a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú d’ardáin ar líne lonnaithe in Éirinn (**Íoslachdú an cumas do Dhochar**)
3. Feasacht a chur chun cinn maidir le ceisteanna sábháilteachta ar líne i measc an phobail agus an tionscail (**Dochar a Chosc**). Má chinntítear go mbíonn ról níos éifeachtúla ag seirbhísí ar líne le dul i ngleic le saincheistanna sábháilteachta ar líne, beidh tairbhí “cnuasaitheacha” ag líon mór daoine aonair go comhuaineach.

In aon cheist a bhaineann le hábhar dochrach ar líne, tugann Údarás Craolacháin na hÉireann faoi deara go mbíonn trí chatagóir duine i gceist go ginearálta:

- (1) An duine a mbíonn tionchar ag an ábhar dochrach ar líne air.
- (2) An duine a chruthaigh an t-ábhar dochrach ar líne.
- (3) An t-ardán ar a bhfuil an t-ábhar dochrach ar líne á óstáil.

I dtuairim Údarás Craolacháin na hÉireann, ba cheart go mbeadh príomhfhócas an Rialálaí Sábháilteachta Ar Líne ar an duine a bhfuil tionchar ag an ábhar dochrach ar líne air **(1)** agus ar chinntiú go ndéanann ardáin ar líne modhnóireacht ar ábhar dochrach ar líne ar bhealach níos éifeachtúla **(3)**.

3.4 Dúshlán agus Breithnithe Praiticiúla maidir le Rialáil Sábháilteachta Ar Líne

Roimh phlé a dhéanamh ar na feidhmeanna a d'fhéadfadh a bheith ag Rialálaí Sábháilteachta Ar Líne, ba mhaith le hÚdarás Craolacháin na hÉireann roinnt de na dúshlán lárnacha agus na breithnithe praiticiúla a mheasann sé ba cheart tionchar a imirt ar an gcur chuige foriomlán le rialálaí sábháilteachta ar líne a chur ar bhonn reachtúil a léiriú.

I dtosach báire, agus aird chuí ar bhreithnithe maidir le saoirse tuairimíochta, tá sé rithabhachtach go sainmhínítear ábhar dochrach laistigh de scóip na reachtaíochta go soiléir. Anuas air sin, ba cheart srianta agus ceartúcháin a thabhairt isteach lena chinntiú go bhfuil údar le haon srian ar shaoirse tuairimíochta.

Teastóidh athrú fadtéarma sochaíoch chun go leor de na saincheisteanna maidir le sábháilteacht ar líne a réiteach. Cé gur féidir agus gur cheart ról níos gníomhaí a bheith ag ardáin i rialáil ábhar dochrach ar líne, caithfear a aithint sa chur chuige foriomlán i leith na sábháilteachta ar líne go dtosaíonn ábhar dochrach ar líne sa chaoi a n-úsáideann daoine aonair ardáin ar líne. Ba cheart go mbeadh feasacht ar shábháilteacht ar líne a chur chun cinn agus a ardú d'fhonn dochar a chosc sa chéad áit ina fheidhm bhunúsach den rialálaí sábháilteachta ar líne.

Is ollmhór an scála gníomhaíochta dochraí féideartha a mbeifí ag súil go ndéanfaidh rialálaí sábháilteachta ar líne rialáil air. Ba cheart breithniú suntasach a thabhairt do chinntiú gur féidir acmhainní an Rialálaí Sábháilteachta Ar Líne a threorú i dtreo na saincheisteanna is tromchúisí a réiteach agus a chinntíonn an maitheas is fearr agus is féidir don líon is mó daoine. Ba cheart go léireofaí cur chuige mar sin i bhfeidhmeanna agus sna hacmhainní a bheidh ar fáil don rialálaí.

Ba cheart go bhfeidhmeodh an cur chuige rialála go comhsheasmhach leis an gcur chuige a glacadh i leith fhorfheidhmiú na Treorach athbhreithnithe i ndáil le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán. I dtuairim Údarás Craolacháin na hÉireann, is é an modh is éifeachtúla chun é seo a bhaint amach ná tríd an Treoir athbhreithnithe agus na rialacha sábháilteachta ar líne a fhorfheidhmiú ar bhealach ar leith ach comhlántach le cuspóirí straitéiseacha atá ailínithe go leathan, ina n-aithnítear sineirgí nuair is cuí ach ina mbíonn meas freisin ar na héagsúlachtaí sna spriocanna atá le baint amach ag an dá chineál rialála.

Ba cheart go bhfeidhmeodh an Rialálaí Sábháilteachta Ar Líne ar bhealach atá ar leithligh agus comhlántach do rialálaithe agus comhlachtaí forfheidhmithe eile na hÉireann a bhfuil freagrachtaí eile orthu i ndáil le hardáin ar líne.

3.5 Feidhmeanna Féideartha Rialálaí Sábháilteachta Ar Líne (“OSR”)

Agus an méid thuasluaite á bhreithniú, tá Údarás Craolacháin na hÉireann den tuairim go bhféadfadh trí phríomhfheidhm a bheith i gceist i ról Rialálaí Sábháilteachta Ar Líne na hÉireann a léireodh cuir chuige gearrthearma, meántearma agus fadtéarma le sábháilteacht ar líne a mbeadh sé i gceist leo dochair ar líne a cheartú, a íoslaghdú agus a chosc do Chónaitheoirí na hÉireann.

3.5.1 Feidhm 1: Fógraí maidir le hÁbhar Dochrach Ar Líne (“HOC”) a Bhaint

Tacaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann leis an moladh gur cheart go mbeadh an OSR cumhachtaithe le reacht chun fógraí a eisiúint do sholáthraithe seirbhísí ar líne chun ábhar dochrach ar líne a bhaint de na seirbhísí sin.

Measann Údarás Craolacháin na hÉireann gur cheart gurb iad “iniúcháirí”, ar fostaithe de chuid an OSR iad, a d’eiseodh na fógraí sin (dá dtagraítear as seo amach mar “Fógraí maidir le hábhar dochrach ar líne, nó “fógraí HOC”).

Ba cheart go mbeadh an OSR in ann Fógraí HOC a eisiúint do sheirbhísí ar líne “oscailte” (e.g. ardáin meán sóisialta) agus seirbhísí ar líne “criptithe” (e.g. seirbhísí teachtaireachta príobháideacha) araon. Sa chur chuige a ghlactar chun cinneadh a dhéanamh cé na seirbhísí atá sa scóip, ba cheart go ndíreofaí ar an áit ar féidir le cosaintí an OSR an tairbhe is mó a thabhairt, agus ba cheart sainmhíniú dlíthiúil na seirbhísí atá clúdaithe faoi shásra fógra HOC a dhréachtú dá réir.

Cé go bhfuil sé inmhianaithe go mbeadh líonraí cumarsáide príobháideacha criptithe laistigh de scóip na bhfógraí maidir le hábhar dochrach ar líne chun iad a dhéanamh “seasmhach i leith na todhchaí” agus le dul i ngleic go héifeachtach le dochair áirithe ar líne, ba cheart breithniú mionsonraithe suntasach a thabhairt don chaoi a n-oibreoidh sé sin i gcleachtas agus an chaoi a dtrasaíonn an cuimsiú sin ar shaincheistanna cosúil le cosaint sonraí, mar shampla.

Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart ábhar dochrach ar líne chun críocha an Mholta i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta a shainmhíniú sa reachtaíocht go neamhspleách ó na forálacha agus na riachtanais sa Treoir i ndáil le hábhar dochrach.

Ba cheart don OSR fógraí um baint anuas a eisiúint nuair a fhaightear iarratais ó chónaitheoirí Éireannacha nó ó dhuine atá ag feidhmiú go dlisteanach thar ceann cónaitheoir Éireannach e.g. tuismitheoir, caomhnóir nó ionadaí ó ghrúpa cosanta atá i dteagmháil leis an gcónaitheoir Éireannach.

Ba cheart gurb é an phríomhthástáil dlí a thionscnófaí le go nglacfadh iniúcháir le hiarratas go mbíonn an t-iarratas ina chúis le himní réasúnach in intinn an iniúcháora go bhfuil nó gur dóchúil go mbeidh tionchar díreach ar an gcónaitheoir Éireannach a rinne an t-iarratas mar gheall ar an ábhar a shásaíonn an sainmhíniú reachtúil ar “ábhar dochrach ar líne”. Níor cheart a mheas go bhfuil ábhar ina “ábhar dochrach ar líne” ach amháin sa chás ina bhfuil sé á óstáil go hiarbhír agus tráthúil ar sheirbhís ag an am a dhéantar an t-iarratas chuig an OSR.

Le go mbeadh tionchar “díreach” ag an ábhar dochrach ar líne ar an gcónaitheoir Éireannach, ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist leis an ábhar dochrach ar líne:

- Go mbainfidís go díreach leis an iarrthóir (i.e. baineann an t-eolas san ábhar dochrach ar líne go sonrach leis an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh aige), **nó**
- Go mbeadh sé dírithe go díreach ar an iarrthóir ar bhealach dochrach (i.e. d’fhéadfadh sé gurbh eolas ginearálta atá san ábhar dochrach ar líne ach go bhfuil sé dírithe go díreach ar an iarrthóir ar bhealach a raibh sé i gceist go mbeadh sé dochrach, nó ar dhóchúil go mbeadh sé dochrach).

Ba cheart go mbeadh dhá ghné shubstainteacha i bhfógraí chun ábhar dochrach ar líne a bhaint anuas:

- Éileamh ar an tseirbhís ar líne chun an t-ábhar a bhaineann go sonrach leis an gcás dochair ar leith a bhaint, agus
- Éileamh ar an tseirbhís ar líne chun céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun an dochar ar leith céanna a chosc ó tharlú arís (e.g. tríd an duine/na daoine a d'uaslódáil an t-ábhar dochrach ar líne a thoirmeasc nó a chur ar fionraí).

Aontaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann le togra an Aire gur cheart go rachadh iarratais chuig na soláthraithe seirbhíse i dtosach sula nglacann an OSR leo. Go ceann i bhfad, beidh eisceachtaí leis an riail seo iomchuí i gcúinsí áirithe, agus ba cheart go gcinnteodh an cur chuige i leith na sábháilteachta ar líne a ghlactar go mbíonn sásraí éifeachtacha ann chun gearáin a dhéanamh maidir le hábhar dochrach ar líne a bhainistiú ar ardáin thábhachtacha áirithe is mó a úsáideann cónaitheoirí Éireannacha.

Lena chinntiú gur féidir leis an OSR feidhmiú ar bhealach “sofhreagrúil” agus gur féidir leis sásamh a chur ar fáil go tapa, ba cheart fógraí HOC a eisiúint gan dochar d'aon mheasúnú maidir le dlíthiúlacht an ábhair dhochraigh ar líne féin nó an ghníomhaíocht a bhí mar bhunús le cruthú an ábhair dhochraigh ar líne. Agus fógraí HOC á n-eisiúint, níor cheart go dtabharfadh iniúcháirí OSR faoi iniúchtaí ná ceachtanna um aimsiú fíricí maidir le dlíteanas daoine aonair nó eagraíochtaí a d'uaslódáil ábhar dochrach ar líne. Ba cheart go mbeadh fógraí HOC dírithe go príomha ar thuilleadh dochair a chosc don duine aonair a bhfuil tionchar díreach ag an ábhar dochrach ar líne air trína bhaint ar bhonn tráthúil agus trína éileamh ar an soláthróir ardáin céimeanna réasúnacha a ghlacadh lena chinntiú nach dtarlaíonn an cás céanna nó cásanna cosúla dochair arís.

Chun coimhlint le réimsí eile dlí (náisiúnta agus Eorpach) a íoslaghdú, níor cheart go gcruthódh an reachtaíocht a bhunaíonn an sásra um baint anuas aon dlíteanais “leanúnacha” do sheirbhísí idirlín ná d'úsáideoirí na seirbhísí sin i ndáil le hábhar dochrach ar líne. Níor cheart go n-éireodh aon dlíteanas as an scéim HOC seachas i gcás gur theip ar ardán bearta a ghlacadh le cloí le fógra HOC arna eisiúint ag an OSR.

Mar a shamhlaítear i Nóta Míniúcháin an Aire, ba cheart go mbeadh an sainmhíniú reachtúil ar ábhar dochrach ar líne níos leithne ná díreach ábhar closamhairc agus ba cheart go n-áireofaí ann gach *cineál* ábhar ar líne (e.g. focail, íomhánna, fuaim). Ba cheart go n-áireofaí ann dochair inaitheanta ar féidir breathnú orthu go soiléir mar a bheith “dochrach” i gcónaí.

Aontaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann gur léir go bhfuil na dochair arna leagan amach sa Nóta Míniúcháin leis an gcomhairliúchán i.e. cibearbhulaíocht thromchúiseach ar leanbh, ábhar a chuireann féindochar nó féinmharú chun cinn agus ábhar a dearadh chun easpa cothaitheach fadtéarmach a spreagadh (a nochtadh duine do bhaol báis nó a chuirfeadh sláinte i mbaol) i measc na ndochair is tromchúisí a d'fhéadfaí a shamhlú do dhuine agus, ar an gcúis sin, is gá iad a áireamh sna catagóirí d'ábhar dochrach le háireamh sa reachtaíocht. D'fhéadfaí dochair sho-aitheanta shonracha bhreise laistigh den sainmhíniú de “ábhar dochrach ar líne” a áireamh freisin. Ba cheart go mbeadh aon dochair

bhreise mar sin le sonrú sa reachtaíocht bunaithe ar fhianaise, bíodh an fhianaise sin bunaithe in Éirinn nó bunaithe ar fhianaise a bailíodh i ndlínsí eile.

Samhlaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann gur gá go gcinnteodh an scéim reachtúil d'fhógraí HOC go nglacann an OSR le hiarratais ó ghearánaithe agus go n-eisíonn sé fógraí faoina lánrogha féin i.e. ní féidir iallach a chur air trí ghníomh dlí fógraí HOC a eisiúint. Bheadh gá le céimeanna reachtúla lena chinntiú go mbíonn fógraí HOC “faoi phribhléid” chun gníomhartha in aghaidh an OSR a íoslaghdú. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh sásraí achomhairc éifeachtacha ann chuig an rialtóir sábháilteachta ar líne d'úsáideoirí seirbhísí idirlín a bhfuil a n-ábhar faoi réir fógra maidir lena bhaint anuas. Nuair is iomchuí, ba cheart go mbeadh na cúiseanna chun cinneadh a dhéanamh fógra bainte anuas a eisiúint soiléir chun achomharc den chineál sin a éascú.

Ba cheart don rialtóir creat cinnteoireachta d'iniúcháirí a bhunú, ina gcuirfear treoir bunaithe ar phrionsabail agus cúrsaí cothromaíochta ar fáil cosúil le saoirse tuairimíochta leis an ngá chun dochar a réiteach/cosaint ó thuilleadh dochair.

Ba cheart go mbeadh iallach ar sholáthraithe seirbhíse cloí le fógraí HOC laistigh de thréimhse ama shonraithe.

3.5.2 Feidhm 2: Cód maidir le hÁbhar Dochrach Ar Líne

Le dul i ngleic le sábháilteacht ar líne ó dhearcadh níos réamhghníomhaí, measann Údarás Craolacháin na hÉireann go bhfuil scóip do sheirbhísí ar líne Éireannacha áirithe le líon mór úsáideoirí a chónaíonn in Éirinn cloí le Cód maidir le hÁbhar Dochrach Ar Líne (Cód “HOC”).

Is é an aidhm a bheadh leis an gcód HOC an cumas do dhochar, nó dochar iarbhrí, tarlú to chónaitheoirí Éireannacha ar sheirbhísí ar líne Éireannacha tábhachtacha trína chinntiú:

- Go mbíonn sásraí gearáin cuí i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí sin i ndáil le hábhar dochrach ar líne;
- Go bhfuil téarmaí seirbhíse agus beartais an ardáin ar líne ailínithe lena chinntiú go mbíonn cosc ar dhochair arna sainmhíniú sa reacht;
- Go mbíonn beartais na n-ardán ar líne i ndáil le modhnóireacht ar ábhar dochrach ar líne trédhearcach;
- Go nglacann ardáin le cur chuige comhsheasmhach i leith bearta cuí a chur i bhfeidhm le dul i ngleic le hábhar dochrach ar líne;
- Beartais agus cleachtais na n-ardán ar líne a chur chun cinn ar bhealach trédhearcach.

Dhréachtódh an OSR an Cód HOC i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha. Ba cheart don rialtóir sásra cuí a bhunú chun críocha comhlíonta agus tuairiscithe. Ba cheart an t-ionchas go mbeidh comhoibriú iomlán ó na hardáin leagtha síos sa reachtaíocht, mar aon leis an riachtanas chun aon phíosá sonraí nó na sonraí go léir agus an t-eolas riachtanach ar fad le tacú leis an bhfeidhm seo.

Ba cheart go mbeadh smachtbhannaí cuí agus athchomhairleach i bhfeidhm i gcás go gcinneann rialtóir gur sháraigh ardán ar líne an Cód HOC go leanúnach nó go tromchúiseach. Bronnfar cumhachtaí iniúchta oiriúnacha ar an rialtóir le tacú leis an bhfeidhm seo. Pléitear níos mine na cumhachtaí agus

na smachtbhannaí atá ar fáil don rialtóir chuige seo i bhfreagra Údarás Craolacháin na hÉireann ar Cheisteanna 14 agus 15 in Alt 5.2 den aighneacht seo.

3.5.3 Feidhm 3: Feasacht a Chur Chun Cinn

Ba cheart go mbeadh freagracht reachtúil ar an OSR as dul i ngleic go poiblí, agus ar bhealach dírithe, le réimse gníomhaíochtaí múscaíte feasachta maidir le sábháilteacht ar líne. Is dóchúil go mbeidh sineirgí suntasacha a d'fhéadfaí a bhaint amach le gníomhaíochtaí tuisceana ar na meáin níos leithne de chuid an rialóra san earnáil chlosamhairc. D'fhéadfaí a áireamh le samplaí de na gníomhaíochtaí sin:

- Feachtais feasachta maidir leis an tsábháilteacht ar líne a reáchtáil ar fud na tíre.
- Tabhairt faoi thaighde i ndáil le sábháilteacht ar líne.
- Tacú le comhlachtaí reachtúla agus institiúidí eile le clár sábháilteachta ar líne.
- Tuarascálacha reachtúla a thabhairt don Aire le leagan os comhair Thithe an Oireachtais

Roinn 4: Seirbhísí Meán Closamhairc (Snáithe 3 agus 4)

C8	Tá na rialacha agus riachtanais sa Treoir athbhreithnithe faoi choinne seirbhísí craolacháin teilifíse agus seirbhísí meán ciosamhairc ar éileamh an-chosúil lena chéile. Agus an méid sin san áireamh, cén cineál caidreamh rialála ba chóir a bheith idir seirbhísí meán ciosamhairc ar éileamh atá bunaithe in Éirinn agus an rialtóir cuí in Éirinn? Chomh maith leis sin, ar chóir go mbeadh na rialacha céanna faoi ábhar i bhfeidhm i leith seirbhísí craolacháin teilifíse agus seirbhísí meán ciosamhairc ar éileamh? [Cuid 4 den nóta míniúcháin]
----	--

4.1 Achoimre ar an gCur Chuige atá Beartaithe maidir le Trasuí

Éilítear ar Bhallstáit AE sa Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Ciosamhairc ról níos gníomhaí a ghlacadh i rialáil seirbhísí ar éileamh a chuirtear ar fáil óna ndlínse. Tagann seirbhísí ar éileamh i réimse foirmeacha éagsúla agus téann siad ó sheirbhísí móra cosúil le Seinnteoir RTÉ, iTunes agus Netflix go dtí leathanaigh nó “cainéil” de chineál eagarthóireachta ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán cosúil le YouTube agus Facebook.

D'éiligh Treoir 2010 ar Bhallstáit AE bunleibhéal cosanta a thabhairt isteach do lucht féachana i ndáil le seirbhísí ar éileamh “cosúil le teilifís”. Ba é an cur chuige ar glacadh leis in Éirinn ODAS, comhlacht féinrialála, a chruthú agus léirigh sé chomh nua is a bhí seirbhísí ar éileamh na hÉireann ag an am sin.

Éilítear sa Treoir athbhreithnithe athrú bunúsach sa chur chuige le rialáil seirbhísí ar éileamh i gcomhthéacs na hÉireann. Aontaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann leis an Aire go dteastaíonn maoirsiú rialála níos gníomhaí in Éirinn lena chinntiú go gcloíonn na cineálacha seirbhísí seo leis na rialacha ar chosaint mionaoiseach, rialacha fógraíochta agus na cúrsaí eile ar fad a phléitear sa Treoir athbhreithnithe.

Príomhspríoc sa Treoir athbhreithnithe is ea a chinntiú go mbeidh deis níos cothroime ann idir seirbhísí ar éileamh agus seirbhísí craolacháin teilifíse. Chun é sin a bhaint amach, tá Údarás Craolacháin na hÉireann den tuairim gurb é an bealach is iomchuí chun rialacha nua na Treorach athbhreithnithe do sheirbhísí ar éileamh a thabhairt isteach ná trí rialachán reachtúil agus cóid reachtúla, agus chun ról a shannadh don rialtóir reachtúil chun rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí ar éileamh d'fhonn ailíniú rialála níos láidre a bhaint amach maidir le saincheisteanna a phléitear go sonrach sa Treoir athbhreithnithe (e.g. fógraíocht, cosaint mionaoiseach, inrochtaineacht).

Maidir le craoltóirí teilifíse, tá Údarás Craolacháin na hÉireann den tuairim gur cheart leanúint de rialú na craoltóireachta líní, seachas a mhéid is go bhféadfaí athruithe a dhéanamh de bhun na Treorach athbhreithnithe. Chuige seo, fáiltíonn Údarás Craolacháin na hÉireann roimh sholúbthacht níos mó a thabhairt do chraoltóirí teilifíse i réimsí suíomh táirgí agus spotaí fógraíochta teilifíse. Molann Údarás Craolacháin na hÉireann freisin gur cheart breith ghníomhach a dhéanamh ar leasuithe féideartha leis an Acht Craolacháin, 2009, chun an t-ualach riaracháin ar sheirbhísí líneacha a laghdú – idir theilifís agus raidió.

4.2 Rialáil Seirbhísí Meán Closamhairc

Measann Údarás Craolacháin na hÉireann go bhfuil sé cuí freagairt don cheist seo i gceithre chuid:

- 1: Príomhathruithe le seirbhísí ar éileamh a rialáil
- 2: Oiriúnacht na ndualgas comhionann do sheirbhísí craolacháin líneacha agus ar éileamh
- 3: An caidreamh rialála idir seirbhísí ar éileamh Éireannacha agus rialtóir na hÉireann
- 4: An timpeallacht rialála do sheirbhísí craolacháin líneacha

4.2.1 Príomhathruithe le seirbhísí ar éileamh a rialáil

Níor bhain forálacha na Treorach i ndáil le seirbhísí ar éileamh i dtosach ach le seirbhísí “cosúil le teilifís” cosúil le Seinnteoir RTÉ nó Seinnteoir TG4, atá rialaithe faoi láthair in Éirinn trí chóras ODAS. Baineadh an riachtanas “cosúil le teilifís” seo den Treoir athbhreithnithe, agus, mar thoradh, ní mór go gcloífeadh réimse i bhfad níos leithne seirbhísí lena n-áirítear go leor Cainéal YouTube, Leathanaigh Facebook agus leathanaigh Twitter Éireannacha a chuireann ábhar closamhairc ar fáil ar bhealach eagarthóireachta anois le rialacha na Treorach.⁶ Chun cothromas rialála níos mó a bhaint amach idir seirbhísí craolacháin teilifíse agus seirbhísí ar éileamh a thuarar sa leagan athbhreithnithe den Treoir, beidh ar an rialtóir Éireannach do sheirbhísí ar éileamh ról gníomhach a bheith acu lena chinntiú:

- Go mbeidh a bhfaisnéis úinéireachta ar fáil go poiblí i gclár
- Go nglacann siad bearta i ndáil le gríosú chun foréigin agus gráin agus saighdeadh poiblí chun cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh
- Go nglactar bearta níos fearr chun mionaoisigh a chosaint ó ábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh dá bhforbairt
- Go ndéanann siad a seirbhísí níos inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas
- Go gcloíonn siad le rialacha na Treorach ar fhógraí closamhairc
- Go gcloíonn siad le rialacha urraíochta
- Go gcloíonn siad le rialacha suíomh táirgí
- Go gcloíonn siad le cuóta 30% maidir le hOibreacha Eorpacha agus go gcinntíonn siad suntasacht na n-oibreacha sin (nuair is infheidhme)

4.2.2 Oiriúnacht na ndualgas comhionann do sheirbhísí craolacháin líneacha agus ar éileamh

Mar phrionsabal rialála ginearálta, tá Údarás Craolacháin na hÉireann den tuairim go bhfuil sé inmhianaithe go leanfadh seirbhísí cosúla rialacha cosúla. Mar gheall ar theacht le chéile suntasach an mhargaidh do na meáin chlosamhairc le deich mbliana anuas, tacaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann leis an deis níos cothroime a shamlaítear sa Treoir idir seirbhísí craolacháin teilifíse agus seirbhísí ar éileamh. Fáiltíonn sé freisin roimh an bhfíric gurbh é an cur chuige ginearálta a glacadh ag leibhéal AE é seo a chinntiú trí leibhéal méadaithe cosanta i ndáil le seirbhísí ar éileamh seachas chuig leibhéil reatha níos ísle cosanta a bhaineann le seirbhísí craolacháin teilifíse.

⁶ Athraíodh an téarma “clár” – atá ina chomhpháirt den sainmhíniú ar sheirbhísí ar éileamh – go suntasach sa leagan athbhreithnithe den Treoir: *ciallaíonn ‘clár’ sraith iomhánna gluaiseachta, bíodh fuaim leo nó na bíodh, is ionann agus mír aonair, beag beann ar a fad laistigh de sceideal nó de chatalóg a bhunaíonn soláthraí seirbhíse meán, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físe, ócáidí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus dráma úr;*

Trí scéim nua rialála a thabhairt isteach do sheirbhísí ar éileamh mar thoradh ar na riachtanais sa Treoir athbhreithnithe, mar phointe tosaigh, creideann Údarás Craolacháin na hÉireann go bhfuil sé úsáideach na difríochtaí agus na cosúlachtaí sa chaoi a gcuirtear na seirbhísí sin ar fáil agus a n-úsáidtear iad nuair a chuirtear i gcomparáid le seirbhísí craolacháin teilifíse iad, mar go gcuidíonn sé le cinneadh a dhéanamh ar an méid gur cheart oibleagáidí cosúla a bheith i bhfeidhm le seirbhísí ar éileamh agus seirbhísí craolacháin teilifíse.

I dtosach báire, caithfear aird a thabhairt ar an ról ríthábhachtach atá ag craoltóirí Éireannacha i soláthar ábhar nuachta agus cúrsaí reatha, a naisc láidre le stát na hÉireann agus a chultúr, agus an ról lárnach atá acu i gcruthú ábhar Éireannach agus a ról mar sholáthraithe fostaíochta in Éirinn. Cé go bhfuil gnéithe láidre “cultúrtha” agus “Éireannacha” ag baint le go leor seirbhísí ar éileamh, tá an bhéim i bhfad níos mó do chraoltóirí líneacha a n-imríonn a n-aschur agus a dtionchar ról tábhachtach don Stát agus dá shaoránaigh.

Mar thoradh air sin, tá Údarás Craolacháin na hÉireann den tuairim go bhfuil na socrúithe rialála reatha i ndáil le seirbhísí teilifíse cuí agus bailí ag dul chun cinn. A mhéid is go gcomhoiriúnaítear réimse rialacháin sa Treoir, áfach, mothaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann go bhfuil sé iomlán cuí gur cheart go mbeadh ar sheirbhísí craolacháin teilifíse agus seirbhísí ar éileamh rialacha cosúla a leanúint a chinntíonn caighdeán chosúla chun an lucht féachana a chosaint. Is oibleagáid dlí é agus tá sé inmhianaithe freisin bearta a ghlacadh chun comhionannas níos mó a chinntiú sna réimsí seo ó thaobh dhearcadh an lucht féachana.

Fad is a chinntítear caighdeán chosanta chosúla i ndáil le seirbhísí craolacháin teilifíse agus seirbhísí ar éileamh, ba cheart go mbeadh aird ag an gcur chuige rialála foriomlán a ghlactar i leith seirbhísí ar éileamh sa phróiseas malartaithe, áfach, ar an éagsúlacht shuntasach seirbhísí ar éileamh a thiteann laistigh de raon feidhme na Treorach, an fhírinne maidir leis an gcaoi a gcuirtear ábhar ar éileamh ar fáil agus tionchar coibhneasta na seirbhísí sin *vis-à-vis* seirbhísí craolacháin teilifíse. I gcás go mbíonn seirbhísí craolacháin teilifíse agus seirbhísí ar éileamh in iomaíocht níos “díri” do lucht féachana, mar riail ghinearálta, creideann Údarás Craolacháin na hÉireann gur cheart modhanna rialála cosúla a úsáid nuair is indéanta. I gcás go bhfuil craoltóirí san iomaíocht in aghaidh seirbhísí ar éileamh níos lú ar ardáin comhroinnte físeán “go cnuasaitheach”, is féidir amharc ar rialacha na Treorach maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán agus a chinntiú go bhfuil deis níos cothroime ann sna cúinsí sin.

4.2.3 An caidreamh rialála idir seirbhísí ar éileamh Éireannacha agus rialtóir na hÉireann

Measann Údarás Craolacháin na hÉireann gur cheart go mbeadh buntaca ag cruthú caidreamh rialála díri idir seirbhísí ar éileamh agus an rialtóir i dtrasuí na bhforálacha sa Treoir athbhreithnithe i ndlí na hÉireann. Fiosraítear ár dtuairimí ar na himpleachtaí “struchtúrtha” a bhaineann leis an gcur chuige seo agus ár réasúnaíocht maidir lena mholadh i bhfreagra Údarás Craolacháin na hÉireann le ceist 12 i gCuid 1.

Ba cheart go mbeadh ar gach seirbhís ar éileamh, d’ainneoin a méid, agus d’ainneoin an bealach a chuirtear ar fáil iad, cloí le cód nó cóid reachtúla ailínithe le riachtanais na Treorach athbhreithnithe lena bhfuil a gcomhlíonadh measta agus forfheidhmithe ag an rialtóir.

De réir riachtanais na Treorach, ba cheart go mbeadh ar sheirbhísí ar líne clárú leis an rialtóir, a gcuid faisnéise úinéireachta a chur ar fáil go poiblí agus faisnéis teagmhála a chur ar fáil ionas gur féidir leis an rialtóir agus le baill an phobail teagmháil a dhéanamh leo maidir le ceisteanna rialála.

Agus breith á déanamh ar ábhar ar éileamh a thitfidh lena rialáil faoi rialacha na Treorach athbhreithnithe agus an líon mór seirbhísí ar éileamh “níos lú” atá sa scóip anois, ba cheart breith a thabhairt ar a chinntiú go bhfuil solúbthacht ag an rialtóir a acmhainní a chur i bhfeidhm chun na seirbhísí sin a rialáil a bhfuil an tionchar is mó acu nó i gcás ina bhfuil na hiarmhairtí is suntasaí agus is measa ag neamhchomhlíonadh don lucht féachana. Cinnteoidh cur chuige “bunaithe ar riosca” i leith na rialála go gcuirtear acmhainní rialála i bhfeidhm i gcás go gcuireann siad an luach is mó ar fáil don phobal.

Ba cheart go léireodh na cumhachtaí reachtúla atá ar fáil don rialtóir chun seirbhísí ar éileamh a rialáil an éagsúlacht seirbhísí ar éileamh atá i láthair i gcomhthéacs na hÉireann. Mar shampla, i gcomhair seirbhísí ar éileamh níos mó agus níos “cosúla le teilifís” beidh cur chuige rialála ag teastáil atá níos cosúla le craoltóirí líneacha móra, ach i gcás seirbhísí ar éileamh níos lú atá ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán, is dócha go mbeidh cur chuige níos caolchúisí, bunaithe ar riosca ag teastáil chun comhlíonadh a chinntiú.

Ba cheart go mbeadh baill an phobail in ann teacht ar chóras gearáin reachtúil do sheirbhísí ar éileamh. Ach, ba cheart an méid a chuireann próiseas den chineál sin luach don phobal i ndáil le seirbhísí ar éileamh níos lú gan mórán tionchair, agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil réitigh rialála ann a bhainfeadh an toradh céanna amach chun an gearán a shásamh ach ar bhealach níos solúbtha a bhreith.

4.2.4 An Timpeallacht Rialála do Sheirbhísí Craolacháin Teilifíse

Tá fócas na n-athruithe rialála sa Treoir athbhreithnithe ar sheirbhísí ar éileamh agus ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán, agus fáiltíonn Údarás Craolacháin na hÉireann roimh an moladh go mbeadh comhsheasmhacht rialála níos mó agus deis níos cothroime ann idir na seirbhísí seo agus seirbhísí craolacháin teilifíse, mar gheall ar an teacht le chéile suntasach sa mhargadh do na meáin chlosamhairc le deich mbliana anuas.

Foinsí suntasacha d’ábhar Éireannach ardchaighdeán, atá ábhartha go cultúrtha agus éagsúil go teangeolaíoch is ea iad seirbhísí craolacháin teilifíse agus, i dtimpeallacht meán níos domhandaithe agus níos iomaíche, tá ról ríthábhachtach acu lena chinntiú go leantar ag seachadadh ábhair den chineál sin do lucht féachana na hÉireann. Meastar freisin gur foinsí nuachta agus cúrsaí reatha iad ar féidir brath orthu, rud a imríonn ról ríthábhachtach chun saoránaigh a chur ar an eolas maidir le saincheisteanna tábhachtacha maidir leis an bpróiseas daonlathach. D’ainneoin na tráchtairachta inar fógraíodh meath an chraolacháin línigh, d’fhéadfaí an argóint a dhéanamh go bhfuil ról níos tábhachtaí ag craoltóirí anois ná riamh i dtírdhreach foriomlán na meán.

Mar a pléadh thuas, tugann tábhacht leanúnach an chraolacháin údar le cur chuige níos cuimsithí le rialáil atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le seirbhísí craolacháin teilifíse in Éirinn. Áirítear sna ceisteanna sin rialacha a bhaineann le húinéireacht agus rialú meán agus cothroime, oibiachtúlacht agus

Roinn 4: Seirbhísí Meán Closamhairc (Snáithe 3 agus 4)

neamhchlaontacht a chinntiú i soláthar nuachta agus cúrsaí reatha, atá taobh amuigh de raon feidhme na Treorach seo.

Fad is a choinnítear oibleagáidí rialála substainteacha ar chraoltóirí teilifíse, ba cheart aird a bheith ar na dúshláin atá roimh an earnáil sa timpeallacht meán nua, áit a oibríonn seirbhísí ar éileamh agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán agus a mbíonn siad in iomaíocht don lucht féachana céanna.

Chuiqe seo, agus ag cloí le cuspóir straitéiseach Údarás Craolacháin na hÉireann de mhúnlaí maoinithe inbhuanaithe a fhorbairt d'earnáil chlosamhairc na hÉireann, tacaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann leis na hathruithe rialála a eascraíonn as forálacha na Treorach nua do sheirbhísí craolacháin teilifíse. Go háirithe, fáiltíonn Údarás Craolacháin na hÉireann roimh rialacha níos leithne i ndáil le suíomh táirgí agus spotaí fógraíochta teilifíse a cheadaíonn do sholúbthacht níos mó do chraoltóirí.

Mar chuid den phróiseas reachtúil do thrasuí na Treorach, tá deis á lorg ag Údarás Craolacháin na hÉireann chun an t-ualach riaracháin a laghdú ar sheirbhísí líneacha – idir theilifís agus raidió. Bheadh an tÚdarás sásta tuilleadh moltaí a chur faoi bhráid an Aire i dtaca le leasuithe ar reachtaíocht atá ann cheana i dtaca le craoltóirí líneacha mar atá leagtha amach san Acht Craolacháin, 2009, a mhéadódh éifeachtúlachtaí riaracháin agus a laghdódh tuilleadh ualaigh rialála ar chraoltóirí.

4.3 Maoiniú Ábhair

C9	Ar chóir d'Éirinn an ciste reatha léiriúchán ábhair (an ciste Fís agus Fuaim atá á riar faoi láthair ag Údarás Craolacháin na hÉireann leis an méid a fhaightear ó tháillí ceadúnais)
-----------	--

<p>a uasdátú chun go mbeadh cead ag seirbhísí neamhlíneacha tarraingt air? Ar chóir d'Éirinn féachaint le tobhaigh a ghearradh ar sheirbhísí a bhíonn á rialáil i mBallstáit eile de chuid an AE ach a dhíríonn ar Éirinn d'fhonn ciste uasdátaithe léiriúchán ábhair a mhaoiniú nó a mhaoiniú i bpáirt? [Cuid 4 den nóta míniúcháin]</p>
--

4.3.1 Fuaim agus Fís

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach faoi láthair as riaradh Fuaim agus Fís 3, scéim um maoiniú craolacháin do theilifís agus raidió a chuireann maoiniú ar fáil le tacú le cláir ardchaighdeán ar chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, agus le cláir a fheabhsóidh litearthacht d'aosaigh agus litearthacht sna meáin. Tacaíonn an Ciste Craolacháin freisin le Scéim Cartlannaithe agus maoinítear an dá scéim le 7% de tháille an cheadúnais teilifíse. Tá Fuaim agus Fís 3 i bhfeidhm ó 2015, agus tá os cionn €56m curtha ar fáil aige le 293 tionscadal teilifíse agus 907 tionscadal raidió.

Cuirtear an cheist sa chomhairliúchán ar chóir d'Éirinn an ciste reatha léiriúchán ábhair a uasdátú chun go mbeadh cead ag seirbhísí neamhlíneacha tarraingt air. Mar atá an struchtúr faoi láthair, ní féidir le Fuaim agus Fís 3 ach cláir a mhaoiniú atá le craoladh ag craoltóir teilifíse nó raidió incháilithe mar a shainmhínítear san Acht Craolacháin, 2009. Theastódh leasú reachtúil chun aon chritéir incháilitheachta a athrú.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann ag tabhairt faoi athbhreithniú reachtúil faoi láthair ar Fuaim agus Fís 3, i dtaca le hAlt 158 den Acht Craolacháin, 2009. Fiosrófar san athbhreithniú an tionchar féideartha a imreoidh na hathruithe suntasacha leanúnacha i margadh na meán, lena n-áirítear táirgeadh, seachadadh agus úsáid, agus déanfar breith ar an gcaoi ar gá don scéim athrú agus éabhlóidiú sna blianta romhainn lena chinntiú go bhfuil sé cuí agus freagrach do thírdhreach meán atá ag éabhlóidiú agus an bealach ina bhfuil lucht féachana ag úsáid ábhar closamhairc. Beidh tuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara á mbailiú ag Údarás Craolacháin na hÉireann freisin maidir lena gceaptar go bhfuil sainchúram níos leithne don scéim inmhianaithe.

Táthar ag súil go mbeidh an t-athbhreithniú seo críochnaithe i mí Iúil 2019 agus bheadh Údarás Craolacháin na hÉireann sásta na torthaí a thiocfaidh as a phlé leis an Aire ag an bpointe sin.

Iarrtar i gceist 9 ar chóir d'Éirinn féachaint le tobhaigh a ghearradh ar sheirbhísí a bhíonn á rialáil i mBallstáit eile de chuid an AE ach a dhíríonn ar Éirinn d'fhonn ciste uasdátaithe léiriúchán ábhair a mhaoiniú nó a mhaoiniú i bpáirt. Déantar tuilleadh breithe air sin thíos.

4.3.2 Ar Éileamh: Tobhaigh ar Ábhair faoi Airteagal 13

Ceadaítear in Airteagal 13, Mír 2 den Treoir athbhreithnithe do Bhallstáit de cheangal ar sholáthraithe seirbhíse meán atá faoina ndlínse rannchuidiú ó thaobh airgeadais chun Saothair Eorpacha a léiriú, lena n-áirítear trí infheistíocht dhíreach a dhéanamh san inneachar agus trí ranníocaíocht a dhéanamh le cistí náisiúnta. Féadfaidh siad a chur de cheangal ar sholáthraithe seirbhíse meán a dhíríonn ar lucht féachana ar a gcríocha, ach atá bunaithe i mBallstát eile, na ranníocaíochtaí airgeadais sin a dhéanamh, agus beidh na ranníocaíochtaí sin comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcásanna den chineál sin, is ar an ioncam a ghnóthófar sna Ballstáit a bhfuiltear ag díriú orthu amháin a bheidh an ranníocaíocht airgeadais bunaithe. Má fhorchuireann an Ballstát ina bhfuil an soláthraí

seirbhíse meán bunaithe ranníocaíocht den sórt sin, cuirfidh sé san áireamh aon ranníocaíocht a d'fhorchuir na Ballstáit a bhfuiltear ag díriú orthu. Comhlíonfaidh aon ranníocaíocht airgeadais dlí an Aontais Eorpaigh agus, go háirithe, na rialacha maidir le Státchabhair.

Ní féidir an tobhach a ghearradh ar sheirbhísí craolacháin teilifíse agus ar sheirbhísí ar éileamh le láimhdeachas beag nó le tairseach lucht féachana íseal. Táthar ag súil go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach treoir maidir leis na saincheisteanna seo i rith na tréimhse trasuí.

Tacaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann le tobhach ábhair a thabhairt isteach i bprionsabal.

Tá an tÚdarás den tuairim gur chóir go gcuirfí bunús ar fáil sa reachtaíocht chun scéim den sórt sin a thabhairt isteach ach, mar sin féin, go dteastaíonn obair mhór sular féidir a leithéid de scéim a chinneadh sa reachtaíocht. Moltar go gcuirfí de chúram ar an rialtóir scéim den sórt sin a dhréachtú agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire í lena ceadú sula gcuirfí i bhfeidhm í. Leis sin bheadh dóthain ama agus deise ann chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Córas a bhunú chun cinneadh a dhéanamh cé na seirbhísí atá laistigh de raon feidhme tobhaigh den sórt sin.
- An córas muirearaithe a chinneadh. D'fhéadfaí mar shampla an tobhach a léirmhíniú mar cheann ina n-áirítear ioncam a ghintear as suiteáil táirgí. Tá sé doiléir go háirithe cén chaoi a mbeidh feidhm leis an tobhach i gcás seirbhísí atá inrochtana "saor in aisce".
- Machnamh ar na saincheisteanna trasdlínse is dóigh a thiocfadh chun cinn. D'fhéadfadh rannpháirtíocht an rialóra nua in ERGA cabhrú chun na saincheisteanna atá le réiteach a shainaithint agus cinneadh a dhéanamh faoi na bealaí a réiteofar na saincheisteanna sin.
- Níl aon sásraí nithiúla sa Treoir a chuireann oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse a mbeidh an tobhach le híoc acu faisnéis airgeadais a sholáthar do chomhlachtaí rialála a bheidh ag riar an tobhaigh. Ní mór soláthar a dhéanamh sa dlí chun go mbeidh sé níos éasca ag an rialtóir an fhaisnéis is gá a fháil chun scéim den sórt sin a chur i bhfeidhm. Beidh leibhéal suntasach comhoibriú trasdlínse de dhíth freisin agus caithfear faisnéis ábhartha a roinnt le rialtóirí i mBallstáit eile.
- Cé go gcaithfear go teicniúil an cheist maidir leis an tobhach a réiteach idir Ballstát agus na seirbhísí ar éileamh, caithfidh lear mór comhoibriú a bheith idir Ballstáit chun dúbailt a sheachaint sna socruithe muirearaithe agus chun a chinntiú go nglacfar le cuir chuige atá comhchuibhithe tríd is tríd nuair atá an tobhach agus an t-ioncam á ríomh.
- B'fhéidir go bhféadfaí smaoineamh ar scéim tobhaigh ábhair mar sin in Éirinn freisin i gcomhthéacs na Scéime um Maoiniú Craolacháin atá bunaithe cheana féin.
- Rud maith a bheadh ann dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha maidir le feidhmiú scéime den sórt sin.

4.3.3 Seirbhísí Meán Closamhairc Ar Éileamh: Airteagal 13: Saothair Eorpacha agus Tosaíocht

Ba mhaith leis an Údarás an deis seo a thapú, i gcomhthéacs an phlé ar rialáil na seirbhísí meán closamhairc, chun tuairim a thabhairt ar thrasuíomh Airteagal 13 den Treoir maidir le Saothair Eorpacha agus Tosaíocht chomh maith le forálacha Airteagal 7a den Treoir a bhaineann le tosaíocht agus Meáin na Seirbhíse Poiblí.

Roinn 4: Seirbhísí Meán Closamhairc (Snáithe 3 agus 4)

De bhun Airteagal 13 den Treoir athbhreithnithe, ní mór do sheirbhísí ar éileamh cuóta 30% de Shaothair Eorpacha a bhaint amach agus a chinntiú go bhfaighidh na saothair sin tosaíocht. Níl feidhm ag an oibleagáid sin i gcás ina bhfuil láimhdeachas íseal nó lucht féachana íseal ag an tseirbhís ar éileamh. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit an cuóta a tharscaoileadh i gcás ina mbeadh sé sin dodhéanta nó nach mbeadh údar leis mar gheall ar chineál nó téama na seirbhísí meán closamhairc lena mbaineann.

Is coincheap fadbhunaithe i gcomhthéacs craolacháin línigh iad na cuótaí le haghaidh Saothair Eorpacha. Bhí cuóta 50% do Shaothair Eorpacha le haghaidh seirbhísí craolacháin teilifíse áirithe sa Treoir bhunaidh agus coinníodh é sin sa leagan athbhreithnithe. Maidir leis na seirbhísí atá faoina shaindualgas faoi láthair, tugann Údarás Craolacháin na hÉireann tuairisc rialta ar an gcaoi a bhfuil craoltóirí na hÉireann ag cloí leis na forálacha sa Treoir a bhaineann le Saothair Eorpacha.

Mar sin féin, cé go n-aithnítear go bhfuil an cur chuige maidir le Saothair Eorpacha a ríomh sách simplí i gcás seirbhísí líneacha (mar chéatadán den sceideal líneach iomlán), ní chuirfear na modhanna chun comhlíonadh leis an gcuóta 30% a ríomh i bhfeidhm chomh héasca i gcás na seirbhísí ar éileamh.

De bhun an leagain deiridh den Treoir AVMS, ghlac rialtóirí i ndlínsí eile raon cur chuige chun leibhéal agus tosaíocht na saothar Eorpach ar sheirbhísí ar éileamh a chur chun cinn. (Toisc gur glacadh le cur chuige difriúil in Éirinn le hais mar a glacadh i ndlínsí eile san Eoraip, níor sannadh feidhmeanna den sórt sin don Údarás.) I measc na gcineálacha modhanna a úsáideadh bhí siad seo a leanas:

- Líon iomlán na nóiméad de Shaothair Eorpacha i gcatalóg ar éileamh a ríomh.
- Bearta rialála a ghlacadh lena chinntiú go raibh tosaíocht ag Saothair Eorpacha i gcomhéadain úsáideoirí le haghaidh catalóga ar éileamh.
- Gan na cuótaí a chur i bhfeidhm ach ar sheirbhísí ar éileamh amháin a bhfuil lucht féachana leathan acu agus a théann i gcion ar an lucht féachana.
- Ceanglais a thabhairt isteach a bhaineann le hinfheistíocht i Saothair Eorpacha.

Cé go ndearna go leor dlínsí dul chun cinn i dtaca leis seo, tháinig raon leathan dúshlán chun cinn lena n-áirítear:

- An sainmhíniú ar “Saothair Eorpacha” sa Treoir bhunaidh (rud nár athraíodh sa leagan athbhreithnithe) a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil ar an leibhéal náisiúnta.
- An scothphointe a leagan síos chun seirbhísí ar éileamh a chuimsiú/eisiamh nuair a bhíonn cuótaí á gcur i bhfeidhm.
- Cinneadh a dhéanamh maidir leis na leibhéil tosaíochta is leor chun cuótaí a shásamh.

Maidir leis na forálacha sa Treoir athbhreithnithe, táthar ag súil go n-eiseoidh an Coimisiún Eorpach treoirlínte maidir leis an sciar de Shaothair Eorpacha a ríomh agus ar an sainmhíniú ar lucht féachana íseal agus láimhdeachas íseal.

D’fhéadfadh an rialtóir smaoineamh, cuir i gcás, ar na samhlacha difriúla gnó a úsáideann seirbhísí ar éileamh in Éirinn agus cibé an bhféadfaí an cuóta a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí den sórt sin, agus cén

Roinn 4: Seirbhísí Meán Closamhairc (Snáithe 3 agus 4)

chaoi a bhféadfaí é sin a dhéanamh. I measc na samplaí de shamhlacha gnó a úsáideann seirbhísí ar éileamh in Éirinn tá siad seo a leanas:

- Íoc as ábhar ar bhonn mír ar mhír (e.g. iTunes)
- Ábhar “saor in aisce” á mhaoiniú ag fógraíocht (e.g. Cainéil Éireannacha YouTube)
- Ábhar “saor in aisce” a íoctar tríd an táille ceadúnais agus ioncam tráchtála (e.g. Seinnteoir RTÉ, Seinnteoir TG4)
- Ábhar “saor in aisce” a íoctar tríd ioncam tráchtála amháin (e.g. Seinnteoir Virgin Media)
- Íoc trí tháille síntiúis athfhillteach chun “catalog” ábhar a rochtain (e.g. “Boscaí clár” Sky)

D’fhéadfadh aird a bheith ag an rialtóir freisin ar obair ERGA (Grúpa Rialtóirí Closamhairc an Choimisiúin Eorpaigh) sa réimse seo. Léiríodh i dtuarascáil a d’ullmhaigh ERGA maidir le cuótaí:

- Go raibh leibhéil éagsúla taithí ann ó thaobh cuótaí do shaothair Eorpacha nó oibleagáidí cosúil le cuótaí a chur i bhfeidhm.
- I gcás inar cuireadh leibhéil chuótaí i bhfeidhm, bhí éagsúlacht mhór ag baint le leibhéil na saothar Eorpach a bhí de dhíth laistigh de na Ballstáit dhifriúla agus ní raibh íoschuóta ag roinnt Ballstát.
- Ba é an modh sainroghnaithe chun an sciar den chatalóg a ríomh ná é a ríomh ar bhonn líon uaireanta an chloig de shaothair Eorpacha nó an líon teideal saothar Eorpach. I gcás ina raibh sraith i gceist le teideal, cuireadh an rogha maidir le ríomh ar bhonn líon na n-eipeasóidí i bhfeidhm in dhá dhlínse.
- I measc na roghanna eile bhí modhanna ríofa dírithe ar thionchar, cosúil leis an sciar den am féachana nó an cuóta a nascadh le bearta de chineál tosaíochta (e.g. Saothair Eorpacha atá le feiceáil ar an leathanach baile).
- Bhí roinnt seánraí ábhar eisiata ón gcuóta (e.g. nuacht agus spórt, cumarsáid tráchtála).

Chun ullmhú do chur i bhfeidhm fhorálacha athbhreithnithe na Treorach maidir le saothair Eorpacha, pléadh roinnt comaoineacha eile:

- I gcás ina mbíonn seirbhísí líneacha agus neamhlíneacha á n-oibriú ag soláthraí AVMS, an féidir an cuóta a chomhlíonadh ag féachaint dá chuid seirbhísí go léir?
- I gcás ina bhfuil níos mó ná aon chatalóg amháin ag seirbhís ar éileamh, an bhfuil sé réasúnta smaoineamh ar leibhéal na saothar Eorpach mar chéatadán thar gach ceann de na catalóga?

Ar an tsaincheist a bhaineann le tosaíocht, tugadh na rudaí seo a leanas faoi deara:

- Ní raibh a leithéid de rud ann agus sainmhíniú ar cad a chuimsítear le tosaíocht.
- Ní raibh ach líon teoranta rialtóirí gníomhach i dtaca leis sin, de bhun na Treorach deiridh. Bhí sé sin ceangailte le heaspa bonn fianaise ar cé na gníomhaíochtaí tosaíochta ab éifeachtaí.

Pointe tábhachtach eile is ea an gá solúbthacht a thabhairt do rialtóirí ionas go mbeidh siad in ann freagairt d’athruithe sa sféar closamhairc. Tá an teicneolaíocht ag athrú go tobann agus tá fianaise ann go bhfuil tionchar aige sin ar thosaíocht maidir le cineálacha áirithe ábhair. Má táthar chun cuspóir na

Treorach a bhaint amach, rud réasúnta d'fhéadfaí a rá is ea roinnt solúbthachta a thabhairt don rialtóir in Éirinn chun freagairt d'fhorbairtí den sórt sin.

Ag féachaint do na rudaí ar fad thuas, creideann an tÚdarás gur cheart a shonrú sa reachtaíocht bheartaithe na prionsabail agus/nó na nithe eile a bhreithneoidh an rialtóir ag cur na bhforálacha sin i bhfeidhm ach gur chóir roinnt solúbthachta a thabhairt don rialtóir maidir leis na catagóirí agus méid na seirbhísí ar éileamh ar ar chóir an cuóta a chur i bhfeidhm anseo in Éirinn agus an chaoi is fearr a chinneadh go bhfuil an cuóta comhlíonta ag glacadh leis an gcineál seirbhíse atá i gceist. Toisc nach ndearnadh aon idirghabháil rialála sa dlínse seo go dtí seo, bheifí in ann le cur chuige den chineál seo cur chuige bunaithe ar fhianaise a ghlacadh maidir leis na rialacha atá le forbairt agus le cur i bhfeidhm. D'fhéadfaí an mheastóireacht a dhéantar ar thaithí i ndlíní eile san Eoraip a chur san áireamh agus, go háirithe, na socrúithe sonracha a mheastar atá éifeachtach.

4.3.4 Tosaíocht agus Meáin na Seirbhíse Poiblí: Airteagal 7a

Baineann an dara réimse tosaíochta, réimse scoite go deimhin, le tosaíocht ábhair ar na meáin seirbhíse poiblí. Foráiltear in Airteagal 7a den Treoir athbhreithnithe go *bhféadfaidh* na Ballstáit bearta a dhéanamh chun tosaíocht iomchuí seirbhísí meán closamhairc a bhaineann leis an leas ginearálta a áirithiú (e.g. ábhar leasa poiblí). Is foráil roghnach í seo sa Treoir agus tá lánrogha ag Ballstáit í a úsáid.

Go dtí seo, bhí údar le bearta lena chinntiú go raibh tosaíocht ag ábhar closamhairc leasa poiblí san Eoraip ar an mbonn nach mbíonn ábhar leasa poiblí a tháirgtear chomh brabúsach le hábhar tráchtála, bíonn an t-ábhar maoinithe go poiblí, agus is minic go gcuireann sé “earraí poiblí” chun cinn cosúil le nuacht agus cúrsaí reatha riachtanach agus díospóireacht dhaonlathach níos mó ná mar a tharlaíonn le hábhar iomlán tráchtála.

Mar cheist beartais poiblí, d'éirigh le hÉirinn, roimhe seo, trí fhorálacha reachtaíochta, roinnt tosaíochta a bhaint amach do chainéil/sheirbhísí na seirbhíse poiblí de chineál leasa ghinearálta (seirbhísí RTÉ, TG4 agus Virgin Media). Faoi láthair, tá roinnt feidhmeanna ag Údarás Craolacháin na hÉireann i dtaca leis sin, cé nach bhfuil na feidhmeanna sin coitianta in aon chor i measc rialtóirí na hEorpa ar fad. In Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, tá na feidhmeanna dírithe ar a chinntiú go mbeidh “tosaíocht” oiriúnach ag ábhar closamhairc de bhunús na seirbhíse poiblí agus seirbhísí de chineál leasa ghinearálta/phoiblí ar sheirbhísí a éascaíonn rochtain ar ábhar closamhairc (e.g. bíonn siad níos airde ar liosta na gcainéal ar an eolaire leictreonach clár (EPG), nó tá tosaíocht acu laistigh de chatalóga seirbhísí ar éileamh).

In Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, meastar go bhfuil an tosaíocht in EPGanna do chainéil seirbhíse poiblí tábhachtach go háirithe toisc a gcuid oibleagáidí ceadúnaithe chun nuacht agus cúrsaí reatha ábhartha a sholáthar agus ábhar eile atá ábhartha ar bhonn cultúrtha do lucht féachana náisiúnta. Bhí an fócas rialála dírithe go príomha ar thosaíocht chainéil na seirbhíse poiblí i liostaí clár EPGanna (eolairí clár leictreonacha). Tá feidhmeanna an Údaráis teoranta nuair a chuirtear i gcomparáid iad le Ofcom sa Ríocht Aontaithe, mar shampla. In ainneoin sraith feidhmeanna reachtúla mar sin atá sách teoranta, déarfá, tarraingíodh an tÚdarás isteach i gcur is cúiteamh a bhain le tosaíocht anois is arís thar na mblianta, go hiondúil ar ordú ó chraoltóirí a bhíonn ag lorg cineál éigin idirghabhála rialála go minic.

Le déanaí anuas, tá na saincheisteanna atá á n-ardú ag dul níos faide ná an cinneadh faoin áit ar chóir seirbhís a chur ar an liosta cainéal ar EPG agus tá siad nasctha le forbairtí teicneolaíochta. Rud a bhíonn le feiceáil go minic anois is ea an scáileán baile ar theilifís chliste áit nach mbíonn tosaíocht i gcónaí ag an liosta cainéal agus áit a mbíonn tairiscintí ábhar eile in iomaíocht le haghaidh lucht féachana. Rud a tugadh faoi deara, le déanaí, mar shampla is ea an bealach inar féidir le rochtain ar liosta teilifíse “imeacht as radharc” ó scáileán baile na teilifíse cliste, ag brath ar na roghanna a rinne an té a bhí ag breathnú air roimhe sin. Is léir go mbítear ag súil le deis éigin le haghaidh treoir rialála agus/nó idirghabhála i gcásanna den sórt sin a chaithfí a éascú in aon reachtaíocht a eascraíonn as trasuíomh na Treorach. Measann an tÚdarás go bhfuil sé iomchuí don rialtóir ról méadaithe mar sin a bheith aige. Chuige sin, tugann na cuspóirí rialála uileghabhálacha maidir le hiolarthacht agus éagsúlacht sa raon seirbhísí agus ábhar atá ar fáil do lucht féachana na hÉireann réasúnaíocht áisiúil le haghaidh cur chuige mar sin.

Roinn 5: Breithnithe Eile

C10	Tá imní curtha in iúl faoi na Moltaí i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta faoi Shnáithe 1 ag Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe um chur chun cinn agus cosaint an chirt ar shaoirse cainte. Conas is féidir le hÉirinn cothromas a bhaint amach idir bunchearta na n-úsáideoirí uile agus tuilleadh rialála ar ábhar dochrach ar líne, e.g. an ceart ar shaoirse tuairimíochta, a chuimseodh úsáideoirí a n-imreodh ábhar ar líne a d'fhéadfadh a bheith dochrach tionchar orthu, agus úsáideoirí a chruthódh an cineál sin ábhair?
-----	---

5.1 An Comhthéacs Eorpach agus Idirnáisiúnta

Mar fhreagra ar an imní a léirigh an Rapóirtéir Speisialta, molann an tÚdarás bealaí inar féidir dul i ngleic lena imní trí na forálacha reachtaíochta agus an scéim reachtúil maidir le Sábháilteacht Ar Líne, chun freagairt chomhréireach a bhaint amach maidir le cothromaíocht a fháil idir an ceart chun saoirse tuairimíochta a bheith ag duine agus cónaitheoirí a chosaint ó ábhar dochrach ar líne.

Rinne an tÚdarás a mhachnamh ar an imní a léirigh Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis an gceart chun saoirse tuairimíochta agus cainte a eascraíonn as an mBille fá Choimisinéir um Shábháilteacht Dhigiteach, 2017, a chur chun cinn agus a chosaint agus tugann sé faoi deara tiomantais Rialtas na hÉireann mar fhreagra ar an imní sin, lena n-áirítear a thiomantas maidir lena chuid oibleagáidí a chur i gcrích faoi Airteagal 19 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Poiblí (ICCPR).

Tugann an tÚdarás ar aird freisin agus ar bhealach níos ginearálta na bealaí faoina dtugann Éire éifeacht ábhartha don cheart maidir le saoirse tuairimíochta agus cainte e.g. trí na cearta a thugtar do shaoránaigh Éireannacha de bhun Bhunreacht na hÉireann, Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine agus Chairt um Chearta Bunúsacha an AE.

Tá aird ag an Údarás freisin ar an mbealach ina léirítear an ceart sin i reachtaíocht craolacháin reatha. De réir an chuspóra reachtúil atá aige féachaint “lena chinntiú go seastar leis na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe iad sin a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh”, féachann an tÚdarás le saoirse cainte a chur chun cinn agus an cuspóir uileghabhálach sin a bhaint amach trína chuid beartas agus cleachtas go léir.

Ag glacadh leis an ábhar imní atá ag an Rapóirtéir Speisialta, molann an tÚdarás go bhféadfaí láidir cás a dhéanamh chun rialachán sábháilteachta ar líne a thaisceadh i gcomhlacht rialála, cosúil leis an Údarás, a bhfuil taithí aige ag cur saoirse cainte chun cinn mar bhunphrionsabal atá mar bhonn taca ag a chuid gníomhaíochtaí rialála go léir. Chun an taithí sin a bhaint amach b'éigean don Údarás na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe sa Bhunreacht agus i reachtaíocht eile a chothromú leis an gceart atá ag saoránaigh cosaintí áirithe a chur ar fáil dóibh i sféar na meán.

Bhí aird ag an Údarás ar Thuarascáil Bhliantúil 2018 Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe inar thug sé aghaidh ar imní maidir le hábhar a rialáil ar ardáin ar líne agus rinneadh roinnt moltaí ann i

dtaca leis sin. Ag féachaint do na moltaí sin, mholfadh an tÚdarás iad seo a leanas maidir leis an Moladh i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta:

- Ba cheart go saineofaí “Ábhar Dochrach” go follasach sa reachtaíocht, agus go sonrófaí de réir mar is iomchuí na catagóirí sonracha d’ábhar dochrach atá faoi raon feidhme na reachtaíochta. Tugtar treoir chabhrach i dTuarascáil 2016 an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí maidir leis sin.
- Cur chuige maidir le “Rialáil Chliste”: na treoirphrionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag moltaí an Rapóirtéara Speisialta ar féidir iad a léiriú sna prionsabail rialála a chuirfear i bhfeidhm sa scéim reachtúil. Tríd is tríd, moltar cur chuige incriminteach agus fianaise-bhunaithe maidir le srianta agus rialacha a thabhairt isteach.
- Suíonn an scéim rialála maidir le Sábháilteacht Ar Líne arna beartú ag an Údarás (féach rannán 3 thuas) na tograí “baint-anuas” i gcomhthéacs rialála níos leithne nach mbaineann díreach le hábhar a bhaint ach le ceann ina gcuirtear laghdú ar an dochar chun cinn agus ina gcuirtear feachtas phoiblí agus oideachas chun cinn maidir leis na dochair is féidir a chruthú trí theicneolaíochtaí digiteacha. Tá an cur chuige sin i gcomhréir leis an gcur chuige maidir le Rialáil Chliste atá á chur chun tosaigh ag an Rapóirtéir Speisialta (agus go deimhin ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí) agus a bhféadfaí tacú tuilleadh leis ach leanúint le cur chuige reatha an Údaráis maidir lena Bheartas agus Gníomhaíochtaí ar Thuiscint ar na Meáin agus é a leathnú.
- Tacaíonn an tÚdarás le prionsabal na comhréireachta maidir le smachtbhannaí arna moladh ag an Rapóirtéir Speisialta – féach tograí an Údaráis i dtaca leis sin mar atá leagtha amach i Rannán 5 thíos.
- Moltar i moladh #68 an Rapóirtéara Speisialta “gur chóir do Stáit staonadh ó shamhlacha rialacháin a ghlacadh i gcás inarb iad na gníomhaireachtaí rialtais, seachas údaráis bhreithiúnacha, réiteoirí an léirithe dhlíthiúil”. Molann sé gur cheart dóibh gan freagracht a tharmligean do chuideachtaí mar bhreithneoirí ábhair, rud lena dtugtar breithiúnas corparáideach seachas féachaint ar luachanna chearta an duine agus téann sé sin chun aimhleasa na n-úsáideoirí.

D’fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar na struchtúir rialála sa scéim reachtúil atá molta mar struchtúir gar-bhreithiúnach. Glacann an tÚdarás go gcaithfí gníomhaíochtaí agus cinntí an rialtóra, mar chomhlacht reachtúil, a ghlacadh i gcomhréir le prionsabail an cheartais aiceanta agus go mbeidís faoi réir grinnscrúdú chúirteanna na hÉireann trí bhíthin imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

- Moltar i moladh #69 an Rapóirtéara Speisialta “gur chóir do Stáit tuarascálacha trédhearcachta mionsonraithe a fhoilsiú maidir le gach iarraidh a bhaineann le hábhar a eisítear d’idirghabhálaithe agus go mbeadh ionchur dáiríre ón bpobal maidir le gach comaoin rialála.”

Molann an tÚdarás go bhfoilseofaí tuarascálacha trédhearcachta den sórt sin ina Scéim Sábháilteachta Ar Líne (féach Rannán 3 thuas). Ina theannta sin, samhlaíonn an tÚdarás

freisin go ndéanfar aon chóid nó treoir a eascraíonn as na forálacha nua reachtúla a dhréachtú i gcomhairliúchán fóinteach leis na geallsealbhóirí ábhartha.

C11	Conas is féidir le hÉirinn a chinntiú go mbeidh feidhmiú na Treorach athbhreithnithe faoi Shnáithe 2 agus aon rialáil bhreise ar ábhar dochrach ar líne faoi Shnáithe 1 ag teacht leis an gcreat ábhartha de chuid an AE maidir le rialáil seirbhísí ar líne, lena n-áirítear an córas dliteanais theoranta i dtaca le seirbhísí ar líne faoin Treoir Ríomhthráchtála? [Cuid 2, 4, 5, 6, 7 agus 8 den nóta míniúcháin]
-----	---

5.2 An Treoir Ríomhthráchtála

Ceann de chroí-spricanna an Aontais Eorpaigh is ea “saorghluaiseacht” seirbhísí a chur chun cinn trí chomhrialacha a thabhairt isteach i measc Ballstát faoin gcaoi ar chóir seirbhísí a rialáil i gcásanna trasteorann. D’aontaigh Ballstáit an AE roinnt príomhrialacha ginearálta ag tús an 21ú haois faoin gcaoi ar chóir seirbhísí ar líne a rialáil laistigh den Aontas Eorpach:⁷

- Ní féidir le seirbhísí ar líne a bheith faoi dhliteanas maidir le hábhar neamhdhleathach a óstálann siad ach amháin nuair atá eolas i ndáiríre acu maidir leis an ábhar agus i gcás gur theip orthu gníomhú go tapa chun an t-ábhar sin a bhaint. Ní féidir seirbhísí a “óstálann” ábhar a uaslódálann úsáideoirí gan formhaoirseacht an tsoláthraí seirbhíse a chur faoi dhliteanas maidir leis an ábhar sin ach amháin ar bhunús “frithghníomhach” i.e. tar éis iad a bheith curtha ar an eolas go bhfuil a leithéid d’ábhar ann.
- Ní féidir le Ballstáit an AE oibleagáidí “ginearálta” a thabhairt isteach lena n-éilítear ar sholáthraithe seirbhíse ar líne monatóireacht a dhéanamh ar an ábhar ar a gcuid seirbhísí nó fíricí nó imthosca a léiríonn gníomhaíocht neamhdhleathach a lorg go gníomhach. Go ginearálta ní féidir iarraidh ar sholáthraithe seirbhíse ar líne bearta “réamhghníomhacha” a ghlacadh chun srian a chur ar a gcuid seirbhísí i gcás ina n-uaslódálann úsáideoirí ábhar gan aon formhaoirseacht déanta acusan air.
- Tá cosc ar Bhallstáit an AE srian a chur ar rochtain ar sheirbhísí ar líne atá á soláthar ó Bhallstáit eile an AE chuig a ndlíne.
- Rialaítear seirbhísí ar líne sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe agus san áit óna soláthraítear iad seachas ón áit ina n-ídítear nó ina n-úsáidtear iad.

Mar thoradh ar na bearta (i measc rudaí eile), cuirtear go leor seirbhísí ar líne a bhfuil tóir orthu agus atá ar fáil ar idirlíon an lae inniu ar fáil ar bhonn ilchríochach agus domhanda.

Ag an am ar dréachtaíodh na rialacha seo ní raibh na seirbhísí is mó a bhfuil tóir orthu ar an idirlíon inniu fiú ann nó ní raibh siad ach díreach cruthaithe. Ó shin i leith, tháinig fás suntasach ar imreoirí an mhargaidh agus rinneadh comhdhlúthú orthu agus soláthraíonn líon beag soláthraithe seirbhíse formhór de na “príomhsheirbhísí” a chuirtear ar fáil ar an idirlíon san Eoraip inniu. Feidhmíonn na soláthraithe seirbhíse seo go príomha mar “ardáin” a mbíonn a samhlacha gnó ag brath ar rochtain ar

⁷ Féach Treoir 2000/31/CE. Bhain eisceachtaí agus éagsúlachtaí nádúrtha leis na rialacha ginearálta seo de réir a chéile mar is iomchuí.

sheirbhísí, earraí nó gníomhaíochtaí neamh-eacnamaíocha a chur ar fáil, arna soláthar ag aonáin níos lú nó cumarsáid a chumasú idir úsáideoirí (e.g. Amazon, Google, Facebook, iTunes, Netflix).

Iarrtar sa Treoir athbhreithnithe ar sholáthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán bearta comhréireacha, réamhghníomhacha a ghlacadh chun an t-ábhar a dtugann siad rochtain air a mhaolú ar bhealach níos éifeachtaí agus leas a bhaint as na hacmhainní substaintiúla agus na hinniúlachtaí teicniúla atá fabhráithe acu ag soláthar a gcuid seirbhísí chun leasa an phobail, go háirithe chun mionaoisigh a chosaint, chun gríosú chun foréigin nó fuatha a chomhrac, chun cionta coiriúla áirithe a chomhrac agus chun caighdeán fógraíochta a fheabhsú. Cuireann an tÚdarás fáilte chroíúil roimh an bhforbairt seo, mar aon le rún an Aire rialacha a thabhairt isteach le haghaidh Sábháilteacht Ar Líne – atá mar an gcéanna a bheag nó a mhór leis na saincheisteanna sin.

Ar leibhéal na bprionsabal, cé go bhfuil creat dlíteanais ar líne an AE á bhuanú, tugann an tÚdarás faoi deara gurb aitheantas atá sa Treoir athbhreithnithe ó na hInstitiúidí Eorpacha go bhfuil creata dlíteanais atá díreach “frithghníomhach” le haghaidh ardán agus seirbhísí móra, ar líne a bhfuil an-tóir orthu gan aon oibleagáidí “réamhghníomhacha” comhfhreagracha chun bearta agus uirlisí a thabhairt isteach chun úsáideoirí a chosaint, agus go bhfuil sé sin ag cruthú saincheisteanna suntasacha ar fud na hEorpa.

Mar achomair, agus na ceisteanna a d’ardaigh an Roinn ina comhairliúchán á mbreithniú, bhí an tÚdarás cáiréiseach ag cinntiú go dtugann a cuid tograí urraim do chreat dlíteanais ar líne an AE agus braitheann sí gur féidir an caighdeán cosanta a éilítear leis an Treoir athbhreithnithe agus córas éifeachtach rialála don tSábháilteacht Ar Líne do chónaitheoirí Éireannacha a bhaint amach laistigh den chreat seo.

C14	<p>Cad iad na feidhmeanna agus na cumhachtaí ba chóir a shannadh don rialtóir cuí le go mbeidh sé in ann a ról faireacháin agus forfheidhmiúcháin a chomhlíonadh (Cuid 8 den Nóta Míniúcháin). Chomh maith leis sin, ar chóir go mbeadh difríocht ann idir rialáil i dtaca le Seirbhísí Ardán Comhroinnt Físeán faoin Treoir athbhreithnithe faoi Shnáithe 2 agus rialáil a bheadh i bhfeidhm ag leibhéal náisiúnta faoi Shnáithe 1? Iarrtar ort do chuid réasúnaíochta agus samplaí a thabhairt. (Codanna 2, 4, 5, 7 agus 8 den Nóta Míniúcháin)</p>
C15	<p>Cad iad na smachtbhannaí ba chóir a bheith ar fáil don rialtóir cuí i dtaca le seirbhís nach mbeadh a dualgais comhlíonta aici? Seo a leanas samplaí de na smachtbhannaí a bheadh i gceist:</p> <ul style="list-style-type: none"> - An chumhacht chun a fhoilsiú nach bhfuil seirbhís ar leith ag comhlíonadh a cuid dualgas, - An chumhacht chun fíneálacha riaracháin a ghearradh, - Fógraí eatramhacha agus fógraí deiridh a eisiúint chuig seirbhísí maidir le neamh-chomhlíonadh agus an chumhacht chun urghairí Cúirte a lorg le fógraí an rialtóra a fhorfheidhmiú, agus, - An chumhacht chun smachtbhannaí coiriúla a chur i bhfeidhm sna cásanna is tromchúisí. <p>An bhfuil smachtbhannaí ar bith eile ann ar chóir iad a bhreithniú? Iarrtar ort do chuid réasúnaíochta a thabhairt maidir le cad chuige ar chóir go mbeadh smachtbhanna ar leith ar fáil don rialtóir. [Cuid 2, 4, 6, 7 agus 8 den nóta míniúcháin]</p>

5.3 Smachtbhannaí/Cumhachtaí

Mar fhreagra ar na nithe a ardaíodh sna ceisteanna thuas, déanann an tÚdarás cur síos leathan sa Rannán seo ar na feidhmeanna agus na cumhachtaí ba cheart a shannadh don rialtóir ábhartha chun a ról comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin a éascú. Ar bhonn níos sonraithe fós, téann an tÚdarás i ngleic ansin leis na cumhachtaí smachtbhannaí ba cheart a bheith ar fáil don rialtóir. Fuair cur chuige an Údaráis treoir óna ghníomhaíochtaí comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin féin thar bhlianta fada, ina gcuimsítear na prionsabail a bhaineann le rialúchán níos fearr agus léirítear dea-chleachtas tríd is tríd i ngnéithe comhlíontachta a bhaineann le rialúchán.

5.3.1 Comhlíonadh agus Forfheidhmiú: Breithnithe Ginearálta

Éilítear le haon rialachán go dtabharfaí an chumhacht don rialtóir iomchuí a chinntiú go gcomhlíonfaidh na haonáin rialáilte na forálacha reachtúla faoina bhfeidhmíonn na haonáin. Chun na cuspóirí sa Mholadh i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta agus sa Treoir a sheachadadh, tá sé riachtanach go mbeidh raon leathan agus láidir cumhachtaí comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin leagtha síos sa dlí ag an rialtóir má táthar chun a chuid oibre a dhéanamh go héifeachtach agus go hinchreidte. Áirítear leis seo cumhachtaí chun suas le fíneálacha agus smachtbhannaí a ghearradh ar aonáin a mheastar atá ag sárú an reachta agus iad sin san áireamh.

Tá dualgas ar Bhallstáit a chinntiú go gcloíonn na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán faoina ndlínse le raon beart atá leagtha amach sa Treoir. Sa chomhthéacs sin, cabhraíonn sé smaoineamh ar an athrú atá tagtha ar an gcaidreamh idir na haonáin rialáilte agus an rialtóir. Go dtí seo, bhí caidreamh conarthach bunaithe sa reacht ag formhór na ggraoltóirí líneacha leis an rialtóir, agus thug na forálacha reachtúla, mar aon leis na forálacha conarthacha nach mór do chraoltóirí cloí leo, seasamh láidir don rialtóir den chuid is mó, mar nuair a bhíonn an rialtóir in ann Conradh a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh cruthaítear cosc suntasach ó thaobh comhlíontacht a chinntiú.

I gcás ardán ar líne, lena n-áirítear na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, beidh an caidreamh rialála difriúil ar fad. Ina theannta sin, d'fhéadfadh dúshláin shuntasacha a bheith i gceist toisc go bhfuil go leor de na hardáin sin ag dul isteach i réimse an rialúcháin reachtúil ábhar den chéad uair. In éagmais caidrimh chonarthach, dá bhrí sin, ní mór don rialtóir bealach láidir agus atá oiriúnach don chuspóir a bheith aige chun comhlíonadh agus forfheidhmiú éifeachtach a chinntiú.

I gcomhthéacs na hÉireann, is maith is eol don Údarás má ghearrtar smachtbhannaí airgeadais go gcaithfear aird a thabhairt freisin ar na socruithe bunreachtúla sonracha atá i bhfeidhm maidir le ról chúirteanna na hÉireann i gcúrsaí mar sin.

5.3.2 Prionsabail agus Cumhachtaí Comhlíonta agus Forfheidhmithe

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm fhoriomlán ag an rialtóir a chinntiú go mbeidh cur chuige comhleanúnach agus trédhearcach ann maidir lena ghníomhaíochtaí comhlíontachta, agus go mbeidh ardáin freagrach maidir lena n-oibleagáidí reachtúla ar bhealach ina spreagtar agus ina gcuirtear cultúr comhlíontachta chun cinn.

Ba cheart go mbeadh roinnt prionsabal ginearálta mar bhonn agus mar thaca ag an gcur chuige chun cumhachtaí comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin an rialtóra a chinneadh a chuirfidh ar chumas an rialtóra monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh go héifeachtach agus na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin is gá a ghlacadh ar mhodh tráthúil:

- **Éifeachtach:** Ba cheart go n-éascódh cumhachtaí rialála an rialtóra freagairt rialála éifeachtach agus go gcuirfidís cosc ar sháruithe ar an reacht sa todhchaí
- **Comhréireach:** Ba cheart go n-iarrfaí ar an rialtóir gníomhú **go comhréireach**, go háirithe agus aird ar chuspóirí níos leithne an rialtóra ag cur saoirse tuairimíochta chun cinn
- **Solúbthacht:** Ba cheart go n-éascódh cumhachtaí an rialtóra **raon freagairtí** iomchuí, a bheadh saincheaptha d'ímthosca sonracha sáraithe, mar aon leis an gcineál ábhair agus ardáin ar a n-iompraítear an t-ábhar. Áirítear leis seo an cumas dlús a chur faoi imní de réir mar is cuí agus an cumas freagairt ar leibhéal atá iomchuí maidir le tromchúiseacht, scála nó tionchar imeachta ar leith. I gcás nach dtarlaíonn aon cheartú, ba cheart go mbeadh bealach ann chun cinneadh an rialtóra a fhorfheidhmiú.
- **Cur chuige riosca-bhunaithe:** Ba cheart go n-éascódh na forálacha reachtúla cur chuige riosca-bhunaithe an rialtóra maidir le gníomhaíochtaí comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin, rud a d'fhágfadh go mbeifí in ann gníomhaíochtaí rialála a dhíriú ar ábhar a bhféadfadh an tionchar is mó a bheith aige nó a chruthódh an dochar is mó.

- **Fianaise-bhunaithe:** Ba cheart go mbeadh treoir ag cur chuige foriomlán an rialtóra ó na forálacha reachtúla, a chuid cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha, agus bonn fianaise inchreidte a bheith mar thaca aige.
- **Comhoibriú:** Ba cheart go leagfaí síos ionchas sa reacht maidir le comhoibriú agus teagmháil rialta idir an rialtóir agus ardáin ar líne, chun dul i ngleic le saincheistean ar bhonn caoithiúil agus chun gníomhartha a ghlacadh lena chinntiú nach dtarlódh na cineálacha sárúithe céanna arís.

5.3.2.1 Snáithe 1: Cumhachtaí um Chomhlíonadh

Ní mór do na cumhachtaí atá ar fáil don rialtóir, atá riachtanach chun monatóireacht a dhéanamh ar mar atá na hardáin ar líne ag comhlíonadh na bhforálacha reachtúla maidir le hábhar dochrach, a bheith ag teacht le líon na bhfeidhmeanna a chinntear sa reachtaíocht sa deireadh thiar. Is é an príomhfheidhm a shamhlaítear sna doiciméid chomhairliúcháin ná go dtabharfaí anuas nó go mbainfí ábhar dochrach agus téann an tÚdarás i ngleic as féin leis an bpróiseas chun fógraí den sórt sin a eisiúint i Rannán 3 den doiciméad seo, *Sábháilteacht Ar Líne*, (féach thuas). Sa chomhthéacs sin, is iomchuí an chumhacht chun orduithe a eisiúint, lena n-áirítear fógraí eatramhacha agus deiridh ar sheirbhísí má theipeann orthu a gcuid dualgais a chomhlíonadh agus an chumhacht bhreise chun faoiseamh urghaire a lorg chun fógraí a fhorfheidhmiú. Is cumhachtaí ginearálta iad cumhachtaí cigireachta, imscrúdaithe agus iniúchta atá áisiúil i gcomhthéacs comhlíontachta. D'fhéadfaí smaoineamh freisin ar nochtadh deonach maidir le neamhchomhlíonadh a dhéanann ardáin a chur ar bhonn reachtúil.

5.3.2.2 Snáithe 2: Cumhachtaí um Chomhlíonadh

Tá bearta ar leith leagtha amach ag Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le sásamh, mar aon le tograí i ndáil le próiseas measúnaithe Airteagal 28b – féach Rannán 2 thuas. Moltar roinnt cumhachtaí breise thíos:

- Meastar go bhfuil raon leathan cumhachtaí monatóireachta agus comhlíontachta comhsheasmhach le feidhmeanna an rialtóra mar atá leagtha síos sa reachtaíocht.
- Cumhacht chun soláthar sonraí agus faisnéise a iarraidh i bhformáid a shonróidh an rialtóir
- Tá an cumas maidir le horduithe, agus fógraí eatramhacha agus deiridh a eisiúint chuig seirbhísí maidir le neamh-chomhlíonadh iomchuí
- An chumhacht ordú don tseirbhís ardáin comhroinnte físeán plean gníomhaíochta maidir le comhlíonadh a sholáthar ionas go mbeidh an rialtóir in ann é a cheadú
- Tá an chumhacht chun faoiseamh urghaire a lorg chun fógraí an rialtóra a fhorfheidhmiú iomchuí freisin
- An chumhacht chun moltaí agus orduithe a eisiúint do sheirbhís ardáin comhroinnte físeán chun a córais, a próisis agus a nósanna imeachta a chur in oiriúint chun a chinntiú go gcomhlíonfar na forálacha reachtúla
- Cumhachtaí cigireachta, imscrúdaithe agus iniúchta
- An chumhacht chun nochtuithe deonacha maidir le neamh-chomhlíonadh a fháil agus a bhreithniú

5.3.3 Forfheidhmiú agus Smachtbhannaí

Tá feidhm leis na prionsabail chéanna atá i bhfeidhm ar fheidhmeanna comhlíontachta an rialtóra i bhfeidhm freisin maidir leis na cumhachtaí forfheidhmiúcháin agus cumhachtaí smachtbhanna ba chóir a bheith ar fáil don rialtóir (féach mír 5.3.2 thuas).

Tá cumhachtaí reatha ceadaithe an Údaráis leagtha amach i gCuid 5 den Acht Craolacháin, 2009 – áirítear leo sin cumhachtaí chun conarthaí a imscrúdú, a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh agus fineálacha a eisiúint. Tá sé cruthaithe go raibh taithí an Údaráis maidir leis na cumhachtaí sin a chur i bhfeidhm, éifeachtach. Mar sin féin, ba chóir a thabhairt ar aird go raibh taithí an Údaráis maidir leis na forálacha a chur i bhfeidhm teoranta do líon beag cásanna toisc go bhfuil na forálacha trom ó thaobh nósanna imeachta agus acmhainní de agus bíonn éifeacht theoranta phraiticiúil ag an leibhéal acmhainní a bhíonn ar fáil don Údarás ar an leibhéal gníomhaíochta is féidir leis a chur i gcrích.

I gcás na n-ardán ar líne, lena n-áirítear ardáin comhroinnte físeán, beidh an caidreamh a bheidh leis an rialtóir fíor-dhifriúil (i.e. de chineál neamhchonarthach) agus ní bheidh cumhachtaí den sórt sin ann i gcás aon cheann de na hardáin ar líne a bheidh le rialáil de bhun na Treorach athbhreithnithe ná an Mholta i dtaobh Reachtaíocht Náisiúnta. Éilítear leis sin, dá bhrí sin, go mbeadh forálacha iomchuí ann maidir le smachtbhannaí agus fineálacha atáthar in ann a chur i bhfeidhm go hiomlán chomh tapa agus chomh héifeachtach agus is féidir.

5.3.3.1 Forfheidhmiú: Cumhachtaí ginearálta an rialtóra a bhaineann le Snáithe 1 agus 2

Breithnítear go bhfuil na cumhachtaí forfheidhmiúcháin ginearálta seo a leanas iomchuí maidir le ról an rialtóra:

- An gá d'ardáin réitigh theicneolaíochta a ghlacadh de réir mar a ordóidh an rialtóir lena chinntiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht
- Cumhacht don rialtóir fógraí nó orduithe a eisiúint lena chinntiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht. D'fhéadfaí a áireamh le samplaí d'orduithe den sórt sin an ceanglas córais, próisis agus nósanna imeachta ardáin a chur in oiriúint (e.g. nósanna imeachta maidir le gearáin), agus plean gníomhaíochta maidir le comhlíonadh a chur isteach etc.
- Cumas an rialtóra tuarascálacha feidhmíochta maidir le comhlíonadh a eisiúint ina dtacaítear le trédhearcacht sa phróiseas comhlíontachta foriomlán
- An chumhacht chun fógraí, fógraí rabhaidh agus fógraí rabhaidh deiridh a eisiúint do sheirbhísí maidir le neamh-chomhlíonadh, agus an chumhacht le faoiseamh urghaire a lorg chun fógraí an rialtóra a fhorfheidhmiú
- Ba cheart smaoineamh freisin ar an gcumas réitigh a chaibidlíú, agus aird ar an taithí atá ag comhlachtaí rialála eile in Éirinn i dtaca leis sin.

Ar an 8 Aibreán anuraidh, d'eisigh Rialtas na Ríochta Aontaithe Páipéar Bán ar Dhochar Ar Líne. Laistigh de raon feidhme an chomhairliúcháin caithfear smaoineamh ar chumhachtaí comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin a chuirfeadh ar chumas an rialtóra cur isteach ar ghníomhaíochtaí gnó cuideachta nach bhfuil ag comhlíonadh a cuid dualgaí, mar aon le bearta a thabhairt isteach chun dliteanas a ghearradh ar bhaill aonair na bainistíochta sinsearaí (comhoiriúnach leis an Treoir Ríomhthrachtála) agus bearta chun suíomhanna gréasáin nó aipeanna nach bhfuil ag comhlíonadh a bhlocáil. D'fhéadfaí bearta den sórt sin a bhreithniú tuilleadh i gcomhthéacs na hÉireann. Ina theannta

sin, d'fhéadfaí tuilleadh machnaimh a dhéanamh freisin ar an taithí go dtí seo san Astráil agus sa Nua-Shéalainn maidir le dochair ar líne a rialáil agus éifeachtacht na gcumhachtaí comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin a shanntar do rialtóirí sna dlínsí sin. Bheadh an tÚdarás sásta cabhrú leis an Roinn agus leis an Aire é sin a iniúchadh tuilleadh.

5.3.4 Smachtbhannaí agus Fíneálacha

Measann an tÚdarás go bhfuil na smachtbhannaí seo a leanas iomchuí:

- An chumhacht chun torthaí agus moltaí a eisiúint ag éirí as gníomhaíochtaí comhlíontachta an rialóra agus ó chigireacht, imscrúdú nó iniúchadh.
- An chumhacht chun torthaí den sórt sin a fhoilsiú, lena n-áirítear an toradh nach bhfuil seirbhís ar leith ag comhlíonadh a cuid dualgas. Léiríonn sé sin aitheantas atá ag méadú maidir leis an tábhacht atá le bearta coimhdeacha chun teacht ar smachtbhanna comhréireach cosúil leis an éifeacht a bhíonn ag foilsiú forleathan ar aon chinneadh diúltach, agus ábhar aon fhógra poiblí maidir le smachtbhanna.
- An chumhacht chun fíneálacha riaracháin a ghearradh.
- Ní ag an rialtóir amháin a bheidh an chumhacht chun smachtbhannaí coiriúla a chur i bhfeidhm sna cásanna is tromchúisí. Is gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh maidir le ról faoi seach an rialóra agus ghníomhaireachtaí ábhartha an Stáit um fhorfheidhmiú an dlí i gcásanna den sórt sin. Tá roinnt comhlachtaí rialála in Éirinn (mar shampla, an CCPC) a bhféadfaí tarraingt ar a dtaithí siúd chun bailchríoch a chur ar na socruithe rialála maidir leis na gnéithe coiriúla den reachtaíocht bheartaithe.

5.3.4.1 Na prionsabail a bhaineann le smachtbhannaí agus leibhéal na bhfíneálacha a chinneadh:

Agus an leibhéal fíneála á chinneadh, ba cheart go leagfaí síos treoir sa reachtaíocht don chomhlacht rialála maidir le raon na gcomaoineacha a chuirfear i bhfeidhm nuair a bheidh smachtbhanna á chinneadh agus chun é a laghdú go dtí méid cainníochtúil.

Tríd is tríd, ba cheart go léireofaí sna prionsabail ba chóir a bheith i bhfeidhm maidir le smachtbhannaí agus fíneálacha a eisiúint an cleachtas ginearálta atá i gcúirteanna na hÉireann i.e. aird a bheith ar shonraí ciona faoi leith, an áit atá aige ar an raon tromchúiseachta agus ansin fachtóirí maolaithe a chur i bhfeidhm, a mbeidh sé d'éifeacht acu an pionós a laghdú.

I dtuairim an Údaráis, ba cheart go mbeadh feidhm leis na comaoineacha seo a leanas i dtaca le smachtbhannaí agus fíneálacha:

- Ba cheart dóibh a bheith oiriúnach agus comhréireach leis an sárú/gcion
- Ba cheart dóibh gníomhú mar dhreasacht/srian chun comhlíonadh sa todhchaí a chinntiú agus chun míshástacht an phobail a léiriú
- Ba cheart tromchúis an tsáraithe a chur san áireamh; cé air atá an milleán, iompar an chiontóra i mbun an tsáraithe agus tionchar an dochair a rinneadh agus/nó an méid dochair a rinneadh.
- Ba cheart aird a bheith ar an gcomhthéacs ina ndéantar leas poiblí dleathach a lorg, má tá an ciontóir ag cur cearta tábhachtacha maidir le saoirse cainte i gcrích, má bhíonn sé ag cloí le luachanna chun leasa an phobail, nó díreach má rinne sé/sí botún. Ba cheart smaoineamh ar an leas poiblí chun aon “éifeacht dhiúltach” ar thuairisciú a sheachaint.

- Méid: d'fhéadfadh méid na fíneála a bheith ag brath air: (1) an láimhdeachas sa bhliain airgeadais roimhe sin; (2) an cumas íoc; (3) díobháil intomhaiste don tomhaltóir/leibhéal na gnóthachtála airgeadais/saibhriú éagórach ar thaobh an aonáin rialáilte.
- Fachtóirí maolaithe: comhoibriú leis an rialtóir; mínithe ar an sárú nó teip comhoibriú e.g. sárú de thaisme nó dearmad? Iompar maith roimhe seo/eachtra aonair? Tráthúlacht maidir le freagra a thabhairt ar an ngníomh/gníomh a ghlacadh ar fhógra a fháil.
- Stair chomhlíonta an chiontóra – e.g. an chéad sárú? Sárú arís? Sárú leanúnach?
- Gníomhartha a glacadh chun iarmhairtí an tsáraithe a chur i gceart
- Ba cheart smaoineamh freisin ar fhorálacha sainráite a bhronnadh ar an rialtóir chun socruithe réitigh a chaibidliú, ag teacht le cleachtais eagraíochtaí rialála eile in Éirinn, d'fhoill teacht ar thorthaí tapúla agus cinnte agus ionas nach gcaithfear cásanna a chur ar aghaidh chuig na cúirteanna.

5.3.4.2 Fíneálacha Riaracháin

Tá cumhachtaí reatha an Údaráis maidir le smachtbhannaí airgeadais a eisiúint leagtha amach i gCaibidil 2 de Chuid 5 den Acht Craolacháin, 2009. Is beag idir cumhachtaí an Údaráis agus iad sin atá ar fáil faoi láthair do Bhanc Ceannais na hÉireann, agus a úsáideann an Banc go minic, go deimhin. I gcás an Údaráis, níor úsáideadh na forálacha maidir le smachtbhannaí airgeadais in Acht 2009 ach ar ócáid amháin. Ardaíodh an taithí a bhí ag roinnt comhlachtaí rialála in Éirinn ag cur a bhfeidhmeanna forfheidhmiúcháin i gcrích, ag tarraingt aird ar na srianta a bhain le fíneálacha riaracháin a eisiúint agus ag déanamh an cháis i gcomhair athchóirithe, i gcomhaighneacht a seoladh chuig an gCeathrú Clár um Athchóiriú an Dlí de chuid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí i mí na Nollag 2017. B'fhéidir gurbh fhiú smaoineamh ar ábhar na haighneachta sin nuair a bheidh na forálacha nua reachtúla á ndréachtú.

5.4 Conclúid

I dtuairim Údarás Craolacháin na hÉireann, tá na prionsabail agus na cumhachtaí comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin infheidhmithe thar an raon ábhar a bheidh le rialáil ag an rialtóir nua meán. Mar sin féin, caithfear tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcaoi a dtabharfar éifeacht do na prionsabail sin agus caithfear a bheith in ann iad a chur in oiriúint d'imthosca áirithe an ábhair agus na seirbhísí ar líne. Ag glacadh lena thaithí rialála i réimse na meán, seo obair a bheadh an tÚdarás an-sásta a dhéanamh sula ndéanfar na forálacha reachtúla a dhréachtú agus bheadh sé sásta cleachtais a scrúdú agus a mheas (cé go mbeadh sé fós sách teoranta) i ndlínsí eile.

Iarscríbhinn 1: Cinneadh a Dhéanamh an bhfuil Seirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán á Soláthar

Iarscríbhinn 1: Cinneadh a Dhéanamh an bhfuil Seirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán á Soláthar

Is é aidhm na hlarscríbhíne seo ar fhreagairt chomhairliúcháin an Údaráis na gnéithe casta atá sa sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán a phlé ar bhealach níos mionsonraithe, chun creat soiléir a chruthú inar féidir na gnéithe dlíthiúla sa sainmhíniú seo a chur i bhfeidhm agus modheolaíocht a bhunú chun seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a shainaithint.

Tá sé chuid i gceist leis:

1. Miondealú ar na gnéithe éagsúla den sainmhíniú dlíthiúil ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán.
2. Ba cheart plé mionsonraithe ar an gcoincheap maidir le dícheangal a dhéanamh, agus an chaoi a gcruthaíonn sé sin an creat inar cheart an critéar dlíthiúil sa sainmhíniú maidir le seirbhís ardáin comhroinnte físeán a chur i bhfeidhm.
3. Príomhfheidhmeanna na Seirbhíse VSP agus Feidhmeanna Coimhdeacha na Seirbhíse VSP
4. Plé mionsonraithe ar Thástáil an Phríomhchuspóra agus an critéar maidir le Feidhmiúlacht Fhíor-Riachtanach.
5. Sásraí reachtúla chun cabhrú le rialtóir teacht ar chinntí.
6. Togra i gcomhair modheolaíochta chun a chinneadh cibé an bhfuil seirbhís ardáin comhroinnte físeán á soláthar.

A1.1 Sainmhíniú Dlíthiúil ar Sheirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán

Tá roinnt codanna sa sainmhíniú dlíthiúil ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán atá le fáil sa Treoir. Nuair a dhéantar na codanna sin a roinnt ina ndeighleoga agus nuair a dhéantar cur síos orthu sa bhrí is simplí (a mhéid is féidir), tá siad mar seo a leanas:

- Is seirbhís í an tseirbhís chun críocha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, rud a chiallaíonn gur seirbhís í a chuirtear ar fáil de ghnáth i gcomhair luach saothair. Go bunúsach, ciallaíonn sé sin gur seirbhís í a ghineann ioncam don soláthraí seirbhíse nó do sholáthraithe seirbhíse eile a sholáthraíonn seirbhísí *den chineál céanna* (agus is féidir léi a bheith ina seirbhís nach gcuireann aon chostas airgid go díreach ar an tomhaltóir).
- Tá príomhchuspóir de chuid na seirbhíse nó feidhmiúlacht fhíor-riachtanach den tseirbhís tugtha do chláir a sholáthar, físeáin arna gcruthú ag úsáideoirí, nó an dá rud, don phobal d'fhonn eolas, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil. D'fhéadfadh seirbhís ina hiomláine a bheith i gceist leis an tseirbhís (e.g. suíomh gréasán nó feidhmchlár iomlán), nó, nuair is iomchuí, píosa de sheirbhís atá "in-dhícheangailte" ón gcuid eile den tseirbhís.
- Níl freagracht eagarthóireachta ag soláthraí na seirbhíse ar na cláir agus ar na físeáin a chruthaíonn an t-úsáideoir agus a uaslódáiltear chuig an tseirbhís (de réir mar a thugtar sainmhíniú ar an téarma "freagracht eagarthóireachta" sa Treoir). Ciallaíonn sé sin nach é soláthraí na seirbhíse a uaslódálann físeáin chuig an tseirbhís de ghnáth, nó ní dhéantar ar iarratas uathu é, nó i gcomhordú le daoine eile.

- Soláthraítear an tseirbhís trí líonraí cumarsáide leictreonaí de réir bhrí Airteagal 2 de Threoir 2002/21/CE. Áirítear leis seo idirlíon fosaithe agus soghluaiste.
- Is é soláthraí an ardáin comhroinnte físeán a chinneann an chaoi a n-eagraítear na cláir agus na físeáin arna gcruthú ag an úsáideoir ar an tseirbhís, lena n-áirítear trí bhealaí uathoibríocha nó trí algartaim, go háirithe trí léiriú, clibeáil agus seicheamhú. Ciallaíonn sé sin go gcruthaíonn agus go gcothaíonn an soláthraí seirbhíse smacht éifeachtach ar an gcreat inar féidir le húsáideoirí na seirbhíse físeáin a uaslódáil agus a rochtain.
- Más gníomhaíocht neamheacnamaíoch í an tseirbhís (ina n-áirítear seirbhísí atá dírithe ar inneachar closamhairc a sholáthar ar shuíomhanna gréasáin príobháideacha agus pobail leasa neamhthráchtála), déantar í a eisiáil ó raon feidhme na Treorach.

A1.2 In-dhícheangailteacht (dícheangal a dhéanamh): Creat chun na critéir dlíthiúla sa Sainmhíniú ar Ardán Comhroinnte Físeán a chur i bhfeidhm

Is é cuspóir dlíthiúil seirbhís ardáin comhroinnte físeán sa Treoir athbhreithnithe feidhmiú mar “thruicear” maidir leis na cosaintí in Airteagal 28b nuair atá seirbhís a chomhlíonann na cáilíochtaí atá sa sainmhíniú sin á cur ar fáil. I dtuairim an Údaráis, is é an pointe tosaigh chun creat agus modheolaíocht a chruthú inar féidir na critéir sa sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán a chur i bhfeidhm go comhleánúnach ná an coincheap maidir le “in-dhícheangailteacht”.

D’eascair an coincheap maidir le dícheangal a dhéanamh ó Chás C-347/14 Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.⁸ Rinneadh é a fhoirmlíú agus a ionchorprú isteach i dtéacs na Treorach ina leagan athbhreithnithe. Rinneadh iniúchadh sa chás a bhí i gceist *ar conas* ba cheart na critéir sa sainmhíniú ar sheirbhís atá cumhdaithe ag an Treoir a chur i bhfeidhm, agus rialaíodh gurb é an cur chuige ceart chun é sin a dhéanamh i gcás casta ná scrúdú a dhéanamh ar a mhéid is a dhéanann aon fheidhmiúlacht atá le feiceáil ar sheirbhís ailíniú leis an sainmhíniú, ann féin agus beag beann ar an gcreat ina dtairgtear é. ([...] “ní mór tosaíocht a thabhairt do chur chuige substaintiúil ina gcuimsítear, de réir na foclaíochta in Airteagal 1(1)(a)(i), scrúdú a dhéanamh ar cibé an ionann príomhchuspóir na seirbhíse atá i gceist, inti féin agus beag beann ar an gcreat ina dtairgtear í, ná cláir a sholáthar d’fhonn eolas, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil don phobal i gcoitinne”.) Meastar go bhfuil seirbhísí atá laistigh de raon feidhme an leagain athbhreithnithe den Treoir ar bhealach mar sin “in-dhícheangailte”.

Is é príomhaidhm an choincheapa maidir le dícheangal a dhéanamh (arna iniúchadh i gCás C-347/14) ná a chinntiú nach féidir na cosaintí arna ndeónú ag an Treoir maidir leis na seirbhísí a chumhdaíonn sé a sháru i gcás ina síneann nó ina gcuireann castacht an chreata ina dtairgtear iad srian ar theorainneacha sainmhíniú dlíthiúil ábhartha.

I gciall phraiticiúil, is é bun is barr Chás C-347/14 ná nuair atá iarracht á déanamh a chinneadh cibé an bhfuil seirbhís atá cumhdaithe ag an Treoir á soláthar, gur chóir neamhaird a thabhairt ar réamhthuairimí faoi cibé an bhfuil an tseirbhís atá á scrúdú laistigh den raon feidhme agus gur chóir cuardach a dhéanamh ar fheidhmiúlachtaí sonracha atá ar aon líne leis na critéir sa sainmhíniú dlíthiúil

⁸ Cás C-347/14

i.e. seachas cur chuige ón “mbarr anuas” a ghlacadh a thosaíonn ón réamhthuairim go bhfuil seirbhís VSP á soláthar agus iarracht a dhéanamh an sainmhíniú “a chur in oiriúint” timpeall ar an réamhthuairim sin, is é an cur chuige ba cheart a ghlacadh ná anailís a dhéanamh ar sheirbhís ón “mbonn aníos” ach tagairt a dhéanamh d’fheidhmiúlachtaí sonracha atá i láthair chun teacht ar chodanna den tseirbhís atá ailínithe leis an sainmhíniú.

Áireofar le codanna in-dhícheangailte de sheirbhísí meán sóisialta ar seirbhísí ardáin comhroinnte físeán iad an Fotha Nuachta ar Facebook nó an fotha ar Twitter atá inrochtana d’úsáideoirí ar a leathanach baile ar Twitter. Seo samplaí de sheirbhísí a sholáthraítear *trí* sheirbhís a bhfuil raon feidhmiúlachta níos leithne aici a ailíníonn go follasach le sainmhínte seirbhísí atá cumhdaithe ag an Treoir.

Freastalaíonn an coincheap maidir le dícheangal a dhéanamh freisin mar rud a chuireann teorainn le raon feidhme na Treorach. Luaitear sa Treoir *“nuair is cuid in-dhícheangailte de sheirbhís í an tseirbhís ardáin comhroinnte físeán, chun críocha Threoir 2010/13/AE, níor cheart ach an chuid sin den tseirbhís a chumhdach leis an Treoir sin agus i leith cláir agus físeán a rinne úsáideoirí amháin”*⁹, agus gur chóir seirbhísí meán sóisialta a chumhdach sa Treoir *“a mhéid is go gcomhlíonann siad an sainmhíniú de sheirbhís ardáin comhroinnte físeán”*.¹⁰

Dá bhrí sin, a luaithe is a shocraítear go bhfuil seirbhís ardáin comhroinnte físeán á soláthar, beidh sé tábhachtach teorainneacha an tsainmhínte seo a leagan síos d’fhonn a chinneadh cé hiad na gnéithe den tseirbhís atá i raon feidhme na Treorach agus cé hiad na cinn nach bhfuil. Is príomh-chomaoin é sin toisc nach bhfuil sé de dhualgas ar sholáthraí ardáin comhroinnte físeán ach cosaintí a thabhairt isteach i dtaca leis na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a sholáthraíonn sé seachas na seirbhísí uile a sholáthraíonn siad.

A1.3 Príomhfheidhmeanna na Seirbhíse VSP agus Feidhmeanna Coimhdeacha na Seirbhíse VSP

Tá dhá phríomhimpleacht ag an gcoincheap maidir leis an dícheangal is féidir a dhéanamh d’aon anailís a dhéanann rialtóir ar sheirbhís:

1. Aon ghné de sheirbhís a bhfuil raon leathan feidhmiúlachta aici (e.g. suíomh gréasáin meán sóisialta), a mhéid is go sásaíonn sí go neamhspleách an critéar dlíthiúil sa sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán, is féidir í a mheas mar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán.
2. Ní bheidh feidhm leis an Treoir ach amháin ar chodanna de sheirbhís atá faoi imscrúdú agus ina gcuimsítear cuid de sheirbhís ardáin comhroinnte físeán.

Is é tuairim an Údaráis, dá bhrí sin, ná gurb é an pointe tosaigh ciallmhar chun a chinneadh cibé an bhfuil seirbhís ardáin comhroinnte físeán á soláthar, ná scrúdú a dhéanamh ar sheirbhísí ón “tús ar fad”, chun na gnéithe uile a bhaineann le comhéadan úsáideora na seirbhíse lena mbaineann a

⁹ Aithris 6

¹⁰ Aithris 4

shainaithint, a d'fhéadfadh an sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán a chomhlíonadh ar bhonn neamhspleách agus ansin an critéar dlíthiúil a chur i bhfeidhm sa sainmhíniú a ghabhann leis na gnéithe sin. Tá an cur chuige sin comhsheasmhach leis an dá phríomhimpleacht léiritheacha a bhaineann leis an gcritéar maidir leis an dícheangal is féidir a dhéanamh a bhfuil cuntas air thuas, toisc go dtiocfaidh scrúdú iomlán cuimsitheach den tseirbhís atá i gceist as, cuirfear na forais ar fáil faoin gcúis go bhfuil na codanna sin áirithe laistigh de raon feidhme na Treorach agus déanfar codanna den tseirbhís nach cuid de sheirbhís ardáin comhroinnte físeán iad a eisiamh go nádúrtha.

Gné theicniúil chomónta nach mór a bheith i ngach seirbhís ardáin comhroinnte físeán beag beann ar aon ábhar eile is ea go mbeidh gné chomhéadain atá ar fáil go poiblí áirithe ar sheirbhís a thugann deis d'úsáideoirí amharc ar inneachar closamhairc a uaslódálann úsáideoirí eile. I dtuairim an Údaráis, ba cheart na cineálacha gnéithe comhéadain seo a úsáid mar shásraí “buneolais” nuair a bheidh anailís á déanamh ar sheirbhísí le feiceáil an bhfuil seirbhís ardáin comhroinnte físeán á soláthar, toisc go ngníomhaíonn siad mar phointí fócais atá inaitheanta go héasca chun na gnéithe “dlíthiúla” agus “teicniúla” den sainmhíniú a chur i bhfeidhm go comhleanúnach agus go córasach thar sheirbhísí difriúla. Ach seirbhísí “a mhiondealú” ar an mbealach sin, féadfar gnéithe comhéadain “comhchosúla” atá i gcoitinn ag seirbhísí difriúla a shainaithint níos éasca (e.g. an Fotha Nuachta, Fotha Twitter agus Fotha Instagram) agus féadfar modhanna rialála den chineál céanna maidir leis na feidhmeanna “comhchosúla” sin a fhorbairt thar sheirbhísí difriúla.

Dá bhrí sin, nuair atá imscrúdú á dhéanamh ar sheirbhís chasta, ilfheidhmeach cosúil le Facebook chun a chinneadh cibé an bhfuil seirbhís ardáin comhroinnte físeán á soláthar, ní bheadh “Facebook” mar a úsáidtear an téarma go coitianta mar fhócas an rialacháin *per se* ach, go háirithe, na gnéithe comhéadain úsáideora de Facebook is mó atá ailínithe leis an sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán sa Treoir (sampla amháin de sin is ea an Fotha Nuachta). Déanfar “líonra” nó “teasléaráid déine” de na gnéithe comhéadain sin i seirbhísí casta, ina mbeidh “nóid” idirghaolmhara de sheirbhís ardáin comhroinnte físeán ar féidir iad a shainaithint agus a rialáil ar bhonn comhchoiteann nó aonair de réir mar is cuí. Tá an cur chuige sin maidir le rialúchán ag teacht leis an gcomhréireacht a éilítear le tástáil Airteagal 28b.3, toisc go mbeidh na gnéithe den tseirbhís atá ailínithe leis an sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán mar “fhócas” ag na bearta rialála. Tá an cur chuige sin ag teacht freisin le hAithrisí 4 agus 6.¹¹

¹¹ Chabhródh plé breise maidir le cur i bhfeidhm foirmiúil an choincheapa maidir le dícheangal a dhéanamh i dtaca leis an gcritéar feidhmiúlachta fíor-riachtanaí, cé gur beag athrú a dhéanfaí sa chás seo ar an gcur chuige atá á chur chun cinn ag an Údarás maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a shainaithint agus a rialáil. Tá an tÚdarás den tuairim má táthar chun córas rialála praiticiúil a dhéanamh de na rialacha sa Treoir le haghaidh seirbhísí ardáin comhroinnte físeán go gcaithfear seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a shainaithint trí thagairt a dhéanamh d'fheidhmiúlachtaí sonracha atá ar ardáin a chomhlíonann an critéar sa sainmhíniú dlíthiúil ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán (beag beann ar cibé an úsáidtear tástáil an phríomhchuspóra nó an tástáil ar fheidhmiúlacht fhíor-riachtanach). D'fhéadfadh go leor gnéithe comhéadain den sórt sin a bheith ar aon ardán ar leith agus ní mór don tsamhail rialála a bheith in ann seasamh le leibhéil chosanta éagsúla a bhféadfaí bonn cirt a thabhairt dóibh faoi thástáil Airteagal 28b.3. I samhail an Údaráis chun seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a shainaithint agus a rialáil (i) táthar freagrach as an gcastacht a bhaineann le tástáil Airteagal 28b.3 a chur i bhfeidhm, (ii) cinntítear gur féidir rialacha rialála a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach thar sheirbhísí difriúla trí phríomhghnéithe “comhchosúla” a shainaithint thar na seirbhísí sin i gcomhcheangal le tascairí cuiditheacha comónta is féidir a chur i bhfeidhm go héasca chun Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán a shainaithint, agus (iii) cruthaítear bunús fíoriáidir don chaidreamh rialála idir an rialtóir agus aonáin rialaithe trína chinntiú nuair a bhaintear nó nuair a leasaítear aon ghné chomhéadain amháin ar an ardán nach mbaintear an bonn leis sin den bhunús i gcomhair rialúcháin maidir le gnéithe eile, rud as a dtiocfadh bunús foriomlán níos láidre chun rialúchán a chur i bhfeidhm (i.e. bunús dáilte i gcomhair rialúcháin seachas bunús aonair).


Cé nach n-úsáidtear na téarmaí sin sa Treoir, measann an tÚdarás go gcuimsíonn an sainmhíniú atá ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán a úsáidtear sa Treoir **Príomhfheidhmeanna na Seirbhíse VSP** agus **Feidhmeanna Coimhdeacha na Seirbhíse VSP** de chuid na n-ardán.

- Is ionann **príomhfheidhm na seirbhíse VSP** agus an ghné ábhartha de chomhéadan úsáideora ar sheirbhís a chomhlíonann na critéir dlíthiúla ábhartha go léir sa sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán. Is í an phríomhghné dolaghdaithe den tseirbhís VSP a sholáthraítear a spreagann cur i bhfeidhm rialacha na Treorach, agus lena gceadófar, i gcruth nó i bhfoirm éigin, d'úsáideoirí na seirbhíse inneachar closamhairc arna uaslódáil ag úsáideoirí eile a rochtain. Ar sheirbhísí meán sóisialta, beidh príomhfheidhm den tseirbhís VSP i bhfoirm fotha inneachair go minic (sampla maith de seo is ea Fotha Nuachta Facebook). I gcleachtas, ar sheirbhísí meán sóisialta casta, gach seans go gcuimseofar le gnéithe iomadúla na seirbhíse príomhfheidhmeanna VSP.
- Is ionann **feidhm choimhdeach den tseirbhís VSP** agus gné seirbhíse a idirghníomhaíonn leis an rochtain atá ag úsáideoir ar an bpríomhfheidhm den tseirbhís VSP atá á soláthar, nó úsáid na feidhme sin, agus a dhéanfaidh difear don rochtain sin, mar aon leis an gcineál inneachair a bheidh le feiceáil air, ach nach féidir a mheas go neamhspleách ann féin nó inti féin mar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán ar anailís dhlíthiúil. Ní gá d'fheidhmeanna coimhdeacha seirbhíse VSP a bheith le feiceáil ar an suíomh gréasáin céanna/"leathanach" comhéadain céanna leis an bpríomhsheirbhís VSP, agus téarmaí agus coinníollacha na seirbhíse, a leathanach logála isteach (ina dtugtar rochtain ar an tseirbhís VSP), córais fógraí nó aon líon de ghnéithe comhéadain ag a mbíonn idirghníomhú díreach leis an tseirbhís VSP nó a dhéanann difear di a áireamh.

Is féidir údar a thabhairt do chuimsiú feidhmeanna coimhdeacha seirbhíse VSP laistigh de raon feidhme an tsainmhínithe ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán trí thagairt a dhéanamh do ghnéithe an ardáin comhroinnte físeán a bhfuil cuntas air in Airteagal 28b.3, ina n-áirítear: téarmaí seirbhíse ardáin, sásraí dearbhaithe ACC, sásraí tuairiscithe agus foláirimh, córais fíoraithe aoise, córais rátála inneachair, córais scagaire teaghlaigh, nósanna imeachta chun gearáin a láimhseáil agus uirlisí um thuiscint ar na meáin. Ní chomhlíonann ceachtar de na gnéithe seo go neamhspleách an sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán nuair a dhéantar iad a anailísiú ina n-aonar, ach cuirtear ar fáil iad in ionad sin mar fheidhm choimhdeach le seirbhís ardáin comhroinnte físeán atá á soláthar.

Léirítear sa léaráid seo a leanas an chaoi a bhféadfadh feidhm a bheith leis an tuairim sin maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán i dtaca le seirbhís meán sóisialta chasta a sholáthraíonn seirbhís VSP aonair, in-dhícheangailte.

Iarscríbhinn 1: Cinneadh a Dhéanamh an bhfuil Seirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán á Soláthar



A luaithe is a bheidh cinneadh déanta go bhfuil seirbhís ardáin comhroinnte físeán **á soláthar** (i.e. tá príomhfheidhm den tseirbhís VSP ann, ar a laghad), de réir aithris 4 agus 6, ní mór tástáil in-dhícheangailte a dhéanamh ansin le cinneadh cé na codanna den tseirbhís ar feidhmeanna coimhdeacha den tseirbhís VSP iad agus cé na codanna nach cuid den tseirbhís ardáin comhroinnte físeán atá á soláthar iad agus nach bhfuil feidhm leo dá réir sin maidir leis an Treoir.

Nuair a chinntear in-dhícheangailteacht sa chomhthéacs seo cinntear chomh mór is a dhéanann feidhmiúlacht na seirbhíse faoi imscrúdú idirghníomhú bríoch leis an úsáid a bhaineann úsáideoir as an bpríomhsheirbhís VSP atá sainaitheanta, agus a dhéanann difear don idirghníomhú sin, agus aird ar na cosaintí a bhí beartaithe a thabhairt do lucht féachana leis an Treoir.

Caithfear feidhmeanna coimhdeacha na Seirbhíse VSP a chinneadh cás ar chás, ag brath ar an tseirbhís atá á soláthar. D'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh le samplaí de fheidhmeanna coimhdeacha seirbhíse VSP ar sheirbhís meán sóisialta chasta:

Córais Mholta
Córais Fógraí
Socruithe
Fógraí Closamhairc
Próisis Déanta Gearán

Córais Foláirimh Inneachair
Téarmaí Seirbhíse
Sásraí Fíoraithe Aoise
Bearta Scagaire Teaghlaigh
Sásraí Cuardaigh

Córais logála isteach
Sásraí Uaslódála
Beartais Inneachair
Algartaim Inneachair
Sásraí “Blocála”

Seans go mbeidh na gnéithe difriúla seo ar fad mar chuid de sheirbhís ardáin comhroinnte físeán atáthar a sholáthar a mhéid is go ndéanann siad difear do rochtain ar phríomhfheidhm seirbhíse VSP, nó d'úsáid na seirbhíse sin, nó gur gnéithe iad de sheirbhís a d'fhéadfadh rialtóir iarraidh ar sholáthraí VSP a athrú nó a thabhairt isteach anuas ar Airteagal 28b den Treoir ionas go gcomhlíonfaidh seirbhís VSP na rialacha a eascraíonn ón Treoir.

I gcás ina sainaithnítear go bhfuil seirbhís VSP á soláthar trí sheirbhís meán sóisialta, ciallóidh an chastacht a bhaineann de ghnáth le seirbhísí meán sóisialta nua-aoiseacha go ndéanfaidh gné den ardán ina gcuimsítear cuid de sheirbhís VSP difear don fheidhmiúlacht ar an ardán nach mbeidh baint aici le soláthar na seirbhíse VSP sin nó seirbhísí eile VSP atá i láthair ar an tseirbhís chéanna. Cuir i gcás, tugann leathanach logála isteach Facebook (feidhm choimhdeach den tseirbhís VSP) rochtain ar an bhfotha nuachta (príomhfheidhm de chuid na seirbhíse VSP) mar aon leis na halbaim grianghraf (seans nach cuid de sheirbhís ardáin comhroinnte físeán é sin). Is feidhm choimhdeach den tseirbhís VSP é an leathanach logála isteach ar Facebook freisin a bhaineann le Facebook Watch (príomhfheidhm eile den tseirbhís VSP). Ní ghníomhaíonn nádúr idirghaolmhar na bhfeidhmiúlachtaí éagsúla atá ar an ardán mar bhac ar chur i bhfeidhm rialacha na Treorach. Ní mór an Treoir a léamh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach comhoiriúnach agus comhlántach lena chinntiú go gcomhlíonfar an caighdeán cosanta a theastaíonn maidir le gach seirbhís VSP.

A1.4 Seirbhísí VSP príomhchuspóra agus Seirbhísí VSP le Feidhmiúlacht Fhíor-Riachtanach

Samhlaítear dhá “phríomhchineál” seirbhísí ardáin comhroinnte físeán sa sainmhíniú dlíthiúil ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán sa Treoir.

Is é an chéad chineál seirbhíse ardáin comhroinnte físeán ná “**seirbhís VSP príomhchuspóra**”. Seo seirbhís (lena n-áirítear cuid in-dhícheangailte de sheirbhís níos leithne) a chomhlíonann na cáilíochtaí comónta sa sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán agus tá príomhchuspóir na seirbhíse tugtha do chlár a sholáthar, físeán arna nginiúint ag úsáideoirí, nó an dá cheann, don phobal, d'fhonn eolas a thabhairt, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil.

Is é an dara cineál seirbhíse ardáin comhroinnte físeán “**seirbhís VSP le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach**”. Seo seirbhís (lena n-áirítear cuid in-dhícheangailte de sheirbhís níos leithne)¹² a chomhlíonann na cáilíochtaí comónta sa sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán agus tá feidhmiúlacht fhíor-riachtanach den tseirbhís tugtha do chlár a sholáthar, físeán arna nginiúint ag úsáideoirí, nó an dá cheann, don phobal, d'fhonn eolas a thabhairt, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil.

A1.4.1 Seirbhísí VSP Príomhchuspóra

Is maith a thuigtear raon feidhme agus teorainneacha thástáil an phríomhchuspóra – go bhfuil príomhchuspóir seirbhíse tugtha d'inneachar closamhairc a sholáthar don phobal d'fhonn eolas a thabhairt, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil.

¹² Féach fonóta 9 thuas.

Agus tástáil an phríomhchuspóra á cur i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí atá á scrúdú le féachaint an seirbhísí ardáin comhroinnte físeán iad, ní dhealraíonn sé go samhlaítear méid suntasach d'athrú ciallmhar sa Treoir athbhreithnithe maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn an tástáil i gcleachtas. Go bunúsach, teastaíonn measúnú iomasach a dhéanamh sa tástáil maidir le chomh mór agus is féidir an soláthar rochtana ar inneachar closamhairc atá beartaithe chun eolas a thabhairt, siamsaíocht agus oideachas a chur ar fáil ar an tseirbhís a mheas mar an príomhchuspóir dá bhfuil seirbhís á cur ar fáil.

Cé gur rud nua a bheidh ann tástáil an phríomhchuspóra a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí faoi imscrúdú le féachaint cibé an ardáin comhroinnte físeán iad, ní dóigh leis an Údarás go dtiocfaidh aon phointí móra míthuisceana nó castachta chun cinn agus sin á dhéanamh. Ar an mbealach is soiléire, beidh seirbhís cosúil le YouTube i bhfoirmeacha éagsúla (e.g. feidhmchláir shoghluaiste) le rialáil mar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán príomhchuspóra beagnach ina hiomláine.

Mar a pléadh roimhe seo, d'fhéadfadh codanna in-dhícheangailte de sheirbhísí meán sóisialta a bheith le rialáil freisin mar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán trí thástáil an phríomhchuspóra. Cuir i gcás, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh fotha inneachair ag seirbhís meán sóisialta a mbeadh feidhmiúlachtaí difriúla aici nach soláthraíonn ach físeáin amháin nó go bhfuil “rannán” físeán ag seirbhís ar rud ar leith é ón gcuid eile den fheidhmiúlacht a sholáthraíonn sí.

A1.4.2 Seirbhísí VSP le feidhmiúlacht riachtanach

Is coincheap nua é an critéar maidir le “feidhmiúlacht fhíor-riachtanach” atá le feiceáil sa leagan is déanaí den Treoir agus den chéad uair riamh, go deimhin. Is comhchuid é sa sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán lena bhforáiltear i gcás arb é feidhmiúlacht fhíor-riachtanach seirbhíse faoi imscrúdú cláir a sholáthar, físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí, nó an dá cheann, don phobal i gcoitinne d'fhonn eolas a thabhairt, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil, go mbeidh feidhm leis an Treoir maidir le seirbhís den sórt sin chomh fada is go gcomhlíontar na gnéithe eile ar fad sa sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán.

Bhí go leor cur is cúiteamh le linn phróiseas dréachtaithe na Teorach maidir leis an gcaoi ina gcuirfear an critéar maidir le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach i bhfeidhm. Rud cabhrach, anuas ar Aithris 5 den Treoir athbhreithnithe, ná go gcuirfidh an Coimisiún Eorpach treoir mhionsonraithe ar fáil faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe an critéar sin a chur i bhfeidhm.

Gan dochar d'aon treoir a thairgfídh an Coimisiún Eorpach maidir leis an gceist seo sa todhchaí, ba mhaith leis an Údarás an deis seo a thapú le linn Chomhairliúchán na Roinne chun roinnt tuairimí a thabhairt ar chuid de na tosca ábhartha a d'fhéadfaí a bhreithniú ina iarratas.

A1.4.3 Cuspóir an chritéir maidir le Feidhmiúlacht Fhíor-Riachtanach

Agus an critéar maidir le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach á thabhairt isteach agus á cheadú sa sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán sa Treoir, d'aithin na hInstitiúidí Eorpacha nár leor tástáil an phríomhchuspóra inti féin chun leibhéal cosanta iomchuí a thabhairt do lucht féachana maidir le hinneachar closamhairc a chuirtear ar fáil ar idirlíon na linne seo. Murach gur cuireadh an critéar maidir le “feidhmiúlacht fhíor-riachtanach” san áireamh sa sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte

físeán, seirbhísí meán sóisialta a bhfuil éileamh orthu cosúil le Facebook agus Twitter, a bhféadfadh sé nach soláthar inneachar closamhairc a bpríomhchuspóir, ach a thugann rochtain ina ainneoin sin ar lear mór inneachar closamhairc gach lá do na céadta milliún duine san Eoraip, bheadh seirbhísí den sórt sin lasmuigh de raon feidhme na Treorach. Ba é an bunchuspóir ar tugadh isteach an tástáil maidir le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach ná go gcuirfí seirbhísí cosúil leo sin laistigh de raon feidhme na Treorach.

A1.4.4 Cur i bhfeidhm Praicticiúil an Chritéir maidir le Feidhmiúlacht Fhíor-Riachtanach

Agus an méid roimhe seo á bhreithniú, tá an tÚdarás den tuairim nár chóir léirmhíniú caol a thabhairt ar an gcoincheap maidir le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach, ach gur chóir é a léirmhíniú ar bhonn leathan ina gcuimsítear imthosca difriúla éagsúla ina bhféadfaí údar a thabhairt le cur i bhfeidhm na gcosaintí atá ar fáil sa Treoir. Ach léirmhíniú leathan a thabhairt ar an gcritéar feidhmiúlachta fíor-riachtanaí féadtar an cuspóir dar tugadh isteach an coincheap a chur in iúl go hiomlán.

Dá mbeadh sé i gceist go dtabharfaí léirmhíniú teoranta nó caol ar fheidhmiúlacht fhíor-riachtanach, d'fhéadfadh na hInstitiúidí Eorpacha teorainn a chur leis an gcoincheap i dtéacs na Treorach. Ina ionad sin, fágadh an coincheap maidir le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach “oscailte” a bheag nó a mhór ionas go bhféadfaí an Treoir a chur i bhfeidhm go hiomlán agus ar bhealach solúbtha ar raon seirbhísí difriúla nach gcomhlíonann tástáil an phríomhchuspóra ach a thugann rochtain ina ainneoin sin ar lear mór inneachar closamhairc ar bhealach a éilíonn cosaint.

I dtuairim an Údaráis, caithfear feidhmiúlacht fhíor-riachtanach a léirmhíniú dá bhrí sin mar rud ina gcuimsítear **feidhmiúlacht fhíor-riachtanach iarbhír** agus **feidhmiúlacht fhíor-riachtanach chuiditheach**.

Cinntear **feidhmiúlacht fhíor-riachtanach iarbhír** le tagairt don chaoi ina bhfuil seirbhís áirithe á soláthar i gcleachtas agus tábhacht an tsoláthair inneachar closamhairc i gcoibhneas leis an tseirbhís sin. Agus feidhmiúlacht fhíor-riachtanach iarbhír á cinneadh, d'fhéachfadh duine ar a mhéid is atá soláthar clár agus físeán a rinne úsáideoirí d'fhonn eolas a thabhairt, siamsaíocht agus oideachas a chur ar fáil fíor-riachtanach maidir le seirbhís ar leith a sholáthar.

Féachtar i **bhfeidhmiúlacht fhíor-riachtanach chuiditheach** ar fheidhmiúlacht fhíor-riachtanach ó pheirspictíocht theibí ina ndéantar scrúdú ar cibé ar chóir don Treoir feidhm a bheith aici do *chineál* áirithe seirbhíse. Go bunúsach, fiafraítear leis an gcur chuige seo cibé an bhfuil feidhmiúlacht i láthair ar sheirbhís faoi imscrúdú atá tugtha do chlár nó físeáin a sholáthar d'fhonn eolas a thabhairt, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil, agus *dá bhfuil sé riachtanach go mbeadh feidhm ag cosaintí na Treorach ina leith*. Má tá a leithéid d'fheidhmiúlacht ann, is “feidhmiúlacht fhíor-riachtanach” í. Cinntear feidhmiúlacht fhíor-riachtanach leis an gcur chuige seo ag tagairt do chritéar oibiachtúil, teibí ar féidir é a chur i bhfeidhm thar gach seirbhís *chomhchosúil*, agus aird ar na cineálacha cosaintí a shamhlaítear sa Treoir agus an cuspóir dar thug na hInstitiúidí Eorpacha isteach iad. D'áireofaí leis sin measúnuithe ar thosca amhail líon iomlán na n-úsáideoirí ar sheirbhís atáthar á nochtadh d'inneachar closamhairc ar bhealach a shamhlaítear leis an Treoir, an t-achar ama atá siad á nochtadh dó, an tionchar a bhíonn ag seirbhís, agus an dóchúlacht go dtarlódh an dochar a shamhlaítear leis an Treoir ar sheirbhís.

Má chomhlíonann seirbhís atá faoi imscrúdú na táscairí ó cheann amháin de na cuir chuige maidir le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach nó an dá cheann, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir leis an tseirbhís sin.

A1.4.5 Sampla Praiteiciúil: Feidhmiúlacht Fhíor-Riachtanach Iarbhír agus Chuiditheach

Cuireann rátaí tomhaltais inneachair closamhairc úsáideoirí ar sheirbhísí difriúla sampla áisiúil i láthair chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi ina gcuimsítear gnéithe iarbhír agus cuiditheacha le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach. Cuir i gcás, an dá fhotha inneachair hipitéiseacha seo a leanas a chur i gcomparáid lena chéile:

Fotha Inneachair A	Fotha Inneachair B
<ul style="list-style-type: none">- 1 Mhilliún Úsáideoir Eorpach- 40% d'am féachana úsáideoirí tiomnaithe d'fhéachaint ar inneachar closamhairc	<ul style="list-style-type: none">- 300 Milliún Úsáideoir Eorpach- 10% d'am féachana úsáideoirí tiomnaithe d'fhéachaint ar inneachar closamhairc

Sa chás seo, d'fhéadfaí Fotha Inneachair A a mheas mar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán a chomhlíonann an tástáil ar fheidhmiúlacht fhíor-riachtanach ar fhorais iarbhír. Cuimsítear le soláthar inneachair closamhairc sciar sách suntasach d'inneachar closamhairc a sholáthraítear ar bhonn laethúil agus a bhféadfaí é a mheas go fíorasach mar ábhar atá riachtanach do sholáthar na seirbhíse, in ainneoin líon sách íseal úsáideoirí i gcomhthéacs uile-Eorpach. Seans go bhféadfadh an tseirbhís tástáil an phríomhchuspóra a shásamh chomh maith, ag brath ar chomh mór is a dhéanann soláthar inneachair closamhairc ar an tseirbhís díreach príomhghníomhaíocht na seirbhíse a chomhlánú ar bhonn in-dhícheangailte.

Comhlíonann Fotha Inneachair B an tástáil ar fheidhmiúlacht fhíor-riachtanach ar bhonn cuiditheach i ngeall ar an líon iomlán inneachair closamhairc a úsáidtear ar an tseirbhís. Ar mhaithe le léiriú a thabhairt, má chaith meán-úsáideoir ar sheirbhís 1 uair an chloig in aghaidh an lae ag úsáid inneachair ar an dá ardán, thar bhliain amháin, bheadh 17,000 bliain d'inneachar closamhairc ídithe ag Fotha Inneachair A agus bheadh 1,250,000 bliain d'inneachar closamhairc ídithe ag Fotha Inneachair B. Sa sampla seo, déantar inneachar closamhairc iomlán a ídiú 74 uair níos mó ar Fotha Inneachair B i mbliain amháin, in ainneoin go gcaitheann an meán-úsáideoir ar Fotha Inneachair B 18 nóiméad níos lú sa lá ag ídiú inneachar closamhairc.

Agus aird ar an gcuspóir dar tugadh isteach an critéar maidir le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach an chéad lá riamh, agus na cosaintí atá beartaithe leis an Treoir, bheadh sé amaideach agus contrártha go bunúsach leis an gcuspóir sin i gcás nach mbeadh feidhm leis na cosaintí sin a bhí le tabhairt do lucht féachana leis an Treoir ar sheirbhísí cosúil le Fotha Inneachair B. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar an rún soiléir gan athbhrí atá ag na hInstitiúidí Eorpacha seirbhísí cosúil leo sin atá laistigh de raon feidhme na Treorach a chur san áireamh sa phróiseas dréachtaithe, an tionchar thar cuimse a bheadh ag seirbhísí den sórt sin de thoradh scála an inneachair chlosamhairc a sholáthraíonn siad, agus an

baol díobhálach a shamhlaítear leis an Treoir a tharlódh d'úsáideoirí na seirbhíse. Tá Aithris 4 den Treoir go háirithe tábhachtach sa chomhthéacs seo.¹³

Sa deireadh thiar, cé go mbeidh éagsúlacht sa bhealach a dhéantar inneachair closamhairc a sheachadadh d'úsáideoirí gach uile seirbhíse, tá an fheidhmiúlacht a thugtar ar gach aon seirbhís dar beartaíodh rúin na Treorach a chur i bhfeidhm mar an gcéanna – ídiú inneachair closamhairc. Dá mba é an cur chuige “iarrbhír” caol an t-aon chur chuige a ghlacfaí maidir le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach, toisc go bhfuil níos lú inneachair closamhairc á ídiú i gciall “choibhneasta” ar Fhotha Inneachair B, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhac ar chur i bhfeidhm rialacha na Treorach, in ainneoin go dtugann sé sa chiall “lán” rochtain ar líon i bhfad níos mó inneachair closamhairc ná mar a thugann Fotha Inneachair A.

A1.4.6 Critéir Theicniúla agus Táscairí vs Iomas

I léirmhíniú ar fheidhmiúlacht fhíor-riachtanach ina gcuimsítear comhchodanna iarrbhír agus cuiditheacha araon, tugtar glór do chinntí réasúnacha, soiléire agus iomasacha maidir leis na seirbhísí ba cheart agus nár cheart a chumhdach sa Treoir mar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán.

Úsáideadh an táscaire maidir le hídiú inneachair closamhairc sa sampla a bhfuil cur síos déanta air thuas mar léiriú ar an gcúis gur chóir seirbhísí mar Fhotha Inneachair B a bheith cumhdaithe sa Treoir. I gcleachtas, seans go bhfuil an cur chuige a ghlactar sa sampla seo níos casta ná mar is gá dó a bheith, toisc gur deacair a shamhlú cén chaoi nach mbeadh seirbhísí le breis is 50 milliún úsáideoir a sholáthraíonn feidhmiúlacht chlosamhairc ar an mbealach a shamhlaítear leis an Treoir cumhdaithe ag a cuid cosaintí, mura bhfuil ídiú den chineál sin diomaibhseach agus neamhshuntasach nó nach bhfuil sé de chuspóir leo faisnéis a roinnt, nó siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil. Is ar an gcúis sin gur bhain an tÚdarás de thátal as ar bhonn iomasach gur seirbhísí ardáin comhroinnte físeán le “feidhmiúlacht fhíor-riachtanach” iad na seirbhísí atá liostaithe i Rannán 2 den fhreagairt chomhairliúcháin seo.

Cé go bhféadfadh meadarachtaí agus measúnú ar chritéir theicniúla a bheith áisiúil chun cabhrú le rialtóir cinneadh a dhéanamh cé na seirbhísí atá cumhdaithe leis an Treoir, ba cheart cuimhneamh gur cleachtadh iomasach a bheidh go bunúsach in aon chinneadh a dhéanfar maidir le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach ina ndéanfar measúnú ar a mhéid is a chomhlíonann seirbhís tástáil “dhlíthiúil” seachas tástáil theicniúil. Beidh sé ríthábhachtach gan cur chuige rótheicniúil maidir le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach a chinneadh toisc gur féidir le gnéithe teicniúla seirbhísí athrú go tobann, agus go bhféadfaí cosaintí a sháru dá bharr sin, ach is féidir leis na táscairí i gcur chuige atá dírithe ar an mbaol díobhála d'úsáideoirí agus an gá atá ann cosaintí na Treorach a chur i bhfeidhm a bheith comhsheasmhach thar sheirbhísí difriúla is cuma cé na hathruithe a dhéantar ar an gcomhéadan ina soláthraítear iad.

¹³ Aithris 4: “Trí mheán seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, soláthraítear inneachair closamhairc agus tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine sa phobal i gcoitinne, daoine óga go háirithe, a bhfuil rochtain acu air. Is fíor an méid sin freisin maidir le seirbhísí meán sóisialta ar meáin thábhachtacha iad chun faisnéis a roinnt, siamsaíocht agus oideachas a chur ar fáil, lena n-áirítear rochtain a sholáthar ar chlár agus ar fhíseán ó úsáideoirí. Is gá na seirbhísí meán sóisialta sin a chur san áireamh i raon feidhme Rialachán 2010/13/AE toisc go bhfuil siad in iomaíocht le seirbhísí meán closamhairc do na pobail mheáin chéanna agus don ioncam céanna. Ina theannta sin, bíonn tionchar suntasach acu mar tugann sé deis d'úsáideoirí tuairimí úsáideoirí eile a mhúnlú agus dul i bhfeidhm orthu. Dá bhrí sin, d'fhonn leanaí mionaoiseacha a chosaint ar inneachair díobhálach agus gach saoránach a chosaint ar ghriósú chun fuatha, ar fhoréigean agus ar sceimhlitheoireacht, ba cheart na seirbhísí sin a chumhdach le Treoir 2010/13/AE a mhéid a chomhlíonfar an sainmhíniú ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán”.

Chuirge sin, an phríomhcheist a bhaineann le cinneadh a dhéanamh faoi cibé an bhfuil feidhm le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach ó pheirspictíocht chuiditheach ná gan fiafraí *an* bhfuil feidhm leis an Treoir, ach in ionad sin fiafraí *ar chóir* feidhm a bheith le seirbhísí den sórt sin agus aird ar an ngá atá ann cosaintí a chur i bhfeidhm do lucht féachana agus do rúin na nInstitiúidí Eorpacha.

Ar an mbunús sin, agus faoi obair mhionsonraithe breise ina bhforbrófar tairseacha agus eisceachtaí, airíonn an tÚdarás go bhféadfaí na tosca seo a leanas a fhorbairt mar tháscairí is féidir a chur i bhfeidhm go héasca, atá lárnach, agus cuiditheach agus a chinneann cibé an gcomhlíonann seirbhís an tástáil maidir le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach:

- Líon na n-úsáideoirí ar sheirbhís atá á nochtadh d'inneachar closamhairc arna uaslódáil ag úsáideoirí eile na seirbhíse.
- Líon na mionaoiseach atá á nochtadh d'inneachar closamhairc arna uaslódáil ag úsáideoirí eile.
- An t-inneachar closamhairc iomlán a ídítear ar an tseirbhís i dtréimhse ar leith.
- A mhéid is a chuirtear luach airgid ar inneachar closamhairc úsáideoirí ar an ngné chomhéadan e.g. an t-ioncam a ghintear ó chumarsáid tráchtála closamhairc íoctha.

Tá an baol ann i gcónaí go gcuirfidh “cásanna imeallacha” brú nó strus ar aon táscairí. In imthosca mar sin, caithfear cinntí a dhéanamh ar bhonn cás ar chás.

A1.5 Uirlis chun Réamhfaisnéis a Bhailiú

D'fhonn a chinneadh cibé an bhfuil seirbhís ardáin comhroinnte físeán á soláthar, mar réamhchéim, teastóidh uirlis reachtúil ó rialtóir a chuirfidh dualgas ar sholáthraithe seirbhísí a *bhféadfadh* sé gur seirbhísí ardáin comhroinnte físeán iad cineálacha áirithe faisnéise a chur ar fáil don rialtóir maidir lena seirbhís. Chaithfeadh an rialtóir an fhaisnéis sin a mheas ansin le cinneadh cibé an bhfuil seirbhís ardáin comhroinnte físeán á soláthar.

Ag glacadh leis gur féidir seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a sholáthar go bunúsach trí aon líonra cumarsáide leictreonaí, ba cheart go mbeadh raon na seirbhísí a gcuirfear an uirlis seo i bhfeidhm orthu sách leathan, agus ba cheart machnamh cúramach a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibreoidh sé i gcleachtas. Ba cheart go gcumhdófaí san uirlis freisin faisnéis atá riachtanach chun dlínse seirbhíse faoi rialacha na Treorach a dheimhniú freisin.

A1.6 Cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil Seirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán á soláthar

Mar achomair, airíonn an tÚdarás gur féidir seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a shainaithint trí bhíthin na modheolaíochta seo a leanas ina bhfuil ceithre chéim:

1. Gné comhéadain úsáideora de sheirbhís a shainaithint lena ndéantar úsáideoirí a nochtadh d'inneachar closamhairc arna uaslódáil ag úsáideoirí eile.
2. Uirlis bailithe réamhfaisnéise a úsáid chun faisnéis a bhailiú ó sholáthraí na seirbhíse atá ábhartha chun a chinneadh cibé an seirbhís ardáin comhroinnte físeán í an tseirbhís.
3. Measúnú a dhéanamh ar cibé an gcomhlíonann an ghné comhéadain úsáideora atá i gceist an sainmhíniú dlíthiúil ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán, ag cinneadh i rith an phróisis cibé

ar seirbhís ardáin comhroinnte físeán príomhchuspóra í nó seirbhís ardáin comhroinnte físeán le feidhmiúlacht fhíor-riachtanach. Sainithnítear **príomhfheidhmeanna seirbhíse VSP** leis seo.

4. Tástáil ar an dícheangal is féidir a dhéanamh le cinneadh cé na gnéithe den tseirbhís ina gcuimsítear **feidhmeanna coimhdeacha na seirbhíse VSP** agus na gnéithe den tseirbhís nach bhfuil feidhm ag an Treoir maidir leo.